

L.O.

952

STAIR AGUS FORBAIRT NA DRÁMAÍOCHTA GAEILGE

(ó thús go dtí 1989)

le Caoimhe Ní Bhaoighill, B.A.

Tráchtas don chéim M.A.
in Ollscoil na hÉireann
a cuireadh ar fáil do:

ROINN NA NUA-GHAEILGE, COLÁISTE PHÁDRAIG,
MAIGH NUAD.

*Ceann na Roinne: An tOllamh P. Ó Fiannachta
Stiúrthóir Oifigiúil: An Dr. D. Ó Muirí.*

FÓMHAR 1989

Do mo mhuintir

CLÁR

lch**Buiochas**

Réamhrá	1-3
Caibidil 1 ón túis go 1899	4-22
1 - Céadfhás na drámaiocht. 2 - An Dráma in Éirinn. 3 - The Irish Literary Theatre.	
Caibidil 2 1899 - 1922	23-54
1 - Na drámai tosaigh. 2 - An tOireachtas agus an drámaiocht. 3 - Ceoldráma i nGaeilge. 4 - Irish National Theatre Society. 5 - Na hAisteoirí agus na Cluicheoirí. 6 - Pádraig Mac Piarais agus an tÉiri Amach.	
Caibidil 3 1922 - 1932	55-92
1 - An Comhar Drámaiochta. 2 - Amharclann na Mainistreach. 3 - An Phéacóg agus an Geata. 4 - Taibhdhearc na Gaillimhe.	
Caibidil 4 1932 - 1954	93-133
1 - Aisteoiri Ghaoth Dobhair. 2 - An Comhar Drámaiochta. 3 - An Cumann Scoildrámaiochta. 4 - Amharclann na Mainistreach. 5 - Geamaireachtai as Gaeilge in Amharclann na Mainistreach. 6 - Taibhdhearc na Gaillimhe.	
Caibidil 5 1954 - 1989	134-181
1 - An Damer. 2 - An Chomhairle Náisiúnta Drámaiochta 3 - Chomhlachas Náisiúnta Drámaiochta. 4 - Aisteoiri Ghaoth Dobhair. 5 - Amharclann na Mainistreach. 6 - Taibhdhearc na Gaillimhe.	
Conclúid	182-187
Fo-nótai	188-195
Liosta Leabhar	195-217

Buiochas

Ba mhaith liom buiochas a ghábhail le mo stiúrthóir, An Dr. Damien Ó Muiri, a stiúraigh mo chuid oibre agus leis an Athair Pádraig Ó Fiannachta, as an tráchtas a léamh agus treoir a thabhairt dom. Táim buioch leis d'fhoireann Roinn na Nua-Ghaeilge, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad, a bhronn a gcomhairle agus a gcairdeas orm le linn mo thréimhse i Má Nuad.

Tá moladh agus buiochas ag dul don Dr. Muireann Ni Bhrolcháin, a spreag an drámaíocht ionam ón túis agus a chabhraigh go fial liom agus mé ag scriobh an tráctais seo.

Tá a lán daoine a roinn a n-eolas agus a dtaithi ar dhrámaíocht na Gaeilge orm agus mar sin tá buiochás faoi leith ag dul dóibh go léir: Seán Ó Morónaigh (Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta); Seán Stafford (Taibhdhearc na Gaillimhe); Máire Nic Ghiolla Easbuic agus Áine Nic Ghiolla Bhride (Aisteoirí Ghaoth Dobhair); Criostóir Ó Floinn (Drámadóir) agus Riobard Mac Goráin (Gael Linn).

Tá daoine faoi leith a thug cabhair dom agus mé i mbun na clóscriobhneoireachta, Gearóidín Ni Ruadhain, Barry Mac Mennamin, Verona Ni Bhroinn agus Seán Mac Broin.

Gabháim buiochas le Pól Ó Gormáin agus
Seosamh Mac Suibhne a d'oirbriugh go dicheallach ag
léamh an tráchtas seo.

Do mo chairde go léir a chuir suas liom, agus
mé i mbun na hoibre seo.

Agus mo bhuiochas speisialta do mo
thuismitheoirí, mo dheirfiúracha agus dheardháireacha a
thug misneach dom agus a ghriosáigh mé chun oibre i
gcónai.

Réamhrá

Is í an aidhm a chuireas romham sa tráchtas seo ná stair agus forbairt na drámaiochta Gaeilge sa tir seo a riomhadh agus a mheas. Ón staidéar atá déanta agam ar dhrámaiocht na Gaeilge is féidir liom a rá nár tugadh aitheantas ceart di go fóill agus gur beag léirmheastóireacht atá déanta uirthi dá bharr sin. "Genre" beo is ea an drámaiochta ach ní bhionn beocht ar bith aici ar pháipéar; tá gá le léirmheastóireacht ionraic, thar chnámha, "thaitin sé liom", "níor thaitin sé liom" atá le fáil sa ghnáthléirmheas faoi láthair.

Agus an tráchtas seo á scriobh agam rinne mé iarracht freastal go pearsanta ar gach gné den "genre", ag léamh agus ag stáidéar, ag aisteoireacht, ag léiriú agus ag féachaint ar dhrámai Gaeilge agus Béarla ar an stáitse. Níor fhead mé an tráchtas seo a scriobh gan an taithí phraiticiúil seo ar an "genre" a fháil.

Ba mhian liom a rá chomh maith go bhfuil go leor gnéithe de "genre" na drámaiochta Gaeilge nach raibh ar mo chumas plé a dhéanamh orthu anseo, an folk play nó dráma tuata, drámadóirí, aisteoirí agus léiritheoirí áirithe, na féilte drámaiochta ar fud na tire agus ábhar na ndrámai. Ach obair do lá eile é seo agus tá súil agam go dtiocfaidh le saoithe na

drámaiochta Gaeilge amach anseo an obair seo go léir a dhéanamh.

Níor fhás an drámaiocht ó phréamhacha dúchais sa tir seo. I Caibidil 1 (ón túis - 1899), soláthraitear cuntas ar conas ar leath si amach chuig na tiortha eile agus go hÉirinn faoi dheireadh. De thoradh seo bunaiodh *The Irish Literary Theatre* i mBaile Átha Cliath, rud a chuir túis le drámaiocht an Bhéarla agus na Gaeilge sa tir seo.

Cuntas is ea Caibidil 2 (1899 - 1922) ar bhunú *Amharclann na Mainistreach* sa bhliain 1904 agus an tábhacht a bhain leis an ngluaiseacht seo. Tá plé ginearálta déanta ar an Oireachtas agus an bhaint a bhí aige le fás na drámaiochta Gaeilge. Insitear conas a bunaiodh dhá chomplacht d'aisteoirí Gaeilge, na *Aisteoirí* agus na *Cluicheoirí* de bharr comh-oibriú idir na cumainn seo go léir.

Tagann drámaiocht na Gaeilge in aois i Caibidil 3 (1922 - 1932), le bunú an *Comhar Drámaiochta* i 1923 agus bunú *Taibhdhearc na Gaillimhe*, an chéad Amharclann Gaeilge sa tir seo, i 1928.

I Caibidil 4 (1932 - 1954) tagann *Aisteoirí Ghaoth Dobhair* agus *An Cumann Scoildrámaiochta* chun tosaigh. Cuirtear túis le Geamaireachtaí na Nollag in *Amharclann na Mainistreach* agus crutháitear an

tábhacht a bhí leo i bhforbairt na drámaiocht Gaeilge.

Plé is ea Caibidil 5 (1954 – 1989) ar bhunú an *Damer* i 1955, Amharclann Gaeilge na cathrach agus bunú an *Chomhairle Náisiúnta Drámaiochta*. Tugtar le fios sa chaibidil seo, cé go bhfuil staid na drámaiocht Gaeilge sa tir seo i bhfad ó bheith sásúil, nach bhfuil an scéal go hainnis amach is amach.

Caibidil 1

(ón tús go dtí 1899)

Céadfhás na drámaíochta

B'iomai uair a chuala mé go raibh féith na haisteoireachta ar fáil i measc na nÉireannach. Mar sin is deacair a thuiscint nach raibh traidisiún drámaíochta ar bith sa tir seo ag dul siar go dtí an tsean-ré. Ach ní raibh sé ar fáil ó dhúchas i bhformhór tiortha an domhain. De réir Gearóid Ua Lochlainn:

Is amhlaidh nár fhás an drámaiocht ó phréamhacha dúchais ach i dtrí tiortha amháin, an Ghréig, an tSín agus an India. O na críocha sin a leath sí amach diaidh ar ndiaidh chun na dtiortha eile.¹

Cé go raibh bunábhar na drámaíochta le fáil sa tir seo ón túis ,sna scéalta, sa bhfiliocht agus sa cheol, nior tugadh an chéim dheireannach sin, ó mhodh na hinsté (insint bhéil) go modh na gníomhaíochta (dráma) go dtí túis an 19ú céad.

Thosaigh an drámaiocht sa tSean-Ghréig, chomh fada siar le 500 bliain roimh Chriost. Bhí clú agus cáil ar an Ghréig ag an am mar bhí aos ealaine, aos eolaiochta, fealsúna agus filí aici ná raibh a macasamhail in aon áit eile ar domhain. Tháinig na sluaite ó gach cearn den tir chuig Féile Mhór Dhiniósas don Dia, Diniósas. Déirtear gurbh fhéidir suas le 300,000 duine a chur isteach san téatar mór

seo ina raibh na milte suiochan ina ranga timpeall dhá dtrian di. Scriobh na filí dáonta fada le haghaidh na hócáide agus ba iad féin a rinne aithris ar an dán os comhair an tslua. Tugtar traigéide nó brónráma ar na dáonta seo cé nár chosúil iad leis na traigéidi a scriobhadh níos moille (Oedipus Rex le Sophocles mar shampla).

Sa bhliain 535 roimh Chriost, scriobh an file Teispis ó Icaria. dán nó traigéide i bhfoirm agallaimh idir pearsana an scéil. Ba é Teispis féin a rinne an aisteoireacht ar fad, le cuidiú ó stiúrthóir laistiar. Uaireanta bhain sé úsaid as masc chun idir-dhealú a dhéanamh idir pearsana an scéil. Lean na filí eile sampla Theispis agus thosaídar ag glaoch <drámai> ar na dréachta a bhí á scriobh acu. Tagann an focal dráma ón bhfocal <drao> a chiallaíonn <déanaim> nó <gniomhaim>. Is cinnte nach raibh anseo ach píosa aithriseoireachta, ach bhi an chéad chéim tógha ó mhodh na hinste go modh na gniomhaiochta, céim nár thóg na Gaeil go dtí túis an 19ú céad. Tógadh céim níos faide nuair a thug Aescailéas an dara haisteoir isteach. Tháinig Soifcléas ina dhiaidh agus chuir seisean an triú aisteoir ar an ardán. Ba é Arastofinéas an chéad duine a scriobh coiméidi. Bhain a dhráma le saol comhaimseartha na Gréige agus bhain sé úsáid as polaiteoirí nó déithe mar phearsana chun é seo a dhéanamh.

Leath an dráma amach chuiig an Róimh agus spreag sé an drámaiocht Rómhánach. Ba Seneca, Plautius agus Tenentius na daoine a ba cháiliúla ag túis.

Scriobh siad idir thraigéidi agus choiméidi. Nuair a glacadh leis an gCriostaíocht sa Róimh cuireadh cosc ar an drámaiocht mar bhí an Eaglais go láidir in aghaidh na graostachta inti. Dá dheasca sin bhí ar na haisteoiri an chathair a fhágáil, rud a rinne siad.

Thaistil siad ar fud na dúiche ag tabhairt taispeántaisí in áit ar bith a raibh slua bailithe le chéile. Ba iad na haisteoiri fánacha seo ón Róimh a chuir siol na drámaiochta ar fud an chuid eile den Eoraip. Diaidh ar ndiaidh leath an drámaiocht mar ealaín ar fud na hEorpa. Níor ghlac an eaglais leis go dtí timpeall an deichiú céad nuair a cromadh ar dhrámai mórlatächta a léiriú chun an teagasc Criostai a chur chun cinn. Thug suim na n-uaisle agus an lucht léinn céim eile suas do na haisteoiri. Chonaic siad gur ealaín inti féin an aisteoireacht, ealaín a raibh an drámaiocht ag brath go hiomlán uirthi.

Tá sé deacair dáta cinnte a chur le túis na drámaiochta i Sasana, ach is féidir a rá go raibh sé faoi lán bhláth nuair a tháinig Eilis 1 i gcoróin sa bhliain 1558. Chuir bunú na n-amharclann *The Rose*, *The Globe*, *The Fortune* agus *The Swan* i ndiaidh 1576 go mór le forbairt na drámaiochta ansiúd. Aisteoiri lánoilte a bhí ag obair sna hamharclanna nua seo agus bhi drámadóiri mar John Llyly (1554 - 1606); Thomas Kyd

(1558 - 1594); George Peele (1557 - 1596); Robert Greene (1558 - 1592); Thomas Lodge (1557 - 1625); Christopher Marlowe (1564 - 1593) agus Thomas Nashe (1567 - 1601) ag scriobh drámai dóibh. Nuair a thosaigh an drámaiocht ar dtús i Sasana, bhain sí leis an ghnáthdhuine agus na huaisle le chéile. Ach d'athraigh seo go léir ag túis an 17ú céad:

No longer did the theatre express the feelings of the people of England, it was rapidly becoming the exclusive property of an aristocratic clique.²

Chuir seo le agus thóg sé ó ealain na drámaiochta. Sa chomhthéasc seo timpeall túis an 17ú céad a scriobh duine de na drámadóiri ab fhearr riamh; Shakespeare. Scriobh sé tragóidi cáiliúla mar, Hamlet; King Lear; Macbeth; Julius Caesar; Anthony and Cleopatra agus Coriolanus i ndiaidh 1600 agus drámai grinn rómánsúla chomh maith, MidSummers Night Dream; As You Like It; Twelfth Night; Much Ado About Nothing agus The Merchant of Venice. Chuir Shakespeare agus drámadóiri cáiliúla eile na linne, Beaumont, Fletcher, Jonson, Dekker agus Chapman ina measc, túis le genre nua nach raibh le féiceáil go dtí seo. Mar shampla, An Choiméide Rómánsúil (Romantic Comedy); An Choiméide Rómánsúil Tragóideach (Romantic Tragi-Comedy); Drámai Rómánsúla (Romantic Drama); Drámai Aoire (Satirical Plays); Tréad-Dráma (Pastoral Play) agus Tragéide Shakespeare (Shakesperian Tragedy). Aois chlaisiceach

ab ea an 18ú haois ar fud na hEorpa thiar. Tháinig drámadóiri Éireannacha, Goldsmith agus Sheridan chun cinn i Sasana agus cuireadh an Gheamaireacht agus Ceoldráma ar státse don chéad uair. Tháinig drochbhail ar staid na drámaiochta, ní amháin i Sasana ach ar fud na hEorpa san 19ú haois. Bhain an amharclann go mór leis an uasaicme agus an brabach a d' fhéadfai a dhéanamh as:

During the second half of the 19th century the theatre in England had become almost entirely an institution for the making of profits. This was perhaps inevitable in an age and a country when and where everything was judged upon its capacity to pay. The only question to be asked about anything was 'will it pay?'³

Bhi bainisteoirí na n-amharclann ag déanamh go maith as ach bhí failli á dhéanamh acu ar an drámaiocht mar cheird agus mar ealain. Bhí rud eile de dhith chun ealain na hamharclainne a shábháil. Bhí sórt athbheochan liteartha ag tarlú ar fud na hEorpa. Bhí seo de dhith sa drámaiocht chomh maith. Chuir Henrik Ibsen ón Ioruaidh túis le hathbheochan na drámaiochta ar fud na hEorpa. O 1869 go dtí 1899 scríobh sé drámai faoi shaol na linne agus d'úsáid sé carachtair ón ghnáthshaol. Rinne na drámai seo plé ar shaol sóisialta na linne agus na fadhbanna a bhi ag baint leis. Dúirt George Bernard Shaw faoi:

What we might have learned from Ibsen,

was that our fashionable dramatic material was worn out so far as cultivated modern people are concerned : that what really interests such people on the stage is not what we call action - meaning two well-known rather short-sighted actors pretending to fight a duel without their glasses, or a handsome leading man chasing a beauteous leading lady round the stage with threats, obviously not feasible, of immediate rapine - but stories of lives, discussions of conduct, unveiling of motives, conflict of characters in talk, laying bare of souls, discovery of pitfalls - in short illumination of life. ⁴

Bhi an tuairim chéanna ag A Nicoll faoin ábhar seo:

His (Ibsen) drama is a domestic drama of the old impossible heroics and pathos of the romantic melodrama he knows nothing about. His aim is to dramatize the life of his own day. He realized perfectly that the long antiquated emotions of the spectacular plays had nothing in common with ordinary men and women, that the drama, if it was to rise to its pristine greatness, would have to adapt itself to the needs of the present, be a mirror of the age and instead of escaping into romantic fripperies, make itself the stern monitor of the time.⁵

Scriobh Ibsen sraith drámai, a thosaigh sa bhliain 1869 le The League of Youth agus a chriochnaigh sa bhliain 1892 le The Master Builder. Chuir sé i láthair fadhbanna sóisialta, polaitiúila agus morálta na linne, feiniméan nua i ndrámaiocht na hEorpa. Ni raibh na seánamharclanna sásta na drámai nua-aimseartha a léiriú. Chun stáitse a fháil don ealain seo bhi ar na scribhneoirí amharclanna nua a bhunú. Sa Fhrainc

osclaiodh an chéad amharclann nua. Ba é Andre Antoine a bhunaigh an *Théatre Libre* sa bhliain 1887. Ón *Théatre Libre* cuireadh drámai le Francois de Curel, Eugene Brieux agus George Ancey ar stáitse.

Sa bhliain 1889 bhunaigh Otto Brahm amharclann nua i mBerlin, *The Free Stage Society*. Lean na Sasanaigh leis an athbheochan seo agus bhunaigh J.T. Grein amharclann darbh ainm *The Independent Theatre*.

Léiriodh drámai le T.W. Robertson agus Sir Edmund Goose ann chomh maith le dráma le Yeats Land of Hearts Desire (1894) agus ceann le George Moore Strike at Arlingford (1893).

An Dráma in Éirinn

Go dtí deireadh an 19ú haois rud iasachta ab ea an dráma agus an amharclann in Éirinn:

The theatre was in fact a foreign thing which was looked upon with suspicion. The plays enacted had no connection whatever with either the thought or the life of the mass of the Irish people - they depicted a civilisation which was only alien but definitely hostile to that of Ireland.^s

B'iomai léiriú a rinneadh in Éirinn roimh bhunú *The Irish Literary Theatre* i 1899. Ach bhí na léirithe seo uilig ag brath ar aisteoirí agus ar dhrámai ó Londain

agus ón Eoraip. Ach bhí stair áirithe ag an drámaiocht in Éirinn roimhe seo. Tógaigh an chéad amharclann in Éirinn sa bhliain 1637 agus léiriódh an chéad dráma ann St. Patricks for Ireland le James Shirley. San 17ú agus san 18ú haois tháinig drámadóiri grinn mar George Farquhar, William Congreve, Goldsmith agus Sheridan as Éirinn. Tá cuimhne orthu inniu mar údair na ndrámai seo a leanas (coiméide iad go léir): Love for Love(1695); The Way of the World(1700); The Mourning Bride(1697) le Congreve; In the Beaux Stratagem(1707) agus The Recruiting Officer(1706) le Farquhar; The Rivals(1775); agus The School for Scandal(1777) le Sheridan agus She Stoops to Conquer(1773) agus The Good Natur.d Man(1768 le Goldsmith. Ní raibh mórán suime ag an ghnáthdhuiine in Éirinn sna drámai seo agus bhí ar na drámadóiri go léir imeacht go Sasana chun sli bheatha de shaghas éigin a bhaint amach. Tháinig Éireannach eile chun tosaigh ag an am sin agus thosaigh sé ag scriobh drámai, Dion Boucicault as Baile Átha Cliath. Thosaigh sé ag scriobh thall i Meiriceá agus ba iad na himircigh as Éirinn a bhí mar lucht éisteachta aige. Cheap sé go mbeadh fáilte roimh dhrámai dá leitheid in Éirinn go hairithe. Sna drámai The Colleen Bawn; Arrah-na Pogue agus The Shaughraun bhi saol na hÉireann le haithint ann, rud nach raibh le feiceáil i ndrámai go dtí seo. Cé nach drámai ró-mhaithe iad, ach méaldrámai, bhain na Gaeil taitneamh astu:

Bouicault wrote in what might loosely be called the comic tradition, but he was far from a traditional playwright. He saw the drama as a mixed or impure form, a combination of comedy and melodrama, farce and sentiment, song and burlesque sensational and gothic elements.⁷

Ní dhéantar mórán tagairt de Boucicoult nō dá shaothar sa lá atá inniu ann ach ceapann David Krause in a leabhar The Dolmen Boucicault go raibh tionchar faoi leith aige ar fhorbairt na drámaiochta sa tir seo.

To give full credit to the *Abbey* the influence of Boucicault alone could not have produced a Synge or an O' Casey, but it is open to doubt whether They would have created their magnificent 'Playboys' and 'Paycocks' in the manner that they did if they had not developed an early enthusiasm for Boucicault's comic rogue heroes.⁸

Go dtí seo ceap magaidh ab ea an Gael sna drámai Sasanaigh; bhí na hÉireannaigh stáitse dúr, amaideach, ag ól agus ag pleidhciocht. Ach d'athraigh Boucicault coincheap an "stage Irishman". Sna drámai a scriobh sé rinne sé amach gurb é an tÉireannach an caractar cliste, tarraingteach ann agus gurb iad na Sasanaigh nō na hAngla-Éireannaigh na hamadáin sa dráma:

It is in his creation of this distinctly Irish yet universal character - as Myles na gCoppaleen,

Shaun the Post or Conn the Shaughran – that Boucicault finally transcends the Victorian world. And it is part of this triumph that Irish drama as we know it today had its origin in Boucicault.⁹

Faoi thionchar stáitse Ghallda idir theanga agus ealain a tháinig an drámaiocht chun cinn. Bhí an Ghaeilge in ísele bhri, tar éis an ghorta agus ainnise na tire. An Béarla a bhi á labhairt ag an chuid is mó de na daoine agus thug scribhneoirí agus drámadóiri na linne aghaidh ar an Bhéarla dá bhri sin. Is féidir a rá fost, gur thréimhse chorach, achrannach é seo i saol polaitiúil na hÉireann idir an IRB, Conradh na Talún, Parnell, Féin-Riail agus mar sin de. Ni féidir a shéanadh gur chuir seo isteach cuid mhór ar scribhneoirí na haoise. Dúirt Pádraig Mac Piarais sa bhliain 1899 dá ainneoin sin go léir:

The concept of a national literature in the English language was untenable.¹⁰

Ghlac Conradh na Gaeilge, a bunaíodh sa bhliain 1893 leis an bpolasai seo, polasai a scar scribhneoireacht i mbÉarla ó scribhneoireacht i nGaeilge ar an oileán seo ag túis an 19ú céad. Nior thug J.M. Synge aird ar bith ar an pholasai seo, rud a ghoill ar chuid mhór Éireannach ag an am:

Of course, he ignored the division

between the rival traditions at his peril and in the Ireland of his time, he paid the inevitable price. Those who might have admired him for his commitment to the native culture denounced him for his belief in the higher claims of art. Those who admired his art could never fully appreciate the extent of his commitment to the native culture.¹¹

Cheap Synge go raibh níos mó tarraingt ag seanlitriocht na Gaeilge nó traidisiún nua Angla-Éireannach an 19ú céad.

D'éirigh leis stil idir-theangach a bhunú dó féin, stil ina raibh eiliminti den chultúr Gaelach go láidir ann ach iad aistrithe go Béarla cé go raibh an Béarlá scartha ón gcultúr céanna. Chomh maith le Synge cheap W.B. Yeats, tri staidéar a dhéanamh ar mhiotas, seanscéalta na hÉireann, báloideas agus stair na tire go bhféadfadh siad ábhar agus stil dá gcuid féin a bhunú:

The ancient poems, the Gaelic narratives, and the *Táin* in particular, the Gaelic poetry of the eighteenth century, the scholarly translations, and the bumbling achievements of anglo-Irish writing in the nineteenth century were all the inheritance from which the writers of Irish Renaissance fashioned one of the great national literatures of modern times.¹²

Cé nach raibh móran Gaeilge ag Yeats, "Gaelic is my National tongue but it is not my mother tongue" bhí a fhios aige cé chomh tábhachtach is a bhí seanlitriocht agus teanga na hÉireann chun an litriocht nua seo a bhunú. Ba bhreá le Yeats tuiscint a bheith aige ar fhlíocht agus ar sheanscéalta na hÉireann ach

nior thuig sé an teanga ina raibh siad scriofa. Bhi air
glacadh le haistriuchán ón Ghaeilge:

Translations such as Callanan's conveyed to Yeats a sense of the style and themes of Gaelic poetry which he yearned to incorporate into his work.¹³

Thaispeáin céad imleabhar Yeats go raibh aistriúcháin ón tSeanghaeilge léite aige agus thaispeáin an leabhar an ceangál a ghin Yeats idir an tSeanlitriocht, an litriocht Angla-Éireannach, litriocht na Gaeilge agus an teanga dhúchais. Piosa fada scéalaiochta atá i gceist faoi tri eachtrai samhailteacha go tri thiortha dhraochtiúla. Téama coitianta é seo i seanlitriocht na Gaeilge, in Echtra Bhran mar shampla.

Is trua dar liom gur tháinig an litriocht, an drámaiocht Angla-Éireannach, suim sa náisiúnachás agus athbheochan na Gaeilge ar an fhód ag an am chéanna. Bhi sé deacair do Yeats, Synge agus a leithéidi a bheith páirteach i ngach ngluaiseacht. D'fheádfai a rá gur chuir seo cineál bac ar fhás drámaiochta na Gaeilge in Amharclann i mBaile Átha Cliath go dtí 1901 nuair a léiriodh Casadh an tSúgáin le Dubhghlás De hÍde. Ar ndóigh, bhi cos ag De hÍde i ngach campa, rud a chuidigh leis féin agus leis na cumainn ina raibh sé páirteach.

Rugadh Dubhghlas De hÍde sa bhliain 1860, cúig bhliain i ndiaidh Yeats. Mac le tiarna talún

Protastúnach i gCo. Roscomáin ab ea é. D'fhreastal sé ar Choláiste na Trionóide chun oideachas triú leibhéal a fháil. Ar feadh a shaoil bhi an-spéis aige i litriocht, i bhfiliocht, i seanchas agus i dteanga na hÉireann agus chaith sé a shaol ag obair ar a son. Toghadh é mar Uachtarán Chonradh na Gaeilge i 1893 agus níos déanaí mar chéad Uachtarán na hÉireann i 1938. Dúirt sé féin i gcónai gur smaoinigh sé i nGaeilge, rud atá le feiceáil go soiléir ina chuid saothair. Bhí féith na haisteoireachta ann chomh maith agus ghlac sé páirt ina lán drámai ag an am agus moladh é dá bharr. An pointe is tábhachtaí faoi De hÍde ná go raibh baint aige le gach gné den saol in Éirinn. Cé gur scriobh sé an chuid is mó dá shaothar i nGaeilge bhí baint aige leis na cumainn litriochta Béarla i Sasana agus leis an *Irish Literary Theatre* nuair a bunaiodh é i mBaile Átha Cliath. D'fhéadfai a rá gurbh é De hÍde an chéad cheangal idir an dráma Gaeilge agus an dráma Angla-Éireannach, pointe a bheidh le plé níos moille.

The Irish Literary Theatre

Bunaiodh *The Irish Literary Theatre* i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1899. Cuireann Lady Gregory síos ar an lá a tharla seo ina leabhar Our Irish Theatre:

I was in London in the beginning of 1898, and I find written, "Yeats and Sir Alfred Lyall to tea, Yeats stayed on. He is very full of play-writing..... He, with the aid of

Miss Florence Farr, an actress who thinks more of a romantic than of a paying play, is very keen about taking or building a little theatre somewhere in the suburbs to produce romantic drama, his own plays, Edward Martyn's one of Bridge's, and he is trying to stir up Standish O'Grady and Fiona Macleod to write some. He believes there will be a reaction after the realism of Ibsen, and romance will have his turn. He has put a "great deal of himself" into his own play The Shadowy Waters and rather startled me by saying about half his characters have eagle's faces..... One day at Duras (Co. Galway) in 1898, Mr Edward Martyn, my neighbour, came to see me, bringing with him Mr Yeats whom I did not then know very well, though I cared for his work very much and had already, through his directions, been gathering folklore. They had lunch with us, but it was a wet day and we could not go out.....We sat there through that wet afternoon, and though I had never been at all interested in theatres, our talk turned on plays. Mr Martyn had written two. The Heather Field and Maeve. They had been offered to London managers, and now he thought of trying to have them produced in Germany where there seemed to be more room for new drama than in England. I said it was a pity we had no Irish Theatre where such plays could be given. Mr Yeats said that had always been a dream of his, but he had of late thought it an impossible one, for it could not at first pay its way, and there was no money to be found for such a thing in Ireland. We went on talking about it, and this seemed to grow possible as we would collect money, or rather ask to have a certain sum of money to be found for such a thing in Ireland. We went on talking about it, and things seemed to grow possible as we talked, and before the end of the afternoon we had made our plan. We said we would collect money, or rather ask to have a certain sum of money guaranteed. We would then take a Dublin theatre and give a performance

of Mr Martyn's The Heather Field and one of Mr Yeat's own plays, The Countess Cathleen. I offered the first guarantee of £25. Our statement - it seems now a little pompous - began: "We proposed to have performed in Dublin, in the Spring of every year certain Celtic and Irish plays, which, whatever be their degree of excellence, will be written with a high ambition, and so build up a Celtic and Irish school; of dramatic literature. We hope to find in Ireland an uncorrupted and imaginative audience, trained to listen by its passion for oratory, and believe that our desire to bring upon the stage the deeper thoughts and emotions of Ireland will ensure for us a tolerant welcome, and that freedom to experiment which is not found in the theatres of England, and without which no new movement in art or literature can succeed. We will show that Ireland is not the home of buffoonery and of easy sentiment, as it has been represented, but the home of an ancient idealism. We are confident of the support of all Irish people, who are weary of misrepresentation, in carrying out a work that is outside all the political questions that divide us."

14

Mar atá luaite ag Lady Gregory, toghadh an dá dhráma The Heather Field le E. Martyn agus The Countess Cathleen le W.B. Yeats don chéad léiriú ar an 8ú agus 9ú Bealtaine 1899, sna *Ancient Concert Rooms* i Great Brunswick Street (Sráid an Phiarsaigh inniu) i mBaile Átha Cliath. As Londain a tháinig na haisteoíri go léir. Ní raibh móran taithí ag Yeats, Martyn nó Lady Gregory ar léiriú no bainistiocht stáitse, mar sin d'iarr siad ar cholcheathar Martyn, George Moore na drámai a léiriú.

Sular léiriodh an dráma The Countess

Cathleen foilsiodh paimfléad le F.H. O'Donnell in éadan an dráma Souls for Gold. De réir an phaimfléid dráma frith-Éireannach agus frith-Chaitliceach a bhí ann. Frith-Éireannach mar gur chaith sé anuas ar na tuata agus frith-Chaitliceach mar sa dráma le linn tréimhse an ghorta tháinig na daemón go hÉirinn agus cheannaigh siad anamachá fir tuaithe le hór. Tháinig an Eaglais amach go láidir in éadan seo. Bhí na póilini i láthair ag an chéad oiche chun síocháin a choiméad, rud nár chuidigh leis an gcumann nua. An mhaidin dár gcionn cuireadh an tuairisc seo a leanas i gcló san Irish Times, 9ú Bealtaine 1899:

The Countess Cathleen is neither a play nor a presentment of either the ideals or actions or motives of Irish men and women..... The Countess Cathleen as performed last night by a company of artists chosen by those accountable for the movement is, in the first place, not The Countess Cathleen published by Mr Yeats, and it is consequently not a play. It is without action, without definiteness in the characterisation and without consistency in the dramatic development, without truth in its reflection of Celtic temperament or life, and like all inferior plays it fails to excite the smallest genuine interest.....The Countess Cathleen has no action which could seize and carry on to a climax the interest of an audience; therefore, it is not a good play and in as much as it offends against the tenor of Irish history in regard to Theological connection and against the position of the Irish peasant in face of physical pain, it cannot be considered an Irish play.... Still less as a Celtic dramatic effort it was entitled to have serious consideration.¹⁵

An oiche dár gcionn, léiríodh dráma Martyn, The Heather Field.

D'éirigh go maith leis an dráma seo agus ó na tuairisci a fuair sé ba léir gur fheil an dráma don mheon Éireannach.

Bhain an dráma, amhail le drámai Ibsen, leis an ghnáthshaol agus bhí an lucht éisteachta in ann iad féin a aithint ann, rud nach raibh siad ábalta a dhéanamh le dráma Yeats. Tá seo le rá ag R. Fallis faoi ina leabhar The Irish Renaissance:

Yeats with his Protestant background and long immersion in Blake, the occult and celticism, misjudged his audience. Believing that the Irish were a naturally mystical race whose highest visions could be embodied on the stage through elaborate poetry, complex symbols and passionate speech, he was out of touch with Dublin and perhaps with the real Ireland.¹⁸

D'fhéadfai a rá gur dráma siombalach a bhí á scriobh ag Yeats. Ó léamh an dráma feictear go bhfuil an fhiliocht i bhfád níos fearr ná an drámaiocht. Is léir nár thuig na hÉireannaigh go direach céard a bhí i gceist ag Yeats. Nior thuig siad na siombail a bhi in úsáid aige. Chomh maith le seo ni raibh an téama láidir go leor le haghaidh na hAmharclainne. Uaireanta i gcás ábhárachas na ndaemóin, go háirithe, d'fhéadfai a rá go raibh sé ag dul i dtreo an mhéaldráma. Ba chuma céard a bhí in intinn Yeats ag deireadh an lae agus an Countess Cathleen é scriobh aige, niorbh é seo an sórt dráma a bhí de dhíth in Éirinn dar leis an lucht éisteachta.

Sa bhliain 1900 léirigh an Irish Literary

Theatre tri dhráma, an uair seo sa Ghaeity Theatre i mBaile Átha Cliath : Maeve le E. Martyn; The Bending of the Bough le G. Moore agus The Last Feast of the Fianna le Alice Milligan. Aris, bá chompantás áisteoirí ó Londain a leirigh na drámai seo agus d'éirigh go maith leo go leir. Ní raibh conspóid ar bith an uair seo, cé go raibh téamai polaitiúla i gceist sna trí drámai.

Mi Dheireadh Fómhair 1901, léiriódh na drámai deireannacha faoin ainm *The Irish Literary Theatre - Diarmuid agus Grania* le Yeats agus Moore agus an chéad dráma Gaeilge a léiriódh riamh in amharclann in Éirinn Casadh an tSúgáin (The Twisting of the Rope) le Dubhghlas de hÍde. Aithinsint ar scéal béaloideasa a bhi sa dráma seo agus d'éirigh le De hÍde sean-nós Éireannach a fhi isteach sa gcomhthéacs nua-aoiseach le héifeacht. De hÍde é féin a bhi mar phriomhcharachтар, Hanrahan, sa dráma aon-mhir seo. Áisteoirí amaitéaracha Gaeilge an chuid eile den fhoireann, a bhformhór as Craobh an Chéitinnigh de Chonradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath. Tugann Lennox Robinson liosta de fhoireann an dráma Béarla Diarmuid agus Grania ina leabhar Ireland's Abbey Theatre. Deir sé seo a leanas faoin dráma Gaeilge:

21st October 1901 The Twisting of the Rope By Douglas Hyde N.B. - No complete copy of the cast is in existence. Members of the Keating Branch of the Gaelic League took part in it. Douglas Hyde played *Hanrahan*, Miss O' Kennedy *Oona* Miss O'Donovan *Maura*, Miss Sullivan *Sheila*. Mr Tadgh O'Donoghue and Mr Seamus Heron also

took part.¹⁷

Thug na tuairisci a fuair an Craoibhin (ainm cleite De hÍde) sna páipéiri misneach do na drámadóiri Gaeilge go léir agus uchtach don Chraoibhin leanúint leis an obair a bhí tosnaithe aige. Seo a dúirt an Daily Independent an mhaidin dar gcionn:

an unqualified success..... even those who could not interpret the language, and they were many, had good translations of it, and could follow the action with interest. The piece is a perfect little gem.¹⁸

Tuairisc eile a fuair sé:

How daintily the old tongue sounded from the lips of the young girls on the stage and what a grand language it is to swear in, or make love in, Dr Hyde amply showed. It was acted with a natural tempo and zest that was simply a breath of fresh air after the heaviness and monotony of the more ambitious piece (Diarmuid and Grania).¹⁹

Caibidil 2

(1899 - 1922)

Na Drámaí Tosaigh.

Ba é an tAthair Peadar Ó Laoghaire a scriobh an chéad bhundráma Gaeilge Tadhg Saor sa bhliain 1899, an bhliain chéanna inár bunaíodh an *Irish Literary Theatre* i mBaile Átha Cliath. Foilsiodh Tadhg Saor san Irish Independent i mí na Nollag 1899 agus léiriodh é ag Feis Maigh Chromtha ar an 13ú Bealtaine 1900. Seo mar a cuireadh síos ar an dráma agus an léiriú i bhFáinne an Lae, 19 Bealtaine 1900:

biodh eagla orainn ná dtiocfadh an dráma
Gaedhilge, i n-am chun beartha ar na miltibh de
lucht labhartha na Gaedhilge ná feadann
Gaedhilg do léigheadh ná da scriobhadh,
ach d' imthigh dearmad orainn, tháinig an
dráma agus rud níos fearr na sain, bhi sé
gníomhuithe i gceart-lár na daoine dar ceapadh
é.....
Nil anseo acht tosnú, acht is tosnú
maith é, óir do gníomhuigheadh an dráma ós comhair
daoine do thuig an uile focal de, agus rud eile,
dá mhéid an maoidheamh i dtaobh seandachta na
na Gaedhilge, is í an tseandacht chéadna is mó
do chuir na daoine dá sheachaint.
.....Anois atá rud nua, an dráma Gaedhilge, ag
teacht le cabhair do'n teangaídh agus is deimhin
linn gurab i an chabhair is treise é do fuair teanga
labhartha ó thosnuigh gnó na Gaedhilge i nÉirinn.¹

Go dtí seo ní raibh dráma Gaeilge ar bith eile ar fáil,
taobh amuigh den iarracht leis an Athair Seán ó Cearbhaill.
Chuir sé an chéad imleabhar de Na hAmharca Cleasacha i gcló
in Irisleabhar na Gaedhilge i mí na Samhna 1882 faoin
dteideal, Amharca Cleasacha - Dramatic Scenes in Irish agus
chuir sé crioch leis i mí an Mheithimh 1883 leis an gcúigiú

imleabhar. Ní raibh anseo ach iarracht, ní féidir dráma a ghlaoch air. Tugann Ua Cearbhaill cuntas maith ar shaol agus ar eachtraí . Bhrian Bóroimhe san saothar seo agus cé go bhfuil caractair éagsúla ann (Brian, Mag Liag agus Calvus) ba dheacair dráma a glaoch air. Cuireann sé Paradise Lost le J. Milton i gcuimhne dom cé gur scriobhadh an eipic seo thart faoi 1670. Tóig mar shampla, an chéad cúpla line i saothar Uí Chearbhaill:

Brian: Is mó an chumhacht tá in mo láimhanois
Is mó an clú ar m'ainim tríd an tir
Acht is mó an brón tá cnacaidheadh in mo chroidhe
'na chumhacht, ná glór na ndaoineadh.

Aistriúchán:

Brian: Great is the power my hand doth wield today,
Great is my glory in our Irish land.
Yet greater is the pain that gnaws my heart,
Than power or praise of men.²

Bhí cúpla aistriúchán ar dhrámai Béarla ar fáil ag an am. Ba é Eoghan ó Neachtain a d'aistrigh an chéad dráma go Gaeilge: Colleen Bawn - An Cailín Bán. Cuireadh i gcló san Galway Pilot é sa bhliain 1895 ach nior léiriódh é . Tri bhliain ina dhiaidh seo chuir Michéal Mac Ruairí Gaeilge ar dhráma bheag le John Cannon: The Dentist/An Fiaclóir, agus Pádraig ó Briain a d'fhoilsigh é sa bhliain chéanna.

Dráma aon ghniomh é an dráma Tadhg Saor le Peadar Ó Laoghaire. Dráma gearr atá ann a mhaireann thart fá fiche nóiméad nó mar sin. Is léir ó léamh an dráma nár thuig Ua Laoghaire ealain na stáitse ró-mhaith mar taobh istigh den

aon ghníomh amháin atá aige, tá sé radharcanna agus trí athrú suimhe. Cé gur scéal measartha suimiúil é, cailltear an scéal sna radharcanna go léir agus mar sin ba dheacair é a léiriú ar fónamh. Tóig mar shampla radharc a tri sa dráma. Athraionn an súiomh ó theach Thaidhg, go teach an duine uasail iasachta, go taech Nóra taobh istigh de radharc amhaín.

Lean Peadar Ó Laoghaire leis ag scriobh drámai cé nár éirigh go rómhaith le haon cheann acu. Scriobh sé Bás Dhalláin sa bhliain 1900; Lá na nAmadán 1901 agus An Sprid i 1902. Ba spéisiúil an fonóta atá aige ar an bhfocal "ardán" sa dhráma Bás Dhalláin.

Ardán: I can find no better word for stage.
It means "any elevated ground" especially
"an elevated platform to stand on in order
to speak to people." If the name had been
looked for in Irish before the word "stage"
came to be heard of in English, "ardán"
would have been the word which people's minds
would naturally hit upon.³

Faoin an gur scriobh sé Bás Dhalláin bhí an *Irish Literary Theatre* faoi lánseol i mBaile Átha Cliath agus is léir gur leath tionchar agus foclóirín an chumainn seo chuig na scriibhnéoirí Gaeilge.

Lean scriibhnéoirí Gaeilge eile sampla an Athar Uí Laoghaire Scriobh an tAthair Ó Duinnín Creideamh agus Gorta; An Girle Guairle agus An Tobar Draoidheachta. Scriobh Padraig Ó Séaghdfa (Conán Maol) Aodh Ó Neill. Scriobh Tómas Ó

hAodha Seaghan na Scuab, An Ghioblacáin agus Seabhac na Ceathramhan Caoile. Scriobh Peadar Mac Fhionnlaoich ("Cú Uladh") Tá na Franncaighe ar an muir agus léiriódh dráma leis ag Sed ó na gCapall sa bhliain 1901 darbh ainm Eilis agus an Bhean Déirce. Iarrachtaí ab ea na drámai seo agus is léir nár thuig na scribhneoirí seo go direach cén aidhm a bhi rompu. Níor thuig siad ealain an stáitse, meoin an drámadóra nó an aisteora nó tábhacht an lucht féachana. Bhí an iomarca radharcanna agus carachtair le feiceáil sa chuid is mó de na drámai tosaigh. D'ainneoin an chaint bhriomhar, an Ghaeilge ghalánta agus feabhas an scéil, sa chuid is mó acu bhí sé do-dhéanta iad a léiriú ar stáitse.

Tóig mar shampla , an dráma Aodh Ó Néill le "Conán Maol", a d'fhoilsigh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1902. Dráma gearr ab ea é, ach bhí ocht radharc agus suas le fiche carachtar ann. Chomh maith le seo, d'athraigh suiomh na radharcanna sé huairé mar leanas:

Radharc 1 - Teach clúthmhár i nDroichead Átha.

- " 2 - Seomra rioghachta i gCaisléan, Baile Átha Cliath.
- " 3 - Coill cois na Bóinne.
- " 4 - Glas Neidhn.
- " 5 - Dún Geanainn.
- " 6 - An tráthnóna céadna le luighe gréine.
- " 7 - Béal Átha Buidhe.
- " 8 - Dún Geanainn.

Locht eile atá le feiceáil sa dráma seo ná an stil chainte a úsáidtear. D'fhéadfai comparáid a dhéanamh idir é agus Na hAmharca Cleacacha, atá pléite againn. Stil chainte neamhghhnáthach, fileata atá ann, stil nár bhain le hatmasféar na hathbheochana a bhi faoi lánseol sa tir i ngach sli. Seo píosa ón dráma, radharc 6, nuair atá Ó Neill ag rá go bhfuil an namhaid fad leo:

A bhuidhean nár thréig an cath, tá an namhaid chealgach ar ár dteorainn. Tá an oidche, le n-a sgamalaibh, ag tuitim anuas ar Uladh na laoch acht eireochaidh an ghrian go taitneamhach i mbárrach agus éireochaidh 'na teannta, grian an chirt agus brigh agus buadh na bhfear gcalma sliocht Chuinn agus Airt, nár ghéill do dhaoirseacht riamh.
Gluaisidh!⁴

Bhí géarghá le forbairt nó casadh nua agus drámadóiri oilte dá mba rud é go raibh scribhneoirí na Gaeilge le teacht in inmhe agus seasamh le drámadóiri na hEorpa agus an genre nua-aoiseach a bhí á scaipeadh acu.

Bunaiodh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1893 agus faoin am gur bunaiodh an *Irish Literary Theatre* i 1899 bhí obair an Chonartha agus athbheochan na Gaeilge faoi lánseol. Ba é Conradh na Gaeilge a d'fhoilsigh na drámai seo go léir ó 1900 ar aghaidh nuair a bhunaigh siad complacht foilsitheoirreachta dá gcuid féin - Coiste na gClódhanna. Ach díreach cosúil leis na scribhneoirí Gaeilge nior thuig siad fior-fheidhm na drámaiochta mar, cé gur mhaith an rud é na drámai a bheith á bhfoilsiú, bhí failli á dhéanamh ar an

léiriú. Ina theannta sin bhí an Conradh róthógtha leis an teanga agus le náisiúnachas chun sampla an *Irish Literary Theatre* a ghlacadh agus drámaiocht na Gaeilge a chur ar an fhód mar a bhí á dhéanamh acu síid eile leis an amharclann Angla-Éireannach. Mar sin ba thábhachtach agus b' iontach an rud é nuair a léiriodh dráma De hÍde Casadh an tSúgáin an oiche chéanna agus a léiriodh Diarmuid and Grania i 1901. W.G. Fay a bhí mar léiritheoir ar an dá dhráma cé nach raibh mórán Gaeilge aige ag an am. D'fhéadfai a éileamh go ndearna De hÍde an gniomh chéanna don dráma Gaeilge is a rinne Yeats leis na grúpaí liteartha i Sasana sular bunaiodh an *Irish Literary Theatre* i mBaile Átha Cliath, agus cé go raibh sé mar chéad Uachtaráin Chonradh na Gaeilge choinnigh sé i dteangmháil leis an *Irish Literary Theatre* agus na himeachtaí go léir a bhí ar siúl acu. Chuir sé spéis, chomh maith i litriocht agus i ndrámaiocht na hEorpa, rud a bhí le feiceáil go soiléir óna chuid scribhneoireachta féin. Thuig De hÍde cad ba dhrámaiocht ann níos fhearr ná drámadóiri Gaeilge eile na linne agus scriobh sé sraith de ghearrdhrámai fiormhaithe a léirigh an tuiscint seo.

Dráma beag simpli atá i gCasadh an tSúgáin. Níl ach gniomh amháin ann agus ní athraionn an radharc ó thús deireadh. Tá cúig charactar le fáil ann, Tomás Ó hAnnracháin (fear siúil); Máire Bean Úi Riogáin (máthair); Séamus ó hIarainn (ag siúil amach le hUna); Sighle (bean chomharsana) agus úna (iníon Bhean Úi Riogáin). Tá an dráma suite i dteach feirmeora i gCúige Mumhan thart faoin mbliain 1900. Tá rince le bheith ar siúl sa teach an oiche seo agus

tagann Tomás Ó hAnnracháin chuig an teach nuair a chluineann sé é seo. Rógaire ceart é Tomás Ó hAnnracháin agus níl meas ag éinne air. Tosaionn sé ag caint le hinion an fheirmeora agus mealann sé i chun amhrán a chanadh:

Goirim thú, a Úna Ni Riogáin.
Goirim thú a sgoith na mban. O! nach agadsa atá an guth is binne ná an ceol-sidhe.⁶

Beartaíonn máthair Una agus Séamus Ó hIarainn an rógaire seo a chuir amach as an teach:

Cuirfimid é ag casadh súgáin go bhfughimid amuigh é, agus buailfimid an dorus air annsan.⁶

Déanann siad é seo agus ag deireadh an dráma cloistear guth Uí Annracháin ar an stáitse:

Fosgail, Fosgail, leigidh isteach mé.
ó mo sheacht gcéad mile mallacht
oraibh. Mallacht na lag oraibh 's na láidir. Mallacht na sagart agus na mbráthar. Mallacht na nAaspal agus an Phápa. Mallacht na mbainreabhach 's na ngárlach.
Fosgail! Fosgail! Fosgail!⁷

D'úsáid De hÍde Gaeilge bhreá shimplí mar aon le filiocht dheas bhriomhar fite fuaite sa dráma seo. Thóg sé téama ón ghnáthshaol, téama a thuig an gnáthduine Gaelach ag an am, i gcomparáid leis an saothar sofisticiúil, siombalach a scriobh Yeats, nár thuig siad. Mheall sé dream móir de

Ghaeilgeoirí na cathrach chuíg an amharclann agus fiú na daoine nach raibh Gaeilge ar bith acu, thuig siad an scéal ón aisteoireacht bhreá. Tá sé deacair a rá ar thuig De hÍde nach raibh sa dráma a scriobh sé ar pháipéar ach creatlach an dráma ina ionnláine. De réir Michéal Mac Liammóir:

That while the plays themselves
were to be creations of literature,
the business of the poets, their
interpretation was dependant on
another art.⁸

Téann sé ar aghaidh le rá gur cheap na drámadóiri Gaeilge go dtí seo:

that the theatre was purely the
business of the writer.⁹

Ach bhí deaarcadh difriúil ag De hÍde. Ba scribhneoir é agus b'aisteoir é chomh maith. Nior chuir sé mórán gluaiseachtaí stáitse nó radharcanna i an tSúgáin, rud a thug scóip ionlán don léiritheoir agus do na haisteoiri a samhlaiocht féin a chur i bhfeidhm ar an dráma:

Dr Hyde himself, whose performance in a
comedy of his own was praised by Lady
Gregory, was no poor judge of the actor's
art.¹⁰

Is cinnte go raibh siol na drámaiochta Gaeilge curtha ag an

gCraoibhín. 'Séard a bhí de dhíth anois ná scribhneoirí a thuig céard ba dhrámaiocht ann agus aisteoíri chun páirt a ghlacadh sna drámai. Má tharla seo ar fud na hEorpa, i Sasana agus in Éirinn leis an dráma Angla-Éireannach, cén fáth nach dtiocfadh leis tarlú i ndrámaiocht na Gaeilge? Thug Frank Fay comhairle mhaith do na scribhneoirí Gaeilge nuair a dúirt sé:

It may be well to remind those who write plays in Irish to aim at simplicity both as regards plot and scenery. We must creep before we walk. There will be no Coquelins or Mounet Sullys or Irvings on our Irish boards for many years to come.¹¹

An tOireachtas agus an Drámaiocht.

Mar atá luaite thuas thosaigh Conradh na Gaeilge ag foilsíú na ndrámai ó 1900 ar aghaidh faoin gcomplacht foilseacháin a bhunaigh siad. D'ainneoin seo bhí failli á dhéanamh acu ar léiriú na ndrámai sin. Thosaigh Coiste an Oireachtais ag cur suime sa drámaiocht agus sa bhliain 1901 chuir siad comórtas chumadóireacht drámaiochta ar chlár an Oireachtais don chéad uair. Drámai aonghniomh a bhí i gceist don chomórtas agus tugadh £5 don bhuaiteoir. Deichniúr iomaitheoir a chur dráma isteach sa chéad bhliain 1901. Ba i Máire Ní Shithigh, Co. Chorcaí a bhuaigh an duais le Suipéar Dhiarmada Mac Pháidin, dráma a bhí bunaithe ar dhráma Béarla le Séamus Mac Maghnus. Ba iad na moltóiri ar an gcéad chomórtas seo ná an tAthair Pádraig Ó Duinnín, an tAthair Eoin Mac Giolla

Eoin S.J. agus Seosamh Laoide ("An Laoideach"). Is fiú roinnt de thuairimí na moltóiri a thabhairt mar láirionn siad na lochtanna a bhí ar fáil sna drámai:

.....No dramatic talent shown.
.....dull and undramatic.
.....too much repetition.
.....not much of a plot but very good language.
.....too much stage direction.¹²

Seo mar a cuireadh síos ar an dráma Suipéar Dhiarmada Mac Pháidin:

The incident is simple and eminently dramatic and treated succinctly and clearly. There is no obscurity though perhaps too much stage direction..... This piece excels the others in this, that it brings events out clearly without unnecessary verbiage.¹³

Choimeád an tOireachtas comórtas ar an gclár gach bliain seachas 1905 agus cuireadh sé (6) iarracht isteach sa bhliain 1902, 1903 agus 1904. Sa bhliain 1904 thug an tOireachtas an chomhairle seo a leanas do na scribhneoirí:

Ba chóir aistriú radharcanna a sheachaint agus ní fuláir don dráma a bhuaidhfidh a bheith ar chuma go bhféadfadh buíon bheag ná beidh puinn troscán acu é a léiriú.¹⁴

Is léir ón gcomhairle seo go raibh easpa léirithe ag cuir isteach go mór ar saothar na ndrámadóirí. Ba rithábhachtach

mar sin an t-athrú a tháinig ar rialacha an Oireachtas sa bhliain 1909. Bhí siad chun duais £20 a thabhairt don bhuaiteoir agus £10 mar dara duais, ach an riail ba thábhachtaí ná nach molfai an duais go dtí go bhfaca na moltóirí léiriú den dá dráma ab fhearr a bhí roghnaithe acu.

Ba é an tAthair Tomás ó Ceallaigh a bhuaigh an duais sa bhliain 1909 lena dhráma Deirdre a léiriodh ar an 6ú Lúnasa 1909. An Ard-Chraobh agus Cluitheoirí na hÉireann a léirigh an dráma agus i measc na n-aisteoirí bhí Máire Nic Shiubhlaigh agus Prionnsias Mac Siubhlaigh. Fuair an dráma An Scrabhadóir le Tomás Ó hAodha an dara duais agus léiriodh an dráma seo ar an 4ú Lúnasa 1909. I measc na n-aisteoirí a ghlac páirt sa léiriú bhí Seán ó Conghaile, Máire Ní Raghallaigh, Máire Ní ShiotháIn agus Pádraig ó Bróithe. Sa bhliain 1910, chuir an tOireachtas rialacha breise ar fáil do na scribhneoirí, faoin teideal, "úrchluithchí":

Dráma trí ghniomh go mbeithí tuairim
is dhá uair an chluig dhá léiriúghadh.
An chéad duais £10, an dara duais £5.
Déanfar an dá dhráma do léiriughadh
ag Oireachtas na bliadhna céudna,
más féidir é agus molfar annsin iad
den uair dheireannach do réir mar a
thuillfidh siad. Ná biodh níos mó
ná aon radharc amháin in aon ghniomh
san dráma, agus ná biodh i lón
luchta a labhartha ach an méid daoine
is gábhadh chun brigh an dráma do
nochtadh. Biodh na radharcanna agus
na cultacha éadaigh go simplidhe.¹⁵

Léiriodh cúig dhráma le linn Oireachtas 1910. An dá
duaisiarrachtaí, Oighreacht Róisin le Pádraig Ó Séaghdha a

léirigh Craobh Cholmcille agus An tSnaidhm le Alphonsus Ó Labhran a léirigh Craobh an Chéitinnigh. Ansin cuireadh dhá dhráma le Liam Ó Riain ar státse, Cuairt na Bainrioghna agus An tOide as Tír na nÓg. Scriobh Tomás Mac Domhnaill Aine agus Caoimhghin go speisialta don Oireachtas sa bhliain sin agus ba iad Cluitheoirí na hÉireann a léirigh an cúigiú dráma seo. Chomh maith le seo, sa bhliain 1910 cuireadh comórtas eile ar fáil:

Dráma dhá-theangach aon-ghniomhach
in a dtráchtfar ar obair lucht
cosnamha na Gaedhilge.¹⁶

Ba é Oighreacht Róisin le Pádraig ó Séaghdha a bhuaigh an duais seo.

Cé go raibh an-chuid drámai á scriobh agus á léiriú ag an Oireachtas is léir nach raibh ag éiri go ró-mhaith leo. Is cinnte nach raibh siad ar aon leibhéal leis na hiarrachtaí a bhi ag na drámadóirí Angla-Éireannacha ag an am. Rinne an tOireachtas iarracht eile sa bhliain 1911 chun an scéal a fheabhsú:

A number of our writers are evidently anxious to produce drama and the Oireachtas Committee has for years endeavoured to encourage this spirit. From the judges reports, however, it would seem that many of the competitors lack knowledge of the technique. This year (1911) a prize is being offered for the best essay on the principles governing the writing of drama, and it is hoped that something which will serve as a useful guide may be the result.¹⁷

Bheartaigh siad chomh maith gan na duaisiarrachtaí a léiriú sa bhliain 1911 chun am a thabhairt dóibh complacht aisteoirí a bhunú faoi scáth an Oireachtais agus léiriú a bheith i 1912, rud a rinneadh. Ba é seanPhádraig Ó Conaire a bhuaigh an chéad duais i 1911, (21 iomaitheoirí a bhí san chomórtas), lena dhráma Na Gaiscidhígh agus fuair Seán Ó Ceallaigh an dara háit leis an dráma Cú Chulainn agus Cú Roi. Léiriódh na drámai seo ag Oireachtas 1912 agus dráma eile le Tomás Ó hAodha Mainchin. I measc na n-aisteoirí sna drámai seo bhí: Domhnall Ó Murchadha, Liam Ó Rinn, Treasa Ni Mhuirthille, Nell Ni Bhroin, Proinnsias Ó Suilleabháin, Piaras Béaslai, Tómas ó hAodha agus Cormac Breathnach. Rinne CAOR (Léirmheastóir na linne) léirmeas ar na drámai. Ag tagairt do Cú Roi deir sé:

The play has dramatic incident and sequence in a high degree, but the characters have little character and colour. A dramatist must be able to give light and shade to the various parts of a play and to construct it so that the whole will have a binding "craiceann" is

Ag cur crioch leis an léirmheas seo deir sé:

Dublin players are quite capable of acting well in Irish plays and they may succeed in forming a permanent company if they give attention to necessary detail. It would be well however, to give provincial amateur companies an opportunity of showing us what simple staging and acting can do. We are much

further behind in acting than in playwriting.¹⁹

Léirigh Craobh an Chliabhraigh de Chonradh na Gaeilge Ar son Baile agus Tire le Séamus Ó Duirinne sa Rotunda ar an 16ú agus 17ú Bealtaine 1912. Thug an Claidheamh Soluis an léirmheas seo ar an dráma i ndiaidh a chéad léiriú:

Dráma cheithre ghníomh is eadh é agus is é an dráma is fuide do cuireadh ar na cláireachaibh fós é. Tugann an dráma cúnntas soiléir ar gnóthaibh na bliadhna 1867 agus ar oibreachaibh na bhFinghíni.²⁰

Ní i mBaile Átha Cliath amháin a léiriódh drámai. Cuireadh ar stáitse An Tobar Draoidheachta leis an tAthair P. Ó Duinnín ag Feis Chontae Chiarrai i dTrá Lí ar an 15ú Lúnasa 1902 agus léiriódh An Sprid leis an Athair P. Ó Laoghaire le linn Feis na Mumhan i gCorcaigh ar an 26ú go dtí 28ú Lúnasa 1902. Cuireadh túis le hamharclannaiocht i gCo na Gaillimhe nuair a léiriódh an gearrdráma An Pósadh leis an gCraoibhín sa bhliain chéanna. I nGaillimh sa bhliain 1904 léiriódh an dráma An Deoraidhe le Lorcan ó Tuathail agus seo mar a chuir An Craoibhín síos air:

Chonaic mé An Deoraidhe i nGaillimh, agus is iomdha gáire

do bhain sé asam. Bhí greann agus brón ann, agus bhí teagasc slán foláin ann. Gaedhilg bhragh soiléir, soleigte do bhí ann freisin. Budh mhaith liom é fheicsint mar leabhar le leigheadh ins gach aon sgoil, agus dhéanfadh sé maith ar dhá bhealach, ag múineadh Gaedhilge coitchinne na tire do na páistibh agus ag cur in umhail dóibh go mb'fhearr fanamhaint san mbaile ná dul go dtí an tóileán úr.²¹

Léiríodh An Fómhar leis an Athair Thomás ó Ceallaigh ag Feis Shligigh ar an 2ú Aibreán 1907. Dúirt Liam ó Riain faoi ag an am:

that An Fómhar had proved one of the most human and dramatic creations which the tentative Gaelic stage had seen.²²

Tionóladh an tOireachtas taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath in 1913 don chéad uair ó bunaiodh é sa bhliain 1897. Cuireadh túis leis i gCathair na Gaillimhe ar an 27 Iúil. Cuireadh trí dhráma ar stáitse le linn na féile, Bairbre Ruaidh le Pádraig ó Conaire a ghnóthaigh an chéad duais in Oireachtas na bliana 1908; An Cleamhna leis an gCraoibhín agus An Deoruidhe le Lorcán ó Tuathail. Ba iad craobhacha de Chonradh na Gaeilge ar fud na tire a léirigh na dramai seo. Bhí an drámaiocht go mór chun tosaigh sna craobhacha go léir faoi seo agus le linn 1912 agus 1913 léiríodh an-chuid drámai ar fud na tire. Sa bhliain 1913, ar Lá 'le Pádraig ghlac Amharclann na Mainistreach uirthi féin dráma

Gaeilge a chur ar stáitse, An Tinnceír agus an tSídheog.

Ceoldráma i nGaeilge

Léiriodh an chéad cheoldráma raimh as Gaeilge sa Rotunda ar an 21ú Lúnasa 1909, chun Oireachtas na bliana sin a oscailt:

Ocht mí o shoin nior cheap aoinne in Eirinn go mbeadh a leithéid ag an Oireachtas seo.....²³

Ba iad Riobárd Ó Duibhir agus an tAthair Tómas Ó Ceallaigh a chuir an ceoldráma Eithne ar an fhód. Chuir an tAthair Ua Cheallaigh foirm rannaiochta ar scéal Uí Dhuibhir agus cheap sé na hamhráin dó chomh maith. Ba í Eibhlín Ni Dhubhthaigh a bhí i bpáirt Eithne agus ghlac na daoine seo a leanas páirt ann chomh maith: Réamonn Mac Anabadha, Aindrias Tirial, L.Ó BranagáIn, A Ó Baoighealláin, Tómas Mac Raghnaill, Máire Ni Mhiodhcháin, Seán de Brún, Art Mac an Bháird, S. Ó Duinn agus Aine Ni Bheig. Léiriodh arís é san *Gaiety Theatre* ón 16ú go dtí an 21ú Bealtaine 1910 faoi stiúir Chonradh na Gaeilge agus tógadh Joseph O'Mara, William Dever agus Lillian Matthews isteach ann mar aisteoirí. Cuireadh sios mar seo ar an léiriú sa Claidheamh Solais, 28ú Bealtaine 1910:

One of the excellent results that have attended the production of Eithne at the *Gaiety* is the discovery by professional singers and by the

general public of the suitability
of Irish for opera singing.²⁴

Dúirt Joseph O'Mara, ceoltóir proifisiúnta comhaimseartha:

The Irish language is so full
of vowel sounds, so soft and expressive
that it lends itself equally well
with Italian to the singing of
opera. It is a better language to sing
in than English.²⁵

D'éirigh go maith leis an gceoldráma, mar sin is mór an
trua nár tugadh faoi a leithéid a dhéanamh arís ar feadh i
bhfad. Ach bhí cursai polaitiochta agus Éiri Amach 1916 ar
intinn na ndaoine agus ni raibh an t-am acu diriú ar a
leithéid.

Irish National Theatre Society

Taobh le seo tharla cor san Amharclann Angla-Éireannach
nuair a osclaiodh *Amharclann na Mainistreach* sa bhliain
1904. Cuireadh deireadh leis an *Irish Literary Theatre* sa
bhliain 1901:

in Ireland a National dramatic
project that was purely literary
was impracticable.²⁶

Ach d'fhán Yeats agus Lady Gregory i dteannta a chéile agus
thoasigh siad ag cur pleananna le chéile chun cumann nua
náisiúnta a chur ar bun. Thug siad na deartháireacha Fay in

éineacht leo agus ba mhór an cuidiú iad:

The contribution of William G. Fay and Frank J. Fay to the initial formation of Dublin's *Abbey Theatre* is incontrovertible. Willie was the Theatre's first stage manager and first great comic actor, his brother Frank was its first voice coach and first fine actor. Between them, they established a tradition of playing distinguished by its meticulousness of preparation, its thorough-going sincerity of tone, its reticence of movement, and its beauty of diction. Without this standard, the initial lustre of Synge, Lady Gregory, George Fitzmaurice and Yeats would undoubtedly have seemed much dimmer.²⁷

Cheap na Fays, go mórmór Frank, gur chóir Amharclann dá gcuid féin a bheith ag Éireannaigh le drámai agus aisteoirí dá gcuid féin:

My notion of an Irish National Theatre is that it ought to be the nursery of an Irish Dramatic Literature which, while making a world-wide appeal, would see life through Irish eyes. For myself, I must say ~~that~~ I cannot conceive it possible to achieve this except through the medium of the Irish language. Now the Gaelic Movement is so large, the time is ripe, if not for an Irish National Theatre at least for the nucleus of one in the shape of the frequent performance of plays in the Irish Language.²⁸

Duine léannta ab ea Frank agus bhí eolas aige air chúrsai drámaiochta ar fud na hEorpa, go háirithe ó thaobh an aisteora de. Bhí a fhios aige gur bunaiodh amharclann náisiúnta ó thaobh chumann amaitéarach aisteoirí san Ioruaidh faoi lámh Ole Bull agus gur tharla an rud

chéanna sa Fhrainc nuair a chuir Andre Antoine túis leis an *Théatre Libre*. Bhí na Fays i mbun buíon d'aisteoirí amaitéaracha sa chathair nuair a cuireadh deireadh leis an *Irish Literary Theatre*. *The Ormonde Dramatic Society* an t-ainm a bhí air agus bhí baint ag Inghinidhe na hÉireann leo, cumann bantrachta a bhí ceangailte le Cumann na nGael. Léirigh an cumann seo cúpla dráma, coiméidi gearra éadroma a bhí coitianta i Sasana, i hallai ar fud Bhaile Átha Cliath. Thaitin drámai an *Irish Literary Theatre* leo ach amháin gur aisteoirí Sasanacha a bhí páirteach iontu. D'fhéadfadh a bhfoireann féin, dar leo, na drámai seo a léiriú gach pioc chomh maith. Má bunaiodh amharclann náisiúnta sa Fhrainc agus san Ioruaidh cén fáth nach bhféadfadh an fhorbairt céanna a bheith in Éirinn?

Scriobh George Russell (AE), file cáiliúil na haoise, dráma aon-ghniomh bunaithe ar an seanscéal Oidhe Chlainne Uisnigh. Léigh na Fays é san Weekly Journal agus thaitin sé go mór leo. Chuaigh siad chuig AE agus d'iarr siad cead an dráma Deirdre a léiriú ach cheap siad go raibh sé beagáinín ró-ghairid chun cothrom na féinne a thabhairt don scéal. D'éist AE leo, ghlac sé chun pinn arís agus niorbh fhada go raibh dráma trí ghniomh scriofa aige. Ghlac Yeats agus Lady Gregory leis agus léiriodh dráma AE i Halla Treasa Naofa i Sráid Clarendon ar an 2ú Aibreán 1902. Chomh maith le Deirdre cuireadh dráma le Yeats ar an stáitse an oiche chéanna, Kathleen Ni Houlihan. Scriobh Yeats an dráma seo do Maud Gonne, Uachtarán Inghinidhe na hÉireann, mar

bhí sé go mór i ngrá léi. Thug Yeats an dráma do na Fays ar choinnioll go dtabharfai an phriomhpháirt do Maud Gonne féin. Seo iad na haisteoíri agus a bpáirteanna sa dá dhráma:

Deirdre

Deirdre.....	Maire T. Quinn
Lavarcam, her foster mother	
a Druidess	Maire Nic Shiubhlaigh
Fergus	P.J.Kelly
Sons of Fergus:	
Buinne	P. Colum
Illaun	C. Caulfield
The Sons of Usna:	
Ardan	F.Ryan
Ainnle	H.Sproule
Naisi	J. Dudley Digges
Messenger	Brian Callender
Concobar, Ard-rie of Ulla ...	F.J. Fay

Cathleen Ni Houlihan

Cathleen Ni Houlihan	Maud Gonne
Delia Cahel	Maire Nic Shiubhlaigh
Bridget Gillan	Maire T. Quinn
Patrick Gillan	C. Caulfield
Michael Gillan	J. Dudley Digges
Peter Gillan	W.G. Fay ²⁹

Ina dhiaidh seo agus toisc gur éirigh chomh maith leis na drámai, bunaiodh an *Irish National Theatre Society (INTS)*, le Yeats mar Uachtarán, Maud Gonne, Dubhghlas De hÍde agus AE mar leas- Uachtaráin, W.G. Fay mar bhainisteoir stáitse agus Fred Ryan mar rúnai. 'Séard na cuspóiri a bhi acu ná:

to continue if possible on a more permanent basis the work begun by the *Irish Literary Theatre*, to create an Irish National Theatre by producing plays in English and Irish, written by Irish writers or on Irish subjects or such dramatic works of foreign authors as would tend to educate and interest the public in the higher and more vital forms of drama.³⁰

Thosaigh léirithe an *Irish National Theatre Society* ar an 4ú go dtí 6ú Nollaig 1902 i Camden Street Hall, nuair a léiriodh The Laving of the Foundations le F Ryan; The Pot of Broth le Yeats agus dráma Gaeilge a léiriodh ag an am chéanna, Eilis agus an Bhean Déirce le Peadar Mac Fhionnlaoich. Halla an-bheag a bhí ann agus ní raibh sé ró-chompórdach d'aisteoirí nó don lucht éisteachta. D'athraigh siad ón Halla i 1903 go Halla Molesworth agus léiriodh The Hour Glass, le Yeats agus Twenty Five le Lady Gregory. Le linn an tsosa thug Yeats léacht dar teideal "The Reform of the Theatre" ina ndúirt sé:

His own dream had always been
to treat the old legends so as to
put on the stage types of heroic
manhood. He wrote in English for
we must speak in the language
we think in and write in the
language we speak in. And more
important than questions of
politics or language it was to
give a new artistic form to beauty
and truth, and when that command
came to a man he must leave many
things to follow it.³¹

Lean an *Irish National Theatre Society* go dúthrachtach dá gcuspóir ag léiriú a gcuid drámai i Molesworth Hall no cibé halla beag a bheadh le fáil acu. Thug an tAthair O'Donovan as Baile Locha Riabha an chéad chuireadh don *INTS* léiriú a dhéanamh taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath le linn na Cásca 1903. Léirigh siad Deirdre agus The Pot of Broth agus thaitin siad go mór leis an lucht tuaithe a bhí ag freastal. Niorbh fhada ina dhiaidh seo go bhfuair an *INTS*

cuireadh léiriú a dhéanamh taobh amuigh d'Éirinn, thar lear i Sasana. Chuir Stephen Gwynn, rúnai an *Irish Literary Society of London*, cuireadh chucu teacht go Londain ar an lú Bealtaine, rud a rinne siad. Chuir siad The Hour Glass, Twenty Five, Kathleen Ni Houlihan agus The Laying of the Foundations ar stáitse i Londain, áit a ndúirt William Archer, léirmheastóir Sasanach, sa pháipéar The World:

I remained to admire and applaud with the utmost sincerity. The company, indeed were amateurs, with many of the characteristics faults of their class, but in almost all of them there was a clear vein of talent, and the work they presented, was all of it interesting and some of it exquisitely and movingly beautiful.³²

Forbairt an-tábhachtach é seo don *INTS*, don dráma Angla-Éireannach agus go hindíreach don dráma Gaeilge. B' iontach an t-éacht é do chumann nach raibh ach roinnt mí ar an saol.

Tháinig drámadóiri eile chun tosaigh sa tréimhse seo agus direach ar aon dul leis an dráma Gaeilge bhi an-chuid drámai a scriobh ar fud na tire ag daoine mar James Cousins, Fred Ryan, Pádraig Colum agus John Millington Synge, an fear a d'fhág a rian thar cách ar scéal na drámaiochta in Éirinn le drámai mar In the Shadow of the Glen agus Riders to the Sea.

Sa bhliain 1903 d'fhág beirt aisteoirí an *INTS*, Dudley Digges agus Máire Quinn agus bhunaigh siad cumann dá

gcuid féin, *The National Players Society*. Daoine óga a raibh baint acu le gluaiseacht náisiúnta na tire a ba mhó a bhí sa chumann seo. Bhí siad go léir ag foghlaim Gaeilge agus socraiodh go ndéanfaí dráma beag Gaeilge a stáitsiú i dteannta an dráma Béarla ag gach léiriú.

I ndeireadh na bliana 1904 tháinig aisling Yeats agus Lady Gregory chun críche. Ar an 27ú Nollag oscailiodh *Amharclann na Mainistreach/The Abbey Theatre*, an chéad Amharclann Náisiúnta i dtír na hÉireann. Ba bhronntanas é an Amharclann ó bhean darbh ainm A.E.F. Horniman, a dúirt leis an *INTS*:

I can only afford to make a very little theatre and it must be quite simple. You all must do the rest to make a powerful and prosperous theatre with a high artistic ideal.³³

D'oscail an Amharclann nua le léiriú de On Baile's Strand le Yeats agus coiméide ghearr Spreading the News le Lady Gregory. Bhí an teach lán agus bhain gach duine sult as na drámai. B' iontach an rud é do na haisteoíri amharclann dá gcuid féin a bheith acu agus spreag sé drámadóiri le dul i mbun pinn. Ní raibh le déanamh anois ach an amharclann a thosaigh in aigne Yeats agus Lady Gregory , sa bhliain 1899 a chur chun cinn.

Cé nár chuir bunú na hAmharclainne seo isteach go ró-mhór ar lucht na Gaeilge, thug sé spreagadh do na

scríbhneoirí leanúint ar aghaidh lena gcuid saothair.

Léiriodh an chéad dráma Gaeilge An Tinnceír agus an tSidheog san amharclann i mí na Márta 1913 agus léirigh aisteoirí Scoil Éanna An Rí le Pádraig Mac Piarais ar an 17ú Bealtaine. Chuir an léiriú seo túis le drámadóir nua i nGaeilge agus ag an am céanna bunaiodh cumann d'aisteoirí na Gaeilge, faoi stiúir Phiaras Béaslai, Na hAisteoirí.

Na hAisteoirí agus na Cluicheoirí

Bunaiodh cúpla complachtaí idir na blianta 1900 agus 1912 ach níor éirigh go rómhaith le ceann ar bith acu. Mar atá feicthe againn bhí an-chuid drámai á scriobh agus á léiriú ag lucht an Oireachtas ach i gcomparáid leis an dráma Angla-Eireannach agus complacht *Amharclann na Mainistreach* níor éirigh leis an Ghaeil. dul chun cinn a dhéanamh le linn na tréimhse seo. Is deacair a rá cén fáth, ach is léir ón fhreastal ar na drámai nach raibh an oiread suime ag lucht freastail na hAmharclainne sa dráma Gaeilge agus a bhí aige sa dráma Béarla. Mar sin ba thábhachtach an forbairt é nuair a tháinig dhá chomplacht d'aisteoirí Gaeilge chun tosaigh go luath sa bhliain 1913 - Na hAisteoirí agus Na Cluicheoirí. Forbairt fhior thábhachtach é seo i saol an dráma Gaeilge mar thaispeáin sé gur thuig lucht na teanga gur bhain an dráma leis an aisteoir agus an scribhneoir araon. Chomh maith le sin, d'fhéadfai a rá go raibh siad ag tosú mar a thosaigh Yeats agus Lady Gregory sa bhliain 1899, cé gur thóg sé cúig bhliain orthusan

amharclann dá gcuid féin a fháil bhí sé faoi lánseol ag Yeats anois ní amháin in Éirinn ach i Sasana agus i Meiriceá chomh maith. Tháinig *Na hAisteoiri* le chéile ag 25 Cearnóg Pharnell agus bhunaigh siad cumann d'aisteoirí Gaeilge chun bundhrámai Gaeilge amháin a léiriú. Ba é Piaras Béaslai priomhcharachтар nó ceannródaí an chumainn seo agus Eithne Ni Cheallaigh agus Deora Frinseach a bhí mar rúnaithe aige. Seán Ó Ceallaigh a toghadh mar chisteoir agus 7, Faiche Stiofáin an seoladh a bhí acu. An chéad dráma a léirigh siad ná Beart Nótai le Máire Ni Shithe agus Beirt na Bodhaire Bréise le Piaras Béaslai ar an 12ú Aibréan 1913 i Halla an Chonartha. Thaisteal siad ar fud na tire chomh maith ag léiriú duaisdhrámai an Oireachtas. Thug siad aghaidh ar Ghaeltachtaí na Mumhan i mí Iúil 1913, mar ar léirigh siad Fear an Sgéilin Grinn le Piaras Béaslai.

Tháinig complacht eile chun tosaigh ag an am céanna, *Na Cluicheoiri*. Cé go raibh baint aici le Conradh na Gaeilge bheartaigh *Na Cluicheoiri* ar aistriúcháin ó dhrámai Béarla agus Angla-Éireannach a léiriú in ionad bundrámai ón Oireachtas a bhí mar bhunchloch ag *Na hAisteoiri*. An chéad tagairt atá ar fáil do *Na Cluicheoiri* ná an léiriú a thug siad de Bairbre Ruadh agus Mac na Mná Déirce ar an 2ú agus 3ú Bealtaine 1913 in *Amharclann na Mainistreach*. Dráma aon-ghniomh é Mac na Mná Déirce a scriobh Séamus ó Ceallaigh i mBéarla agus ba iad Michéal Mac Ruaidhre agus Seán Mac Giollarnáth a d'aistrigh go Gaeilge é. Seo é an réamhfhógra a thug an Claidheamh Solais

don léiriú seo ar an 26ú Aibréan 1913:

An Irish weekend at the Abbey. Irish drama is about to step over the threshold of the Gaelic League door and take its place on the public stage.....
This venture of the *Cluicheoirí* suggests to us that Gaelic drama has overstayed its time in the cradle. It is now about to make a bold attempt to walk and we welcome the attempt and wish it success.³⁴

Bhí siad ar ais sa *Mhainistir* aris ar an 24ú agus 26ú Samhain 1913 le Fá Bhrigh na Mionn: Caitlin Ni Uallacháin agus Dubhairt sé Dábhairt Sé agus bheartaigh siad ar Féile Bride a cheiliúradh sa *Mhainistir* go luath i mi Feabhra le cúpla dráma Gaeilge eile. Labhair Pádraig Mac Piaraí ag léiriú na ndrámai seo ar an 26ú Samhain agus mhol sé do na haisteoíri go léir freastal ar an Ghaeltacht chun éisteacht le caint nádúrtha na ndaoine, na seanchaithe, an fhíliocht, an ceol agus mar sin de. Cheap Mac Piaraí agus an-chuid daoine ag an am nach dtiocfadh le complachtaí mar *Na hAisteoíri* agus *Na Cluicheoirí* dul chun cinn sa Ghalldacht, in áit nach dtuigeann formhór na ndaoine an Ghaeilge. Mhol Eamonn Ua Thuathail sa Chlaidheamh Solais 29 Samhain 1913, gur chóir drámai Gaeilge a léiriú sa Ghaeltacht agus:

Má théid siad ar aghaidh go maith, beidh Amharclann fhior Ghaedhealach againn ar ball. Ba cheart go sáráchadh a léithéid ar aon rud dá ndearnadh as Béarla go fóill. Tá sean-sgéaluidhthe go leor againn go fóill sa Ghaedhealtacht le go bhféadfadh lucht drámuideachta an nós Gaedhealach fhoghlúim le sgéal a arsuighe. Tá ár saith amhránuighthe

Gaeilge in Éirinn le go bhfoghlumóchaidhe an dóigh Gaedhealach le hamhrán a ghabháil. Agus thairis sin tá caint bréagh bhinn liomtha na Gaeilge ann go beo bhríoghmhar - an t-ádhbhar drámuideachta is fearr dá bhfuil le fághail. Nios bhfearr dá bhfuil ag Shakespeare féin.³⁵

B'fhéidir go raibh Eamonn Ua Tuathail ag dul thar fóir anseo ach ba mhór an trua nár éist duine ar bith lena moltaí. Cé gur éirigh maith go leor leis *Na hAisteoirí* agus *Na Cluicheoirí* sna blianta tosaigh seo, níor tháinig an dráma Gaeilge chun cinn mar ba chóir go dtí gur bunaiodh *An Comhar Drámaiochta* sa bhliain 1923 agus níos moille ná sin sa bhliain 1928 nuair a bunaiodh *Taibhdhearc na Gaillimhe* agus *An Gheata* faoi stiúir Hilton Edwards agus Micheál Mac Liammóir.

Ach d'ainneoin seo lean *Na hAisteoirí* agus *Na Cluicheoirí* leis an obair. D'oibrigh siad le chéile go minic agus is féidir a rá nach raibh easaontas idir an dá dhream riamh. Bhí siad araon páirteach le chéile in *Amharclann na Mainistreach* agus Féile na Samhna 1915 nuair a léirigh *Na hAisteoirí*, Fear na Milliún Punt le Piaras Béaslai agus léirigh *Na Cluicheoirí*, An tSaidhm le Alfonsus ó Labhradha. Bhí baint acu leis na hÓglaigh agus ghlac cuid mhór acu páirt in Éiri Amach na Casca 1916, imeacht a chur bac ar an drámaiocht ar feadh tamaill.

Pádraig Mac Piaraí agus an tEiri Amach

Rugadh Pádraig Mac Piaraí sa bhliain 1879.

Sasanach ab ea athair an Phiarsaigh agus Éireannach a mháthair. Ó thús a shaoil chuir sé suim sa Ghaeilge agus an litriocht ach ba le cúrsai tirghrá agus polaitiochta a chaith sé an chuid ba mhó dá shaol. Sa lá atá inniu ann aithnitéar é mar shaighdiúir, mar oideachasóir agus mar mhúinteoir. Murabhbh Éiri Amach na bliana 1916 b'fhéidir go mbeadh clú agus cáil air mar scribhneoir agus drámadóir thar na rudai eile. Bhí páirt aige sa chomplacht *The Irish Theatre Company* a bhunaigh Tomás Mac Donnchadha, Joseph Mary Plunkett agus Edward Martyn sa bhliain 1914 le drámai a léiriú i nGaeilge. D'úsáid siad an amharclann i Sráid Hardwicke agus is ann a léiriódh dhá dhráma leis an bPiarsach Iosagán as Gaeilge agus The Master, dráma Béarla, i mí Bealtaine 1915. Ba iad mic léinn ó scoil an Phiarsaigh a léirigh an dráma seo, Aisteoirí Scoil Éanna. Drámai miorúilte (miracle plays) ab ea an dá dhráma seo, rud nach raibh le feiceáil riamh i ndrámaiocht na Gaeilge. Scéal simpli atá ar fáil in Iosagán, suite in iarthar na hÉireann, insíonn sé faoi neamhchreidmheach, Sean-Mhaitias. Tá grá faoi leith aige do pháistí agus ba thríd an ghrá seo agus an leanbh Iosagán a thagann an creideamh ar ais chuige ag deireadh an dráma. Bhí seo le rá ag an Claidheamh Solais faoi:

But the high merit of Iosagán
is not alone its simplicity, not
its fineness of words, but that
it is deeply human. Pity, mercy,
the ultimate folly of despair,
sound upon the lips of children.³⁶

Chreid Mac Piarais i mbeolitriocht a chur ar fáil mar
cheap sé nach bhféadfaí bheith ag brath ar sheanscéalta
béaloidis chun aos óg nó aos fásta na linne a shásamh.
Tagann beocht chun tosaigh sa dráma Iosagán, beocht a
bhi in easnamh sna drámai Gaeilge go dtí seo. Scriobh
Mac Piarais an saothar eile, The Master i nGaeilge ar
dtús agus d'aistrigh sé go Béarla é. Dráma miorúilte é
seo chomh maith ach tá sé i bhfad níos doimhne agus
níos neamhchoitianta ná Iosagán. Chuir an Piarsach
dráma eile ar fáil, Dúnlains Óg agus an Leannán Sidhe.
De réir an Claidheamh Solais, dráma é seo a bhi ar fáil
roimh dhrámaiocht na hAthbheochana, a thosaigh thart
faoi 1900 nó mar sin:

Mr Pearse is doing Irish literature
a service by producing the only known
fragment of a pre revival Irish play
at Hardwicke Street this week in
conjunction with his miracle plays.
The accepted statement that native
Irish literature had never evolved
a drama was disproved some years
ago by the discovery of this
fragment and its publication in
Irisleabhar na Gaedhilge. It is
part of a long play which was
performed among the people in Co.
Kerry up to the forties of the
last century.³⁴

Tá sé deacair a rá ag an bpointe seo an fior-dhráma a bhí i gceist ag Muintir Chiarráí nó ar bhain an dráma seo le tradisiún an *Folk Play* nó dráma tuaithe. Ach léirigh an dráma gearr seo na smaointí a bhí ag an Phiarsach ar an drámaiocht, gur ealáin náisiúnta, nádurtha é díreach cosúil le ceol agus amhránaiocht na Gaeilge. Léirigh Mac Piarais na smaointí seo san léacht a thug sé dar teideal "The Irish Style of Dramatis Speaking" ar an 26ú Samhain 1913 in *Amharclann na Mainistreach*.

Bhí Oireachtas 1916 le bheith i bPort Láirge ach leis an Éiri Amach nior tionóladh é go dtí an bhliain ina dhiaidh sin. Léirigh *Na hAisteoirí, An Dochtúir Bréige* le linn Oireachtas 1917 agus léiriodh dráma leis an Athair Tomás Ó Ceallaigh *An Fómhar* chomh maith. Dráma é seo bunaithe ar cheann de seanscéalta na hEireann. Fuair sé ardmholadh ó Liam P. ó Riain a dúirt:

the tragic story of Deirdre attracted
the imagination of an tAthair Tómas
Ó Ceallaigh whose modern play,
An Fómhar has proved one of the most
human and dramatic creations which
the tentative Gaelic stage has seen.^{ss}

Bhuaigh Pádraig Ó Conaire agus Seán Mac Caoilte duais £20 do dhráma a scriobh siad d'Oireachtas 1918 dar teideal *A Chéad Bhean* agus bronnadh duais speisialta ar

Phrionnsias Ó Suilleabháin de bharr aistriú ar an dráma
Béarla The Call of the Sea.

Ní raibh drámaiocht ar bith le fáil in Oireachtas 1919 a tionóladh i gCorcaigh ach iarradh ar Phiaras Béaslai plean ionlán a dhéanamh amach chun cabhair a thabhairt do dhrámadóiri agus aisteoirí na Gaeilge. Dá bharr mhol sé complacht a bhunú chun drámai a léiriú gach Satharn, drámai nua a aimsiú agus iocaiocht a thabhairt ar a shon, freastal ar an nGaeltacht leis na drámai sa samhradh, leanúint ar aghaidh le léirithe an Oireachtais agus complachtaí eile a bhunú taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Leis na moltaí seo in aigne an Chonartha chuir siad chun Oireachtas 1920 a reachtáil le misneach, go háirithe ó thaobh na drámaiochta de. D'iarr siad ar na cumainn drámaiochta go léir dráma nó drámai a chleachtadh láithreach agus iad a bheith réidh chun go léireofai iad in Halla an Chonartha roimh an Oireachtas chun go dtoghfai na cinn ab fhearr don Oireachtas. Léiriodh na duaisiarrachtaí seo a leanas ag an Oireachtas; A Chéad Bhean agus Na Gaiscigh le Pádraig Ó Conaire; Cluiche Cártai agus An Scaothaire le Piaras Béaslai agus dráma stairiúil le Seán Ó Ceallaigh Cú Roi. Bhí comórtas do dhaoine óga ar fáil chomh maith. D'éirigh aisteoirí óga ó Choláiste San Domnaic An Clochar agus léirigh páistí ó Chraobh Moibhí An Naomh ar Iarraidh leis an gCraoibhin agus An Tobar Naofa le Séarlot Ni

Dhunnlainge. Chualathas ainmneacha mar Máirín Ní Mhuiriosa, Caoimhín Mac Fhionnlaoich, Dúghlas Mac Fhionnlaoich agus Eoin Ó Broalacháin don chéad uair an bhliain sin. Ní raibh léiriú ar bith ag Oireachtas 1921 nó 1922. Ina áit reachtáileadh Féile Drámaiochta ó 23ú go dtí 28ú Iúil 1923 inar cuireadh ar stáitse Bean an Mhilliúnai le Gearóid ó Lochlainn; An Tincéir agus an tSídheog le Dubhghlas De hÍde, Cluiche Cártai le Piaras Béaslai agus cúpla aistriúchán eile. Deirtear gurb í an fhéile seo a chuir siol sa talamh don *Chomhar Drámaiochta* a bunaiodh i bhFómhar na bliana sin 1923.

Caibidil 3

(1922 - 1932)

An Comhar Drámaiochta 1922 – 1923

Deir Lennox Robinson:

The arts are always susceptible
to politics, sometimes they lay
on them a dead hand.¹

Mar atá feicthe sa chaibidil deireannach d' fhéadfai a rá go raibh ráiteas Robinson thuas i dtaobh drámaiocht na Gaeilge fíor le linn tréimhse na gCogáin in Éirinn (ó 1916 – 1922 beagnach). Bhí lucht na Gaeilge dála le muintir na hÉireann go léir, tógtha suas le spiorad an naisiúnacháis agus mian na saoirse. Ní raibh an t-am ag an chuid is mó acu a n-intinn a dhíriú ar dhrámai nó ar léiriú. Leanann Robinson ar aghaidh agus deir sé:

But if politics can lay a dead hand
on the arts, they can often stimulate
them.²

Cé gur thóg sé cúpla bliain ar na Gaeil sochar a bhaint as an tréimhse seo ar mhaithe leis an drámaiocht, thug bunú an *Comhar Drámaiochta* spreagadh do na drámadóiri tabhairt faoin bpeann arís. Thosaigh drámai Gaeilge ar ábhar mar Éiri Amach na Cásca, An Cogadh Domhanda, An Cogadh Cathartha agus an Stát Nua ag teacht ar an

bhfód.

Bunaíodh an *Comhar Drámaíochta* i bhFómhar na bliana 1923 in áras Chonradh na Gaeilge, 25 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath. Ba iad Piaras Béasláí agus Gearóid ó Lochlann priomh-cheannródaíthe an chumainn nua seo. Tógaigh Piaras Béasláí le Gaeilge. Ba as Corcaigh dá mháthair agus as Ciarraí dá athair. Bhí sé ina eagarthóir ar pháipéar Na Connachta ó 1917 go dtí 1920 agus cé gur drámai is mó a scriobh sé, tá a ainm le feiceáil ar cúpla dán agus aistriúchán ar dhrámai na hEorpa chomh maith.

Rugadh Gearóid ó Lochainn i Learpholl Shasana ach tháinig an teaghlaich ar ais go hÉirinn bliain ina dhiaidh sin agus thosaigh Gearóid ag foghlaim na Gaeilge ar an bpointe. Chaith sé seal thar lear in Ollscoil Cópanhágan ag déanamh staidéir ar theangeolaíocht, ar fhealsúnacht agus aigneolaíocht agus thaisteal sé ar fud na hEorpa le linn na tréimhse seo. Scriobh sé don Claidheamh Solais agus do Fáinne an Lae faoin ainm "An Lochlannach" ach is léir go raibh a chroi i gcónai sa drámaíocht. Chuir sé spéis san ealáin seo agus é thar lear agus nuair a d'fhill sé ar Éirinn sa bhliain 1921 chuir sé an t-eolas a bhí faighe aige i bhfeidhm ar drámaíocht na hÉirinn. B'eisean a scriobh an leabhar beag faoi drámaíocht na Gaeilge Ealáin na hAmharclainne, ceann den fhior bheagán a scriobhadh faoi dhrámaíocht na tire seo. Chomh maith leis an

bheirt seo toghadh mar choiste na daoine seo a leanas:
Pádraig Ó Siocfhradha, Tadhg Ó Scannaill, Muiris Ó
Catháin, Máire Ni Chinnéide, Risteard Ó Foghludha
("Fiachra Éilgeach"), Michéal Ó Siocfhradha, Máire Ni
hOisín, Bríd Ni hEigceartiagh, Pádraig Ó Bróithe agus
Liam S. Gógáin. B' iad na cuspóirí a bhí acu:

- 1 - Gluaiseacht drámaidheachta do chur ar siubhal ar fuaid na hEireann.
- 2 - Iad so a chuireann suim i ndrámai Gaedhilge do snaidhmeadh le chéile i dtreo gur fearr de éireochadh leo obair na drámaidheachta do chur chun cinn.³

Rinne an *Comhar* socrú le *Amharclann na Mainistreach* feidhm a bhaint as an ionad ar an gcéad Luan de gach mí, ó mí na Samhna go dtí mí na Bealtaine. Ghlaigh siad "seisiún" ar na tréimhsí seo. Thug siad ainmneacha na ndrámai a bhí i gceist acu a léiriú dóibh chomh maith, rud neamhghhnáthach i saol amharclann ar bith. Bunaiodh complacht aisteoirí faoi threoir an *Chomhair* agus thug siad aisteoirí Átha Cliath orthu féin. Sa chéad bhliain den *Comhar*, cláraiodh 124 baill ann ar 51 an duine agus tugadh Comhar Chárta dóibh go léir a thug saorchead isteach dóibh chuig gach léiriú dá raibh acu. Thosaigh léiriú an *Chomhair* ar an 12ú Samhain 1923 in *Amharclann na Mainistreach* le An Dúthchas le Máire Ni Chinnéide; Uaigneas an Ghleanna aistriúchán le "Fiachra Éilgeach" ar The Shadow of the

Glen le J.M. Synge agus dráma le Piaras Béasláí féin Fear an Sgéilin Grinn. Seo a bhí le rá i bhFáinne an Lae 17ú Samhain 1923 faoi na léirithe:

Iad so a thuigeas cúrsai léirighthe
ní mórán locht a fuaireadar ar obair
na hoicche úd. Céim mhór 'un cinn
don Ghaedhilg saothar seo na n-aisteoirí
agus is mó an chreideamhaint atá
ag dul dóibh dá chionn sin.⁴

D'ainneoin an moladh seo is léir ón gcéad seisiún in *Amharclann na Mainistreach* go raibh fadhbanna ag an gComplacht mar is gnách i saol chompántais ar bith. An fhadhb is mó a bhí aige ná an ceangal le Conradh na Gaeilge a leag béim ar thábhacht an *Chomhair* agus an drámaiocht chun an teanga a chaomhnú. Tóg mar shampla an léirmheas thaus i bhFáinne an Lae, is cinnte gur ag moladh feabhas na Gaeilge atá sé agus ní le feabhas an dráma.

Fadhb eile a bhí acu ná lucht éisteachta a mhealladh chuig na drámai. Bhí Gaeilgeoiri na cathrach i gcónai i láthair. Mar shampla tuairisciódh ar Fáinne an lae 22ú Samhain 1923, gur éirigh go maith leis an dara babhta drámaiochta de chuid an *Comhar* agus:

go raibh slua móir Gaeilgeoiri
i láthair.⁵

Ach ní leor é seo chun amharclann Gaeilge a bhunú. Bhí spreagadh de dhith chun na sluaite a mhealladh, dráma cosúil le drámai Synge agus bhi leanúnachas i gcúrsaí amharclannaiochta i nGaeilge de dhith chomh maith.

Fadhb eile a bhi ag an *Comhar* nó caighdeán na Gaeilge sna léirithe. Is léir ó léirmheasanna áirithe ón dtréimhse sin nach raibh an Ghaeilge go maith ag an chuid is mó d'aisteoirí Átha Cliath, rud a chuir déistean ar léirmheastóiri Gaeilge agus a thóg ó luas na ndrámai, go háirithe i gcás na mbundrámai Gaeilge. Bhí easpa drámai nua scriofa ag cur isteach ar fhorbairt an chumainn seo chomh maith. Bhí seo ar eolas ag lucht drámaiochta an *Comhar* agus mar sin chun feabhas a chur ar an scéal thosaigh siad ag tabhairt faoi aistriúcháin ó dhrámadóiri cáiliúla na hEorpa agus an domhain mar Synge, Shaw, Murray, Moliere, Ibsen, Tchekhov agus a leithéidi a léiriú. Smaoineamh é seo a tháinig ó ghrúpa darbh ainm *The Dublin Drama League* a bunaiodh sa bhliain 1918 faoi threoir Lennox Robinson agus Yeats chun drámai iasachta a chur ar fáil in Éirinn. Le linn saol an chumainn seo (1918 - 1928) léiriodeadh drámai le Strindberg, D'annunzio, Sierra, Benevente, Euripides, Schnitzler, Chekhov, Pirandello, Flecker, Quinteros, Lenormand agus mar sin de. Nior léiriodeadh ach trí dhráma Angla Éireannach ann, ceann amháin le Bernard Shaw agus dhá cheann le Lord Dunsany.

Lean an Chomplacht seo ar feadh deich mbainéar go dtí gur bunaiodh *An Geata* faor threoir Mac Liammóir agus Hilton Edwards. Thug an fhorbairt seo tuiscint ar scribhneoireacht na hÉorpa agus an Domhain do lucht féachana na hÉireann ach is deacair a rá an ndearna sé mórán difriochta do dhrámaiocht na Gaeilge. Ach díreach cosúil leis an *INTS* a thosaigh ceithre bliana is fiche roimhe seo, bhí fadhbanna tosaigh ag an *Chomhar* ach bhí siad ag dul ar an mbealach ceart. Lean siad leis na léirithe san *Mhainistir* agus i mí na Nollag 1923 léiriódh Cúrsai Cleamhais, aistriúchán le Muiris Ó Catháin ar The Proposal le Tchekhov; An Mhuir, aistriúchán le Seán Tóibín ar Riders to the Sea le Synge agus An Dochtúir Bréige, aistriúchán le Fionáin Ó Loingsigh ar dhráma de chuid Molier.

Sa bhliain 1924/25 bhí *Amharclann na Mainistreach* fós mar ionad léirithe ag an *gComhar*. Bhí an-suim ag Earnán De Blaghd sa Ghaeilge agus sa drámaiocht agus chuidigh deontas bliantiúil de £600 a deonadh tríd go mór leis an *gComhar*. Chuir siad túis le seisiún 1924/25 san *Mhainistir* ar an Luan 17ú Samhain 1924 agus lean siad go dtí an triú Luan i lár mí Bealtaine 1925. Léiriódh Dall na mBan leis an Seabhac, dráma faoi chúrsai na sufraigéidi sa chathair; An Craipí Óg leagan Gaeilge le Muiris Ó Catháin ar The Croppy Boy i bhfoirm ceoldráma beag agus A Chéad Bhean dráma Phádraig Ó Conaire, faoi eachtra a tharla le linn

seachtain na Cásca 1916. B'fhiúntach an fhorbairt i dhá bhundráma Gaeilge a fheiceáil ar stáitse na *Mainistreach*.

Trí aistriúchán a léiriodh i mi na Nollag 1924 Dubhaint sé Dabhairt Sé; Fa Ehrigh na Mionn agus aistriúchán le Gearóid Ó Lochlainn ar dhráma Lochlannach *Heircleas* le Adolphe Rocke. B' iad na haisteoirí a bhí páirteach i ndrámai an *Chomhair* ag an bpointe seo nó: Tadhg Ó Scannaill, Máire Ni Shiocháin, Michéal Ó Siochrú, Muiris Ó Catháin, Gearóid Ó Lochlainn, Leon Ó Broin, Michéal reathnach, Donnchadh Mac Coiligh, Máire Ni Chinnéide, Tadhg Mac Firbisigh, Pádraig Ó Bróithe agus Máire Bhastabal.

Chuir Fáinne an Lae ceist fhior-thábhachtach in eagrán an pháipéir 20ú Nollaig 1924:

Cá bhfuil na scribhnoiri Gaedhilge?
Do bronnadh duaiseanna ag Oireachtas i ndiaidh Oireachtais ar úrdhrámaibh Gaedhilge. Cá bhfuil torradh na nduaiseanna sin? *

Bheadh an cheist sin á cur go fóill ach gur tháinig *An Gúm* ar an bhfód sa bhliain 1924 agus d'fhoilsigh sé an-chuid drámai Gaeilge. Bhunaigh an Roinn Oideachais, *An Gúm* le téacsleabhair agus chun litriocht i nGaeilge a chur ar fáil. Cheap siad coiste na leabhar chun láimhscríbhinní Gaeilge a léamh, iad a mheas agus leabhair oiriúnacha a phiocadh. D'fhoilsigh *An Gúm* na

drámai a bhí á léiriú ag an *Chomhar* go dtí seo.

Ach níor tháinig aon mhórghaisce i dtaobh na drámaiochta ón *nGúm*, áfach. Cé gur foilsiodh leabhair agus gur iocadh na scribhneoirí de réir lion na bhfocal, bhí na húdair ceangailte ag coinniollacha an Rialtais nuair a thug siad leabhar don *Ghúm* le foilsiú:

- 1 - The author must cede all rights....
- 2 - The author consents to any change or correction which the Minister may deem necessary in the text of the book.
- 3 - The Minister may refuse to proceed with the publication of the book should he decide that he has sufficient and good reason for so doing.....
- 4 - Should any dispute arise as to the interpretation or meaning or implementation of any provision in this contract, the decision will rest with the Minister, and there shall be no appeal against his decision.⁷

Bhí an chuid is mó de na drámai scrioifa roimh theacht *An Ghúm* ar an saol, ach ar a laghad bhí siad á bhfoilsiú agus á gcaomhnú le cur ar fáil do chompántais ar fud na tire. Scriobh na húdair leabhair sábhailte, neamhchunspóideacha ionas go bhfoilseofai iad. Chuir seo istaech ar shamhlaocht agus ar chruthaitheacht na n-údar. Ní raibh sé de mhisneach acu dul sa tseans ar son na drámaiochta nó ar son na litriochta. Glaonn Máirtín Ó Cadhain an "Soviet Organization" ar *An Gúm*:

Under this soviet organization of literature (*An Gúm*) two censorships operated, the ordinary state censorship and a special *Gúm* censorship which presumed that everything that was to be written in Irish was for children or nuns.⁸

Tháinig drámadóir nua chun tosaigh le linn an triú seisiún den *Chomhar in Amharclann na Mainistreach* ar an chéad Luan de Dheireadh Fómhair 1925, Pádraig ó Bróithe a scriobh dráma darbh ainm Réiteach na Ceiste. Chomh maith le seo cuireadh duaisdhráma an Oireachtas ó 1911 An tSnaidhm ar stáitse.

Dráma fáistineach le Seán Ó Ciarghusa ("Marbhán") darbh ainm Dibeartaigh ó sean Shasana a léiríodh ar an 2ú Samhain 1925. Rugadh Seán i gCúige Mumhan sa bhliain 1873. Bhí an-suim aige i gcúrsaí reatha agus bhí sé mar eagarthóir ar pháipéar beag darbh ainm An Scuab ó 1924 go dtí 1926 agus ansin d'oibrigh sé mar léachtóir i gColáiste Chomhghaill i mBéal Féirste. Sa dráma seo samhlaionn sé go mbeidh an Ghaeilge chomh mór sin chun tosaigh sa bhliain 2025 go gcaithfidh lucht an Bhéarla cumann a bhunú chun an teanga a chaomhnú. Ba é ábhar nó suiomh an dráma seo nó cruinniú bunaithe an chumainn seo. Ni raibh ach gniomh amháin ann agus dá bhri sin léiríodh bundráma Gaeilge eile le Piaras Béaslai, Cluiche Cartaí, ar an oiche chéanna. I mí na Nollag agus ag túis 1926 tháinig na haistriúcháin chun tosaigh arís. Léiriodh Athbarra.

aistrithe ag Michéal Ó Siocfhradha ó dhráma trí ghníomh le T.C. Murray agus léiriódh dhá aistriúchán eile i mi Eanáir, Ag an Telefón, aistrithe ag "Fiachra Éilgeach" ó dhráma Fraincise Grand Guignol agus dráma cáiliúil Ua Lochlainne Heircleas.

Tháinig drámadóir nua eile ar an bhfód sa tréimhse seo, Liam Ó Flathartaigh. Cé go bhfuil cáil idirnáisiúnta air mar údar Béarla, The Informer agus Famine agus roinnt leabhar eile bhí ardmheas aige i gcónai ar an Ghaeilge. Scriobh sé an leabhar Dúil atá mar théacsleabhar na hArdteistiméireachta sa lá atá inniu ann. Nuair a scriobh Ó Flathartaigh an dráma Dorchadas a léiriódh ar an 1ú Márta 1926, chreid a lán daoine go raibh an dráma Gaeilge tagtha in inmhe. Tá an dráma seo suite ar Oileán Árainn agus cuireann an t-údar sios ar aigne na n-oileánach de réir mar a thuig sé féin iad. D'éirigh leis:

caraictéireacht thar na bearta a
dhéanamh ar fhuirinn an dráma
ar chuma go raibh boladh na nódhachta
ar ghach aon phioc de thríd sios.⁹

Tuigtear ón ainm gur dráma dubh brónach gruama é, ach tá sé briomhar go maith in áiteacha. Bhí roinnt daoine den tuairim ag an am gur intinn dhuairc dhorcha bhrónach a bhí ag an bhFlathartach agus gurbh é a bhí i Dorchadas ná a aigne féin agus a shaol á léiriú ar stáitse. Ach im' thuairim féin bhí gné eile i gceist, gné a chuir

isteach ar scribhneoirí uilig na tire seo. Ni féidir a shéanadh go raibh an tir tar éis blianta achrannacha troiblóideacha, corraitheachta a bheith aici ó 1916. Chuir an tréimhse seo isteach go mór ar mhuintir na hÉireann agus ar a litriocht chomh maith. Bhí atmasféar na tréimhse seo le mothú sna drámai, sna húrscéalta agus san fhiliocht a scriobhadh ag an am.

Faoi dheireadh seisiún 1925/26 bhí 37 drámai léirithe ag an *Comhar*, 16 acu ba bhundrámai Gaeilge iad, an chuid eile acu ba aistriucháin ó thiortha eile iad. Thosaigh an *Comhar* ag foilsiú drámai fostá, trí aistriúchán agus bundráma Gaeilge amháin, Fioraon le Fiorán le Tolstoy aistríthe ag "Fiachra Éilgeach"; Heircleas agus An Eheidhlin Buadha le Francois Coppée aistríthe ag "Fiachra Éilgeach" agus bundráma le Piaras Béaslai Fear an Sgéilín Grinn. Chuir an *Comhar* sraith léachtai ar fáil ó mí na Bealtaine go dtí mí Iúil. Thug Piaras Béaslai trí léacht: 27ú Bealtaine - "Nódh-dhrámai na Gaoluinne" 6ú Meitheamh - "Somplai Iasachta" 1ú Iúil - "An Bealach atá romhainn" Thug Gearóid ó Lochlainn dhá léacht: 3ú Meitheamh - "Guthaiocht Stáitse" 17ú Meitheamh - "Drámai Lochlainn" Agus thug Máire Ni Chinnéide léacht amháin: 24ú Meitheamh - "Drámai Goldoné." Is léir ó theideal na léachtai seo go raibh lucht an *Chomhair* ag iarraidh intinn na n-Éireannach agus na gcriticeoirí a dhiriú ar dhrámaiocht na Gaeilge mar ealain agus mar "genre." Feictear ó léirmheasanna

áirithe go raibh criticeoirí na Gaeilge ag moladh an *Chomhair* agus a gcuid drámai, i dtús báire ar mhaithé len iad a mholadh agus níos tábhachtaí fós ar mhaithé leis an Ghaeilge iontu agus an beart a bhí á dhéanamh acu don teanga. Mar shampla i bhFáinne an Lae 20ú Feabhra 1925 deir Michéal ó Loingsigh:

An obair atá ar siúl le cúpla bliain anuas chun drámai do léiriú as Gaedhilg sé mo thuairim-se gur obair i a raghaidh chun tairbhe na Gaedhilge go mór. Déanfa sí tairbhe ní hamhain don teangain féin ach bhéarfa sí caoi eile dhúinn chun a chur ina luighe ar an bpobal go bhfuilimid dáiriribh sa ghnó atá curtha romhainn againn agus go bhfuil ag éirighe linn.¹⁰

Bhí, áfach, gá le léirmheastóireacht ar na drámai agus ní ar an Ghaeilge. Tugann léirmheastóireacht dushlán do scribhneoirí, is cuma an dráma, dán nó scéal atá idir láimhe acu. Féach na fógraí a fuair The Plough and the Stars le O'Casey.

Dúirt Fay:

The Abbey audience reserved its highest compliment for O' Caesy. It booed, hissed and protested at his The Plough and the Stars when it was first produced in 1926.¹¹

Agus dúirt Yeats féin ag an am:

I thought you had got tired of this - you have disgraced yourselves again. Is this to be an ever recurring celebration of the arrival of Irish genius? Once more you have rocked the cradle of genius. The news of what is happening here will go from country to country. You have once more rocked the cradle of reputation. The fame of O' Casey is born tonight. This is his apotheosis.¹²

Cuireann clampar mar seo isteach gcónai ar dhrámai i dtosach ach tar éis tamaill cuireann sé go mór leo. Níor thóg sé ach cúpla bliain ar O' Casey agus Synge roimhe sin clú agus cáil a bhaint amach. B' fhéidir go raibh clampar dá léithéid de dhith chun drámaiocht na Gaeilge a chur chun cinn. D'oifreadh eachtra neamhchoitianta chun daoine a mhealladh chuig an dráma. Ach bhí sé deacair é seo a lorg i gcás drámaiocht na Gaeilge mar nach raibh dráma le hábhar conspóideach á scriobh ag an am. Nuair a léiriódh an dráma Dorchadas, cheap a lán daoine go raibh an dráma Gaeilge tágtha in aois - ach ní mar a shiltear a bhítear. Is mór an trua nár tharla clampar éigin i gcás Dorchadas, agus cá bhfios nach mbeadh clú agus cáil ar fud an domhain air mar dhráma!

Thosaigh seisiún 1926/27 le tri aistriúcháin arís, tri ghearrdhrámai, Deire an Leabhair, aistriúchán le Gearóid Ó Lochlainn ar dhráma Béarla lr Henry Meyers, The End of the Book; Ní mar a shiltear a bitear aistriúchán le Leon Ó Broin agus Labhartar Béarla annseo clonaistriú le Leon Ó Broin arís ar dhráma le Tristan Barnard. Sa

tréimhse seo leis léiriódh idir aistriúcháin agus bhundhrámai uile. Sa *Mhainistir* a stáitsíodh iad ar an chéad Luan den mhí nó gearr go maith dó. Athléiriódh *Heircileas* agus *Casadh an tSúgáin* ar an 4ú Aibreán 1927. I mi na Márta léiriódh dhá dhráma nua *Cúigeachas* le Piaras Béaslai agus *Rogha an dá Dhig*, dráma trí ghniomh le Leon Ó Broin. Ar an gclár don léiriú seo mhol lucht an *Chomhair* do dhrámadóiri na Gaeilge a n-aghaidh a dhiriú ar bhundhrámai a scriobh agus na haistriúcháin, go háirithe ón Bhéarla, a sheachaint. Rinne siad iarracht buion aisteoirí a bhunú do Ghaeilgeoiri óga a mbeadh suim acu i gcúrsai drámaiochta ach nior tháinig seo chun cinn ar chor ar bith.

Cuireadh tú le seisiún 1927/28 le dráma grinn dhá ghniomh, *Misneach* le Annraoi Saidléar, ar an 10ú Deireadh Fómhair 1927 agus léiriódh na drámai seo a leanas freisin: *An Fear as Buenos Airea* le Piaras Béaslai; *An Bunnán Buidhe* le Domhnall Ó Corcora , duaisiarratais an Oireachtais; *An Ball Dubh* le Michéal Ó Siocfhradha; *Cliamhain* dráma gearr ó Dhiarmuid Ó Duibhne; *Siamsa Gaedheal* le Leon Ó Broin agus *Brostaigh don Phósadh*, dráma grinn le Annraoi Saidléar. Nior léiriódh ach cúpla aistriúchán sa tréimhse seo, rud atá soiléir ón liosta thuas.

Chuir an *Comhar* tú le seisiún deireannach sa *Mhainistir* le haistriúchán le Tórna ar

dhráma le Pádraig Colum darbh ainm An Talamh ar an lú Deireadh Fómhair 1928. Le linn an cúigiú seisiún seo léiriódh bundrámai Gaeilge mar: Múchadh an tSolais le Séamus De Bhilmot; A Chéad Rhean le Pádraig Ó Conaire; Niamh Cinn Óir le Seám Ó Caoimh; An Clóscriobhai le Leon Ó Broin agus Cor in Aghaidh an Chaim le Micheál Breathnach. Rinneadh aistriúchán ar The Rivals le Sheridan (Piaras Béaslai); Fleadh na Féinne, dráma aonmhíre le Ailis Ni Mhaoileagáin, aistríthe ag "Fiachra Éilgeach"; Ó Faibhe Mór, leagan Gaeilge le Seán Toibín ar dhráma Dhomhnaill Ui Chorcora, agus An Danar agus Feillebhrat, aistriúchán le "Fiachra Éilgeach" ar dhrámai le Pádraig Colum. Cuireadh deireadh leis an socrú idir an *Comhar* agus an *Mhainistir* le linn ArdFheis an Chonartha ar an 3ú Aibreán 1929 le léiriú de dhráma ceithre mhír le Piaras Béaslai An Bhean Chródhá. Ar an ardán an oíche sin bhí Máire Ni Ghribhthín, Caitlin Ni Charthaigh, Gráinne de Búrca, Seán Ó Foghludha, Aine Ni Chuiltéir, Eamonn Ó Dochartaigh agus Seán Ó Maoldomhnaigh. Ba é Pól Ó Fearghail a stiúraigh an léiriú le cuidiú ó Mháire Ni Néill a bhí mar bhainisteoir stáitse.

Don chéad seisiún eile 1929/30 bheartaigh an *Comhar* an *Phéacóig* a fhostú (fch 1ch⁷⁹) don 49 léiriú a bhí ar intinn acu a chur ar stáitse, ag tosnú ar an 20ú Deireadh Fómhair. Shocraigh siad, chomh maith, an dráma a léiriú ar feadh seacht n-oíche as a chéile, tréimhse níos faide mar a bhí ag an *Chomhar* ó bunaiodh é.

Léiriódh An Droighnéan Donn, dráma aonmhír le Pádraig Ó Conaire agus Casadh an Rotha, dráma dhá mhír le Séamus De Bhilmot. Piaras Béaslai a léirigh na drámai agus Cathal Ó Ceallaigh a bhí mar bhainisteoir stáitse.

Chuir seo deireadh le léirithe i nGaeilge ar stáitse priomhamharclann na hÉireann ar feadh tamaill ach chuir sé túis le ré nua i saol an *Chomhair*. Ó bunaiodh é sé bhliain roimhe sin bhí a lán déanta aige i dtaoibh drámaiochta na Gaeilge agus cé nár tháinig sé chomh fada le caighdéan idirnaisiúnta na drámaiochta nó caighdeán na *Mainistreach* fiú, bhí a chaighdeán féin aige agus b' shin an rud ba thábhachtaí. Bhí an *Comhar* agus drámaiocht na Gaeilge ag maireachtáil faoi scáth an dráma Angla-Éireannach agus faoi scáth na *Mainistreach*. Bhí sé in am dóibh treabhadh dóibh féin. Leis an *Taibhdhearc* (fch Ich 82 Caibidil 3) acuanois i nGaillimh agus le bunú *Aisteoirí Ghaoth Dobhair* (fch Ich 1 Caibidil 4) sa bhliain 1932 bhí na háiseanna acu chun a mbealach féin a dhéanamh. I dtús mí na Nollag 1929 léiriódh Isliú chun Buadha le Goldsmith, aistríthe ag Béaslai. Cuireadh Bairbre Ruadh, Aiséiri agus Cluiche Cártai ar an ardán i mí Eanáir agus i mí Feabhra léiriódh Oidhreacht le T.C. Murray agus Cóta Móra le Gearóid Ó Lochlainn. Tugadh an chéad léiriú i nGaeilge de dhráma Meiriceánach ag deireadh mí Mártá, Clann na Gealaighe/Children of the Moon le Martin Flavin, aistríthe ag Leon Ó Broin. Ag túis mí Bealtaine léiriódh An tSnaidhm arís agus dráma nua Piosam Pósam le Diarmuid

ó Séaghdha. Cuireadh deireadh leis an seisiún seo san Phéacóig le trí ghearrdhráma Deireadh an Leabhair; Beirt na Bodhaire Bréige agus Draoidheacht Chaitlín.

Thosaigh an *Comhar* seisiún 1930/31 in Amharclann an *Gheata* (fch lch 79 Caibidil 3) agus ba é Micheál Mac Liammóir a léirigh na drámai dóibh ar feadh tamaill ina dhiaidh sin. Ba é An Geocach Duine Uasail le Moliére, aistríthe ag Máire Ní Shithe, an chéad cheann a léirigh sé agus cheap sé an feisteas stáitse dó fosta. Chomh maith le léiriú na ndrámai don *Chomhar*, scriobh sé, d'aistrigh sé agus ghlac sé páirt i gcúpla dráma dóibh freisin. Léiriodh an chéad dráma a scriobh Máiread Ni Ghráda An Udhacht le linn an tréimhse seo chomh maith. Chuir taithí Mhic Liammóir ar an ealaín go mór leis na léirithe. Toghadh an *Gheata* arís don chéad seisiún eile 1931/32 a thosaigh ar an 8ú Deireadh Fómhair le léiriú de Gaisge agus Gaisghidheach, aistriúchán le Micheál Mac Liammóir ar Arms and the Man le Shaw agus chríochnaigh an seisiún i mí na Bealtaine 1932.

Amharclann na Mainistreach

Chuir imeachtaí na hÉireann ó 1916 go dtí 1922 isteach go mór ar *Amharclann na Mainistreach* mar a rinne ar an drámaiocht i gcoitinne. Amharclann Náisiúnta na

hÉireann ab ea é, mar sin ba dheacair di i féin a scaradh amach ón gcoimhlint:

though the early playwrights of the dramatic movement refused to accept the function of literature as propaganda for the National cause, they were profoundly concerned with nationality in literature. In this the creative artist follows his own genius which is seldom that of the crowd, being if necessity a destroyer of clichés, his creations will inevitably challenge and offend the political nationalists in their attempt to build the nation itself.¹²

Seo an dearcadh a bhí ag Yeats. Cheap sé gur chuir an Amharclann go mór le meon agus intinn na tire ó bunaiodh é sa bhliain 1899, agus gur chuidigh sé, go hindíreach, le hintleacht na hÉireann a mhúnlú chun saoirse a bhaint amach dóibh féin ó thaobh na n-ealaion ar dtús agus ansin ó thaobh saoirse na tire:

the years between 1918 and 1921 were dreadful for they were years full of dread, the dread of a Theatre having to close its doors and throw its players on the streets.¹³

Ach tháinig an Amharclann slán ón gcoimhlint mar gur chuir Yeats agus a chomrádai an bhéim ar na heilimintí is tábhactai - an dráma, an t-aisteoir agus an ealaín. Cé go raibh sé deacair é seo a dhéanamh, go háirithe le

linn tréimhse an chuirfiú, choinnigh siad an Amharclann beo. Thosaigh siad ag bailiú airgid i Sasana arís i 1921 agus chun seo a dhéanamh shocraigh siad ceithre léacht a thabhairt ar "An Amharclann in Éirinn." Taispeánann na fógraí a chuir an chomplacht ar fáil don ócайд seo cé chomh dáiríre is a bhí siad faoin Amharclann:

If the *Abbey* were dying of
inanition, of a lack of players
or playwrights, it were better
it should die at once; but no
one who knows its work of recent
years doubts its vigour. We are
confident of the future if we are
helped now through these dark days.
If the *Abbey Theatre* dies the
whole art of the theatre will have
suffered a loss, and we confidently
appeal to all friends of the theatre
for help.¹⁴

B' iad Yeats, Lady Gregory, St. John Ervine agus Bernard Shaw na léachtóirí. Thug an t-airgead ó na léachtaí faoiseamh éigin dóibh ach nuair a bunaiodh an stát nua bhí an Amharclann i bhfiacha agus ar an 27ú Meitheamh 1924 scriobh Lady Gregory agus Yeats chuig an t-Uactarán L.T. Mac Coscaire agus dúirt:

Dear President Cosgrove,

We have carried on our work at the *Abbey Theatre* for nearly twenty years and we may claim to have created a school of Irish dramatists and a school of Irish acting that has brought honour to our country. We have carried on our work in spite of the European War, which killed every repertory theatre in England save one, and in spite of the English war in Ireland. We do not claim to have done so unaided, at certain times we have had to appeal for help to friends

in Ireland and England but always in times of stress we have said to our friends and to each other, "We must hold the Theatre together that we may offer it to the Irish Nation when Ireland achieves her independence." That, for many years, has been our determination. We believe that a Theatre which does not depend for its existence on the caprice of the public can play a great part in the education of a nation, can be - like the Comeide Francaise - one of the Nation's glories, and we are aware that all civilised governments except those of English-speaking nations and Venezuela - possess their State Theatre. In that belief we now offer the *Abbey Theatre*, its entire contents, scenery and wardrobe and the property it owns to the Irish Nation.

We do not pretend that our gift is of great value counted as money. Like others in Ireland we, who were once rich, are now poor; nevertheless the value of the property is not inconsiderable and there is some value in a tradition of fine work finely done.

We offer the Theatre without conditions or restrictions. We resign our Directorship. It is for the Irish Government, should they accept our offer, to determine the method of carrying on our work - whether they will ask us to go on for a little longer or whether they will at once accept entire control. By tradition and accomplishment our Theatre has become the National Theatre of Ireland, it should no longer be in the possession of private individuals, it should belong to the State. Having created it and fostered it through twenty years we believe we can now confidently trust it to the Irish Nation.

(signed) Augusta Gregory
W.B. Yeats.¹⁵

Ach bhí fadhbanna móra eile ag an Rialtas agus níor spéis leo fadhbanna na hamharclainne a bhrú orthu féin. I ndeireadh thiar thall, le cuidiú an Aire Airgeadais Earnán De Blaghd, thug an Rialtas deontas bliantiúil de £850 don Amharclann. San am chéanna thug an Rialtas £600 don *Chomhar Drámaiochta*, deontas a chuidigh go mór leo

agus iad ag túis a saoil. Chuir an Rialtas George O'Brien isteach mar stiúrthóir ar an *Mhainistir* chun aire a thabhairt don airgead. Mar sin, ba é seo an chéad Amharclann i saol an Bhéarla le cabhair airgid faigthe ón Stát. Tar éis bliain is fíche bhí aislingí Yeats comhlionta aige:

*The Abbey Theatre, after 21 years of struggle was finally recognized as the National Theatre of Ireland. His dreams as a youth were fulfilled, he had done what seemed almost impossible, the creation of a distinctive National Theatre and the education of an audience, however few in numbers, to appreciate good drama.*¹⁶

Bhí an Amharclann acu; anois ní raibh de dhith orthu ach drámadóiri agus aisteoirí chun é a choinneáil beo. Tháinig drámadóiri nua chun tosaigh sna fichidi a d'fhág a rian ar dhrámaiocht Angla-Éireannach go dtí an lá atá inniu ann.

Rugadh Seán O' Casey i mí na Márta 1884 i mBaile Átha Cliath. Fuair a athair bás go luath i saol Sheáin, mar sin ní raibh mórrán de shaibhreas an tsaoil ag an gclann. Bhí trioblóid aige lena shúile, rud a chuir bac lena chuid oideachais go luath ina shaol. Bhí suim i gcónaí aige i gcás na hÉireann agus sa teanga Ghaeilge agus rinne sé iarracht ar an Ghaeilge a fhoghlaim. Bhí suim aige i saol na hamharclainne freisin agus b'iomai uair a d'fhreastal sé ar dhrámá sa

Mhainistir. Thosaigh sé ag scriobh drámai é féin go luath ina shaol ach theip ar an gcéad cheann a scriobh sé, The Crimson in the Tricolour, aitheantas a fháil ó lucht na hAmharclainne. Sa bhliain 1923, díreach nuair a bhi an Amharclann i mbaol báis, scriobh sé The Shadow of a Gunman faoin Chogadh Cathartha in Éirinn. Sa dráma seo, atá suite i seomra tí i gceartlár na Cathrach i mBaile Átha Cliath, insionn O'Casey scéal faoi phriomhcharachtar darbh ainm Séamus Shields agus lóistéir a thóg sé isteach. Ceaptar gur gunnadóir an lóistéir ach i ndáirire scáth gunnadóra ab ea é. Thaitin dráma O'Casey go mór le lucht na cathrach mar thuig siad an plota agus canúint Bhaile Átha Cliath a bhi in úsáid aige.

Go dtí seo scriobh Yeats faoi Éire shamhailteach, Synge faoi dhaoine ó aicme sóisialta nár thuig sé ach scriobh O'Casey air féin agus ar dhaoine thart air:

For the first time the *Abbey* audience
recognized on the stage an Irish dialect
which was not only authentic but
artistic. *The Abbey Theatre* was at last
reaching all the people.¹⁷

Lean O' Casey air ag scriobh agus léiriódh an chéad dráma eile leis ar an 30ú Márta 1924, os comhair lán an tí, ba é sin Juno and the Paycock.

Cé go raibh deontas faigte ag an *Mhainistir*, bhi O'Casey ag tuilleadh an-chuid airgid dóibh leis na

drámai cathracha seo. Rinne drámadóir Ultach an-chuid oibre don *Mhainistir* ag an am céanna, George Shiels leis na coméidi bheaga, Bedmates (1921), Insurance Money (1921) agus Paul Twynning (1922). Roimh Shiels agus O'Casey bhí drámadóir darbh ainm Brinsley Mac Namara ag scriobh The Rebellion in Ballincullen (1919):

Sean O'Casey, George Shiels and
Brinsley Mac Namara were the
three new pillars who supported
the theatre during those dreadful
years between 1918 and 1924.¹⁸

Chomh maith le drámadóiri bhí scata aisteoirí am-mhaith le feiceáil ar stáitse na hamharclainne sa tréimhse seo: Sara Allgood, Mary Craig, Eileen Crowe, Barry Fitzgerald, F.J. McCormick, Arthur Shiels - gan ach roinnt diobh a lua.

Ar an 21ú Nollag 1925 bhí an Amharclann in ann, ní amháin a bliain is fiche ar an saol a cheiliúradh, ach bhí siad in ann an todhchai a cheiliúradh, chomh maith. Bhí drámai nua le teacht le O'Casey The Plough and the Stars (1926); le Shiels The Passing Day (1936), The Rugged Path (1940), The Summit (1941) agus le Brinsley Mac Namara Look at the Heffernan's (1941).

Chomh maith le seo, bhí an *Mhainistir* ag tuilleamh clú agus cáil di féin thar lear:

Confident of their repertory, confident of their players, in October 1931, the Company sailed for the United States and Canada. Irish America had not seen the *Abbey* players since 1914 when it still disliked The Playboy and the realistic dramatists, but in sixteen years a new generation had grown which gloried in the work of Synge and O'Casey and the tour which lasted far more than six months, was an almost unbroken success. West to Vancouver, South to New Orleans 26 of the United States were visited. The visit was repeated the following year.¹⁹

Bhí forbairt mhór tar éis teacht ar an *Mhainistir* ó bunaiodh é. Fuair Lady Gregory bás sa bhliain 1932 agus cé go raibh Yeats fós páirteach i gcúrsai na hAmharclainne bhi ré nua ag teacht do *Amharclann na Mainistreach*, ré a bhi scartha go maith ó bhunchuspóiri na hamharclainne i dtaobh drámaíocht na Gaeilge nuair a bunaiodh é:

The original objects of the *Irish Literary Theatre* included the production of plays in the Irish language and that object is mentioned in the Articles of Association of the *Irish National Theatre Society Ltd.*²⁰

Is cinnte nach i lámha *Amharclann na Mainistreach* a bhi todhchai drámaíocht na Gaeilge. Bhí sé leagtha ar an *gComhar*, ar *Taibhdhearc na Gaillimhe* agus ar *Aisteoirí Ghaoth Dobhair* an ealain seo a chur chun cinn gan tacaiocht na *Mainistreach*.

An Phéacóg agus an Geata

Bhí sé i gcónai in intinn Yeats amharclann triaileach a bhunú chun seans a thabhairt do dhrámadóiri nua a saothar a chur ar an stáitse. Thug deontas an Rialtais de £600 ag túis na bhfichidí seans breise dóibh. Chomh maith le seo bhí Yeats féin ag iarraidh suim a mhúscailt i ndrámai fileata in áit an dráma thuata a bhí le feiceáil go coitianta ar stáitse na *Mainistreach*. Scriobh se drámai siombalach, fileata nuair a thosaigh an *Mhainistir* agus cheap sé i gcónai gurb i seo an drámaiocht ab fhearr. Chuir sé speis faoi leith i ndrámaiocht NÓ (Noh Drama) na Seapáine agus bunaiodh Amharclann na *Péacóige* chun an smaoineamh seo a fhorbairt. Leis an airgead breise ag teacht isteach bhí siad in ann ailtire, Micheál Scott, a fhostú chun túis a chur leis an obair. Tógaadh Amharclann bheag le céad suiochán taobh leis an *Mhainistir* agus tugadh an t-ainm an *Phéacóg* air mar go raibh na suiocháin agus na ballái gorm. Chomh maith le drámai fileata Yeats bhí sé ar intinn acu an Amharclann seo a úsáid chun ardán a thabhairt do dhrámadóiri nua, faoi mar atá sa lá atá inniu ann. Léiriodh an chéad dráma ann ar an 13ú Samhain 1927, dráma briomhaireachta (Expressionist Play) le George Kaiser darbh ainm From Morn to Midnight. Léiriodh an dráma cáiliúil sin le Ibsen Peer Gynt don chéad uair sa *Phéacóg* faoi chúram Mhícheál Mhac Liammóir agus Hilton Edwards. Bhí cáil faoi leith bainte amach ag Edwards agus ag Mac Liammóir in amharclanna gairmiúla i Londain, áit a d'fhoghlaim siad a gceird.

D'fhill siad ar Éirinn chun snas agus criochnúlacht a chur ar na léirithe nach raibh le feiceáil go dtí seo. Shiolraigh smaointe Edwards agus Mac Liammóir ón *Dublin Drama League* a tháinig ar an bhfód deich mblian roimhe seo. Cheap na bunaitheoirí, Robinson agus Yeats go raibh gá le léirithe ón Eoraip chun feabhas a chur ar ealaín na hamharclainne sa tir seo. Ar bhunú an *Drama League* dó i 1918 seo a dúirt Robinson:

Here in Ireland we are isolated, cut off from the thought of the world, except the English world, and from England we get little in drama except fourth rate. I ask you, for the young writers sake to open up the door and let us out of our prison. Seeing foreign plays will not divorce our minds from Ireland..... but being brought into touch with other minds who have different values of life, suddenly we shall discover the rich material that lies to our hand in Ireland.²¹

Bhí an choinchéap céanna ag Mac Liammóir agus Edwards nuair a bunáiodh an *Geata*, is é sin:

scothdhrámai de chuid na hEorpa a chur os comhair an phobail maraon le nuadhrámai fiúntacha le scribhneoirí dúchasacha.²²

Nior thóg sé ach cúpla bliain orthu Amharclann phroifisiúnta do dhrámai iasachta a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann,

Amharclann atá fos faoi lánseol. I dtús báire bhiodar suite in Amharclann bheag i Sráid Chéipil darbh ainm an *Torch Theatre* agus ansin d'aistrigh siad chun na *Péacóige*. Tugadh an *Phéacóg* ar cios dóibh ar feadh cúpla bliain agus chuir siad túis leis an mbliain sin leis an dráma Peer Gynt a léiriodh i mí Dheireadh Fómhair 1928. Tá seo le rá ag Gearóid Ó Lochlainn faoin léiriú:

Dhein Hilton Edwards na hiontais ag cur saothar mó� deacair sin an mhaestro Ioruaigh ar stáitse beag bideach an *Péacóg*. Dhein sé féin páirt "Peer" agus dhein go fiorleathan é.²³

Toghadh Edwards, Mac Liammóir agus Gearóid Ó Lochlainn mar chomhstiúrthoirí ar an *Gheata*. Ghlac Ó Lochlainn agus Mac Liammóir páirteanna sna drámai, chuidigh Edwards ó thaobh cursai gniomhaiochta agus soilse de, mar b'eisean an mháistir sna nithe sin. Léiriodh drámai le Tolstoy, Karel Capek, Eureinoff, Oscar Wilde, Jean Cocteau, Elmer Reenfelder, Eugene O' Neil, John Galsworthy, David Sears agus Denis Johnston. Tar éis cúpla bliain d'aistrigh siad ón *Phéacóg* go dtí an *Rotunda* agus *The Large Concert Room* ann agus is ann atá inniu.

Ba léir go raibh drámaiocht na Gaeilge agus go deimhin drámaiocht in Eirinn faoi chomaoín ag Micheál Mac Liammóir. Chuir sé maise ar gach rud a leag sé lámh air. Aisteoir, drámadóir, file, scribhneoir, péintéir agus dearthóir ab ea é. Bhunaigh sé dhá Amharclann sa tir seo

Taibhdhearc na Gaillimhe (Fch 1ch 82 Caibidil 3) do dhrámai Gaeilge agus Amharclann an Gheata do dhrámai idirnáisiúnta. Thug sé cuairt ar amharclanna an domhain, san Ataen, in Cairo, in Nua Eabhrach, i Londain, sa Róimh, i bPáras, i Meiriceá agus go leor áiteacha eile. Tá cáil air mar údar All for Hecuba; Ceo Meala lá Seaca; Aisteoirí faoi dhá sholas agus The Importance of being Oscar. Fuair sé bás ar an 6ú Márta 1978 agus ba mhór a chailliúnt do dhrámaiocht na hÉireann é.

Taibhdhearc na Gaillimhe

I rith an ama seo tosaiodh obair i nGaillimh chun Anharclann Gaeilge a chur ar bun. Bhí daoine ann a dúirt gurb é seo croilár drámaiocht na Gaeilge agus go raibh sé dichéillí drámai Gaeilge a bhrú ar phobal Bhaile Átha Cliath nuair nár thuig siad céard a bhi a rá ag na haisteoiri. B'iomai duine a dúirt gur cheart Amharclann Gaeilge a bheith suite sa Ghaeltacht, áit ina mbeadh aisteoirí le Gaeilge ó dhúchas agus lucht éisteachta nár ghá iad a mhealladh chun na hamharclainne. Go dtí seo bhí an Rialtas ag tabhairt deontas do *Chomhar Drámaiochta Bhaile Atha Cliath*, bhí ag éirí go maith leo agus mar sin bhí siad ag iarraidh leathnú amach ar fud na tire, go háirithe ar fud na nGaeltachtaí. Chuir an tOllamh Liam Ó Briain túis leis an iarracht nuair a bhuailear sé le Earnán De Blaghd, Aire airgid an Rialtais. Bhí suim ag an Bhlaghdaach i gcúrsaí Gaeilge agus drámaiochta agus bhí baint aige le *Amharclann na*

Mainistreach. Dúirt sé leis An Ollamh Ó Briain go mbeadh an oiread airgid is a bhí ag dul don *Chomhar* ar fáil do lucht na Gaillimhe dá dtosóidís ar scéim chun drámaiocht na Gaeilge a chur ar fáil san Iarthar agus san Ghaeltacht. Chreid sé a ndúirt "Máire" agus é ag caint faoi dhrámai Gaeilge:

Caithfidh an drámaidheacht a theacht as an áit a bhfuil an Ghaedhlig dá labhairt go nádúrtha ag na daoini.²⁴

Tháinig scaifte le chéile i nGaillimh faoi stiúir an Ollaimh Uí Bhriain agus bheartaigh siad ar Amharclann dá gcuid féin a bhunú. Bhí halla acu, seanhalla a thug sagairt Naomh Agustín dóibh, i Sráid Agustín cúpla bliain roimhe seo. Ni raibh de dhíth orthuanois ach duine oilte a thuigfeadh léiriú drámai agus gníomhaiochta an stáitse. Ni raibh a léithéid de dhuine le fáil sa Ghaillimh mar sin iarradh ar Mhicheál Mac Liammóir agus ar Hilton Edwards teacht go Gaillimh agus eolas a gceird a chur i bhfeidhm ar aisteoirí, drámadóirí agus pobal an Iarthair. Toghadh Mac Liammóir mar stiúrthóir agus Edwards mar bhainisteoir stáitse. Bhí suim faoi leith ag Mac Liammóir sa Ghaeilge. Rugadh i gCorcaigh é i 1899, d'aistrigh an teaghlaigh go Londain sa bhliain 1907 agus d'fhan ann go dtí 1917 nuair a tháinig siad ar ais go hÉireann. Chuaigh sé ar an stáitse i Londain chomh luath le 1911 agus ghlac sé páirt ina lán drámai tar éis sin. Chuaigh sé go dtí an Spáinn ar feadh tamaill sa bhliain 1914 ach d'fhill sé ar Eirinn i 1917 agus thosaigh sé ag obair don

Claidheamh Solais. Nior shocraigh sé síos sa tir seo go dtí 1927 tar éis a bheith ag taisteal san Iodáil, sa Ghearmáin agus sa Fhrainc. Nuair a d'fhill sé chrom sé ar obair ar dhrámaiocht na tire seo. Bhí sé féin agus Edwards sásta tabhaint faoin obair i nGaillimh, rud a léirigh Mac Liammóir in alt a scriobh sé don chéad chlár i 1928:

Tá obair agus éacht oibre le déanamh ag *Taibhdhearc na Gaillimhe*. Sé an rud a bhfuilimid ag súil leis go mbeidh tosach, ní hé amháim tosach a staire drámaiochta féin, ach tosach staire dramaiochta na hEireann le feiceáil ag Gaeilgeoiri na Gaillimhe nuair a bhéas an *Taibhdhearc* sin ar a bonnai sa gcathair. Is mór agus is ard an cuspoir é sin cinnte, ach ní mór dhúinn gan scáth ná faitios bheith orainn roimh ard-chuspoiri. Go deimhin, ba chóir dhúinn gan scáth ná faitios bheith orainn roimh rud ar bith má táimid le dul ar aghaidh. Agus caithfimid dul ar aghaidh. Caithfimid rosc-chatha na healaíona nua do thabhairt. Caithfimid bheith dílis don ealaíon sin agus caithfimid leanúint dí.²⁵

B' iontach an dul chun cinn é Amharclann Gaeilge a bheith ar fáil in Éirinn ní amháin ar mhaithe leis an drámaiocht ach ar son na teanga agus an chultúir. Ba é seo an chéad Amharclann Gaeilge in Éirinn agus an domhan, nach mbeadh ach drámai Gaeilge ar fáil ar stáitse. Shíolraigh an Amharclann seo ón nGaeilge féin agus bhí sí ag tnúth le drámai nua-Ghaeilge agus aisteoirí nua dúchasacha. Dúirt Mac Liammóir faoi thábhacht na hAmharclainne seo:

Teanga inti féin an Ghaeilge do réir staire, agus tá a lán daoine in Éirinn theigheas chun dráma Gaeilge fheiceáil ar an dóigh céanna is rachaidis chuig buionn éigin do Chonradh na Gaeilge - sé sin, ar fháth tir-ghrádhach éigin. B'fhéidir go bhfaca dráma maith, b'fhéidir go raibh na haisteoíri go hiontach is an léiriú ar fheabhas. Ba leath-chuma leis na Gaeil dúthrachtacha úd é sin. Ach ní hionann Gaeil dúthrachta ceanna agus gnáth-Ghaeilgeoíri na Gaillimhe is mian linn thabhairt isteach inár *Taibhdhearc*. Tá súil againn go dtiocfaidh siad chugainn ní ar an ábhar amháin go mbeidh ár gcuide drámai i nGaeilge ach ar an ábhar gur drámai maithe iad; tá súil againn go dtiocfaidh siad isteach chugainn, ní hé amháin ngeall ar an meas mór atá acu ar theangan Naoimh Pádraig is Naoimh Brid ach i ngeall ar gur mian leo dul chuig an *Taibhdhearc*, agus i ngeall ar gur rud nádúrtha an rud é, i nGaillimh, bheith ag dul chuig an *Taibhdhearc* sa nGaeilge, direach mar is nádúrtha, i Sebhilla, dhul chuici sa Spáinnis.²⁸

Bheartaigh an *Taibhdhearc* dráma nua a léiriú gach mí nó mar sin agus an chuid eile den mhi, damhsaí agus céilithe Gaelacha a chur ar fáil.

Tháinig Edwards agus Mac Liammóir go Gaillimh le linn Samhradh na bliana 1928 agus thosaigh siad ar chleachtadh don chéad léiriú de Diarmaid agus Gráinne a scriobh Mac Liammóir féin. Léiriodh an dráma seo ag deireadh mí Lúnasa na bliana sin os comhair lán an tí, suas le dhá céad suiochán. Thuig Mac Liammóir agus Edwards cé chomh

tábhachtach is a bhí sé go mbeadh an léiriú ar chaighdeán léirithe phroifisiúnta i mBéarla ag an am agus is léir ó na léirmheasanna gurbh amhlaibh a bhí:

The play, a tragedy in three acts...
It is an intense drama yet never falls. The situations have been conceived so as to get the very utmost out of the story, and the dramatic appeal is irresistible. It is a play of great power. Earnestness and beauty are combined in its texture. The death scene in the finale was one of the most stirring wind-up scenes we have seen in any play for many years.²⁷

Insíonn an dráma an sean-scéal Fiannaiochta faoi Fhionn Mac Cumhail, Diarmaid agus Gráinne. Osclaíonn an dráma le hoiche bainise Ghráinne agus Fhinn. Téann sé ar aghaidh leis an scéal faoi thóraiocht Fhinn ar fud na tire i ndiaidh a ghrá agus a chara, Diarmaid mac Duibhne. Máire Ní Scolaidhe a ghlac páirt Ghráinne agus moladh go hard i:

Here indeed is a "find." Miss Scully's Gráinne was one of the most charming characterisations it has been our pleasure to see in such a role. Good acting, clear diction, beauty, grace, loveliness, she combined in a portrayal of rare merit. She reminds one forcibly of Miss Eileen Crowe, in her early days at the *Abbey Theatre*. But we doubt if even that talented actress could bring anything better to the stage than the dignity and stateliness and ability of Miss Scully. Her powers of expression and emotion are simply wonderful.²⁸

Seo é an clár don chéad léiriú faoi mar a bhí sé le fáil ar an oiche sin:

1928

"DIARMAID ASUS SGRÁINNE"



CLÁR AN CÉAD LÉIRÍTE — 1928

AN CLÁR

an t-árd rí Eamonn Ó Fuairdáim
fionn mac cumhaill Liam Ó Briain
diarmaid ó duiðne mícheál mac liammóir
oisín proinsias mac diarmada
caoilte mícheál ó droisneán
soll R. mac Giolla Coinnis
oscar pádraig mac dominicáda
diorraimis, Dhoi peadar ó coimseannam
ciac, fear de na pomórais dominall ó colcún
luan seán ó cadam
daraíc mairtin ó dioram
an bainríon bríod nic aoda
sgrainne maire ní scolá
saobh bríod ní grioibh
bandraoi maire nic coisteala
sean-danaltra bean mic con ulad
aongus, Dia an Spáda proinsias ó seanlais
an céad duine siðe maire ní ðeirn
an dara duine siðe bríod ní glionnáin
an tríu duine siðe ite ní locháin

Léiriú, Peirtcear-Stáit, agus Cultaca ... Mícheál mac liammóir
Sciúntóiríneacht Hilton Edwards

29.

Mar a fheictear ón gclár ba é Micheál Mac Liammóir é féin a
ghlac páirt Dhiarmada; moladh go hard é:

It was only to be expected that such an experienced actor should be a success in this, one of the principal roles. As it was, he was a conspicuous success. In figure and declaration he made the part, a difficult and heavy one, and the life centre of the whole play, a representation of verve and vitality and excellent acting.³⁰

Thóg an tOllamh Ó Briain an phriomhpháirt eile, Fionn Mac Cumhaill agus moladh é fosta.

Bhi Earnán De Blaghd agus a bhean ag an chéad léiriú seo; is cinnte go raibh Earnán an-tóгtha leis an dráma agus an Amharclann, mar dúirt sé:

I thought it very good.....
It really strikes a new note in the matter of Irish plays.
It was a pleasure to see.
The staging and lighting were very beautiful. The players were very good.³¹

Ach an rud is tábhachtaí a tháinig ón oíche seo ná gur taispeánadh nach raibh sé do-dhéanta dráma a scriobh i nGaeilge, é a léiriú go rathúil agus lucht éisteachta mór a fháil. Dúradh:

That the Irish Language is adaptable to dramatic work was completely demonstrated in Diarmaid agus Gráinne.

The phrasing was always pleasant and melodious and the declamatory passages never lacked expression.³²

Ba mhór an ní gur bunaiodh an *Taibhdhearc* agus go maireann sí go dtí an lá atá inniu ann. Chuidigh deontas an stáit go mór leis ach gan dílseacht na mbunaitheoirí, an lucht oibre, na drámadóirí agus na n-aisteoíri, gan an suim a bhí agus atá go fóill ag lucht na *Taibhdheirce* i ngluaiseacht na drámaiochta, agus gan an t-am a chaith agus a chaitheann siad go fóill inti, ní fhéadfadh an *Taibhdhearc* a bheith beo, rud a léiriodh arís agus arís eile i gcás *Amharclann na Mainistreach*. Mar sin tá creidiúint ag dul do na bunaitheoirí, An tUachtarán Séamus Ó Beirn; Cisteoirí: Seán Mac Giollarnáth agus Liam Ó Buachalla; Rúnaithe: An tOllamh Liam Ó Briain agus Séamus Laibhéad agus an Coiste: Micheál Ó Cleirigh, Tomás Ó Máille, Tomás Ó Raghallaigh, Tomás Ó Cionnaigh, Síle Ni Chinnéide, Domhnall Ó Riordáin agus Pádraig Mac Aircín. Ni féidir dearmad a dhéanamh ar Mhicheál Mac Liammóir, Hilton Edwards agus na haisteoíri go léir, go háirithe Máire Ní Scolaidhe, a d'obraigh go crua ar son na *Taibhdheirce*. Le himeacht ama bhi daoine mar An tOllamh D.Ó Murchú, An Caiptín S. Ó Conchubhair, Bhaitéar Ó Maicín, Siobhán Nic Chionnaith, Seán Ó hÉdhráin, Seán Mac Labhra, Séamus De Bhilmot, Proinsias Mac Diarmada agus Aodh Mac Dhubháin inti.

Ba mhór an bhaint a bhí ag an *Taibhdhearc* le cursai oideachais sa tir seo ón túis, idir ealain agus meanma náisiúnta. Chomh maith le seo bhí baint faoi leith aici i gcónai le lucht Ollscoile agus leis na saighdiúirí sa chéad chathlán sa Rinn Mhór. Bhí daoine ón Ollscoil agus ón gcéad chathlán páirteach sa chéad dráma a léiriodh i 1928. Ba iad na saighdiúirí a chuir suas an giarsa mór iarainn atá ag sineadh trasna ó bhalla go balla os cionn an ardáin, ba iad a chuir cuid mhór den chóras taistil ar fáil do na haisteoiri. Ghlac cuid acu páirt sna drámai chomh maith. Ba shaighdiúiri den chead chathlán Pádraig Ó Siochrú, Pádraig Ó Cearbhaill, Colm Mac Conchaille agus Seán Ó Conchúir a bhí páirteach sa dráma San Siobhan a léiriodh sa *Gaiety*. Scriobh roinnt saighdiúirí drámai fostá. Mar shampla, Iobáirt sa nGleann le Tómas Ó hEilí agus Ní dhéantar magadh faoi Dhia, dráma trí mhír leis an gCoirnéal Feardorcha Mac an Leá. Bhí sé ar intinn na *Taibhdheirce* siamsa agus pléisiúr a chur ar fáil san Amharclann agus eolas ar áilleacht agus ar an saol a thabhairt don phobal. Fágtaí an focal scoir i dtaobh na *Taibhdheirce* ag Micheál Mac Liammóir:

Taibhdhearc a bhfuil an cuspoír seo mar bhun léi, ní mór dhi i fhéin dhéanamh as an ábhar is fearr dá bhfuil le fáil, agus ní mór dhi i féin thógáil ar an mbunchloich is treise agus is buaine. Dá bhri sin ní hé ár gcuspóir ár gcéad léiriú bheith ina rud snasta criochnaithe ach é bheith mar bhun-chloch don teicnic is feiliúnai dúinn féin. Sé sin le rá go gcaithfimid feidhm bhaint as na hábhair is fearr dá bhfuil

foghlamtha againn ó taibhdhearca na hEorpa, ach caithfimid gan bheith creapailte cuibhrigh acu. Agus má bhíonn an pobal a' cabhrú is a' cuidiú linn mar ba chóir, beidh an taibhdhearc is a pobal ag fás suas le chéile, agus tá súil againn gurb éard thiocfas as sin, rud is tábhachtai fós ná an taibhdhearc Ghaeilge féin, sé sin lucht éisteachta tuisceanach i gcomhair na Gaeilge.³³

D'fhéadfai a rá gur tháinig drámaiocht na Gaeilge in aois ag deireadh na bhfichidi agus túis na dtriochaidí in Éirinn. Saghas ré órga a bhi ann. Osclaiodh *Taibhdhearc na Gaillimhe*, an chéad Amharclann Gaeilge riamh; bhi an-chuid léirithe déanta ag an *Comhar sa Mhainistir* agus sa *Gheata* agus tháinig drámadóiri mór le rá ar an bhfód le linn na tréimhse seo, daoine mar: Gearóid Ó Lochlainn, Liam Ó Flathartaigh, Piaras Béasláí, Annraoi Saidléar, Dónall Ó Corcora, Micheál Siocfhradha, Leon Ó Broin, Máiréad Ni Ghráda agus "Fiachra Éilgeach." Chonaiceamar aisteoíri cáiliúla mar Tómas Luibhéid, Máire Ni Ghribhthín, Seán Ó Foghludha, Eamonn Ó Dochartaigh, Seán Ó Maoldomhnaigh, Tadhg Ó Scannail, Máire Ni hÓisín, Gearóid Ó Lochlainn, Mícheál Mac Liammóir agus Máire Ni Sgolaidhe ar stáitse ar fud na hEirinn. Chuidigh léiritheoirí oilte mar Micheál Mac Liammóir, Hilton Edwards, Gearóid Ó Lochlainn, Piaras Béasláí agus Pól Ó Feargháil go mór le forbairt ealaín na drámaiochta. D'ainneoin an dul chun cinn seo go léir nior scriobhadh móran bundrámai Gaeilge maithe, Diarmaid agus Gráinne le Mac Liammóir agus Dorchadas le Ó Flathartaigh san áireamh. Feictear ó na liostai seo thuas an méid daoine a

bhí páirteach i bhforbairt na drámaiochta Gaeilge sa tréimhse seo. Léirionn sé an diograis a bhi ag an chuid is mó diobh, mar ní amháin gur scriobh siad drámai ach léirigh siad iad agus ghlac siad páirt iontu chomh maith. Oibritheoirí deonacha an chuid ba mhó acu, ag saothrú gan iocaiocht.

Bhí an dara ré órga ag lucht na *Mainistreach* ag an am chéanna le drámai le O' Casey, Lennox Robinson, T.C. Murray, George Shiels agus Brinsley Mac Namara agus lean drámadóiri mar Denis Johnston, Paul Vincent Carroll, Francis Stuart, Frank O'Connor, Hugh Hunt agus a léithéidi leis an obair. Bhí cáil bainte amach acu, ní amháin ar fud na tire ach thar lear freisin agus murab ionann agus lucht na Gaeilge nior chompántas deonach é. B'iomai compántas aisteoireachta a bunáiodh ar fud na tire trí spreagadh na *Mainistreach*, *The Ulster Literary Theatre* i mBéal Féirste agus *The Munster Players* mar shampla. Ní raibh baile in Éirinn ag an am, geall leis, nach raibh grúpa drámaiochta de chineál áigin ar fáil ann. Chuidigh seo go mór le drámaiocht na Gaeilge mar bhí an gluaiseacht sin ag brath ar an amaitéarachás, agus bhí seo le fáil sna compantaisí ar fud na tire. Tar éis triocha bliain dó ag streachailt in éadan na gaoithe bhí rith an ráis le drámaiocht na Gaeilge. Bhí sé in am aici scaradh ó scáil *Amharclann na Mianistreach* agus aghaidh a thabhairt ar a n-Amharclann Náisiúnta féin.

Caibidil 4

(1932 - 1954)

Aisteoirí Ghaoth Dobhair

Is léir go mbraitheann forbairt agus fás na drámaiochta Gaeilge ar mhéadú líon na Gaeilgeoiri agus na ndaoine atá in ann an teanga a labhairt agus a thuiscint. San am chéanna tá an drámaiocht ar na meáin is cumhachtaí chun labhairt na Gaeilge a fhorbairt, rud a léiriódh go soiléir nuair a bunaíodh *Aisteoirí Ghaoth Dobhair* i nGaeltacht Ghaoth Dobhair Thír Chonaill. Dúirt Frank Fay agus é ag labhairt faoi drámai Gaeilge:

I am very anxious also to see plays in Irish acted, but the plain fact is there are not sufficient people in Dublin at present able to follow with ease and enjoyment dialogue in Irish, to beget that sympathy between the actors and the audience which is so vital to a play's success.¹

Ach ní Baile Atha Cliath an t-aon áit amháin in Éirinn chun drámai Gaeilge a léiriú mar a thaispeáin *Taibhdhearc na Gaillimhe* agus scata beag i nGaoth Dobhair a tháinig ar an bhfód go luath sa bhliain 1932.

Oiche amháin bhí scata ag airneál i dteach Eamonn Mhic Giolla Fasbuic i mí na Nollag 1931 i Sráth na Corcrach, Gaoth Dobhair. Gaeltacht ab ea Gaoth Dobhair agus áit a bhi scartha go maith ó shaol Bhaile Átha Cliath agus

na himeachtaí a bhí ar siúl ann ag an am. Bhí a gcaitheamh aimsire féin ag na daoine ann, oicheanta airneála, imirt chartai agus corrdhamhsa sa halla. Le linn na dtriochaidí bhí an saol crua go leor, bhí an dúiche tóghtha suas go mór leis an imirce. Bhí nios mó eolais ag lucht na háite i dtaobh chathair Ghlascú in Albain ná mar a bhi acu i dtaobh a bpriomhchathair féin Baile Átha Cliath, gan trácht ar *Amharclann na Mainistreach* agus an *Comhar Drámaiochta*.

Ba ghnáth leis an lucht siúil teacht cúpla uair in aghaidh na bliana agus drámai Béarla a léiriú do mhuintir na háite. Ba é seo an t-aon saghas dráma a bhí ar eolas ag na daoine go dtí gur bhual an smaoineamh Eoghan Mac Giolla Bhride cumann drámaiochta a bhunú. Cheap Eoghan gur mhaith an rud é drámai a léiriú a chuirfeadh thart an t-am dóibh féin agus a bhéarfadh caitheamh aimsire don phobal. Mac léinn Ollscoile a bhí ann i mBaile Átha Cliath nuair a bhual tinneas é agus bhí air éiri as an staidéar agus teacht abhaile. Nior tháinig biseach air, aicid inmheánach éigin a bhí air, ach níor chuir seo stop lena chuid oibre. B'eisean a chuir siol na drámaiochta i nGaeiltacht Thír Chonaill agus a rinne a dhicheall ar feadh seacht mbliana, idir scriobh, léiriú agus aisteoirreacht de, go dtí a bhás ar an 23ú Aibreán 1939. D'fhéadfai a rá gur tháinig *Aisteoirí Ghaoth Dobhair* as umar an aineolais agus gur fhoghlaim siad agus gur fhás siad céim ar chéim, go dtí gur bunaiodh a nAmharclann Gaeilge féin, *Amharclann Ghaoth Dobhair*, sa bhliain 1961.

Léiríodh an chéad dráma le *hAisteoirí Ghaoth Dobhair* ar an 10ú Eanair 1932, i Halla Dhoiri Beaga, An tAonach, aistriúchán ar dhráma Lady Gregory, Spreading the News, le Eamonn Mac Giolla Easbuic, a bhí i gceist. Ba iad na teaghlaigh a bhí páirteach san léiriú seo ná Clann Mhic Giolla Bhríde, Clann Uí Cholla, Clann Mhic Ghiolla Easbuic, Clann Uí Dhuibhir, Séamus Mac Giolla Chóil agus Séamus Ó Dúgáin. Ba é Eoghan Mac Giolla Bhríde a léirigh an dráma agus le cabhair ón údar Eamonn Mac Giolla Easbuic, shnaidhm siad ceol, damhsa agus amhráin thraigisiúnta na háite tríd an léiriú, rud a chuir go mór leis. Fuaireadar an halla saor in aisce, fuaireadar an t-adhmaid agus canbhás ar iasacht agus ba é Siomón Mac Giolla Easbuic a chóirigh an stáitse don chéad oiche. Ní raibh suíochán ar bith le fáil sa halla, mar sin bhí orthu cathaoireacha a fháil ar iasacht ó na comharsanna. Oiche stairiúil a bhí ann, cé nár shamhail na haisteoíri nó an lucht éisteachta é sin ag an am. Bhí an Ghaeilge, a dteanga dúchais féin, le cloisteáil ar stáitse, bhí greann agus gáire ag baint leis agus bhain aisteoirí agus lucht féachana araon sult as an chaitheamh aimsire nua seo.

On oiche sin ar aghaidh mheall na hAisteoirí lucht éisteachta an-mhór chucu, rud a bhí in easnamh ar léirithe an *Chomhar* i mBaile Átha Cliath, mar a dúirt Séamus Ó Neill tar éis Comhdháil an Chomhchaidri i nGaoth Dobhair 1942:

glactar leis an dráma Gaedhilge

i nGaoth Dobhair mar a ghlachtar
leis an cinema sa Ghalltacht.²

An raibh ceacht le foghlaim ag lucht ceirde na cathrach ó
lucht amaitéarach na Gaeltachta? Nó an raibh an ceart ag
"Maire" nuair a dúirt sé:

...Ni leor amharclann agus soluis
agus ardán agus brat agus tabhartas
airgid o'n Riaghaltas.....
...caithfidh an drámaidheacht a
theacht as an áit a bhfuil an
Ghaedhilg dá labhaint go nádúrtha
ag na daoini.³

An raibh an moladh seo do na haisteoiri
amaitéaracha ag teacht roimh am? Ar thuig siad céard a bhí á
dhéanamh acu, an raibh léirithe na n-aisteoiri ar aon
chaighdeán léirithe an *Chomhar* i mBaile Átha Cliath nó le
Taibhdhearc na Gaillimhe? Ba é aidhm Mhic Giolla Bhríde agus
na n-aisteoiri a bhí aige na drámai a scriobh siad agus a
léirigh siad a thabhairt amach as an nGaeltacht. Theastaigh
uathu a thaispeáint don saol nach Gaeilge liofa nó
drámaiochta don Ghaeltacht amháin a bhí idir lámha acu, ach
go raibh ealain ag baint leis forsta, rud a léirigh siad
nuair a thug siad a n-aghaidh ar na cathracha móra ar fud na
hÉireann. I mí Aibreán 1932 thaisteal Eoghan agus na
haisteoiri go Leitir Ceanainn le páirt a ghlacadh i bhFeis
Thír Chonaill. An Bunnán Bui le Domhnall ó Corcara an dráma
a léirigh siad agus shiúil *Aisteoirí Ghaoth Dobhair* amach le
Corn an Chairdinéil Uí Dhomhnaill, rud a thug misneach dóibh

leanúint ar aghaidh lena gcuid oibre. Na drámai a léirigh siad go féiltiúil ina gceantar féin, thug siad amach iad go dtí ceantair eile Gaeltachta agus breacGhaeltachta, mar aon le Doire, áit a raibh lion mór Gaeilgeoiri de bhunadh Thír Chonaill ina gcónai.

Thug Gearóid Ó Lochlainn cuairt ar Ghaeltacht Ghaoth Dobhair i Samhradh na bliana 1934 chun moltóireacht a dhéanamh ag Feis Thír Chonaill agus cé gur iarrachtaí amaitéaracha na drámai ar fad, bhí tréithe fóntha le feiceáil san chuid is mó diobh, dar leis. Lean sé air:

Bhí foireann amháin ann ar chuir mé spéis faoi leith iontu. O Ghaoth Dobhair a tháinig siad, ceartlár na Gaeltachta.⁴

Léirigh siad dráma le húdar Albannach J.A. Ferguson, Caimbeál na Coille Móire, aistriúchán le "Fiachra Éilgeach", agus i nGaeilge Thír Chonaill a bhí sé ag foireann Ghaoth Dobhair. Bhí seo le rá ag Gearóid faoin léiriú seo:

Dráma láidir é Caimbeál, agallamh agus gniomhartha an-drámata ann. Saghas é a mheallfadh amaitéaraigh chun ró-aisteoireachta. Ní raibh an locht sin ar an ngasra seo ó Ghaoth Dobhair. Ní hea gur dhein siad léiriú gan cháim air. Bhí mionlochta go leor ann, an sórt a bhíonn coitianta in iarrachtaí aisteoirí neamhghairmiúla, easba slachta ar ghníomhartha is ar ghluaiseachtaí, an

labhraiocht ar aon ton, beagnach tríd sios, gan athrú oiriúnach sna glórtha agus i dtempó na cainte uaireanta ar ócaidí áirithe sa scéal, an agallamh ródheithneasach acu. Ach bhí cúpla cáilíocht bunaidh ina gcuid aisteoireachta, nádúrthacht, agus beogacht, a chuidigh leo chun an dráma a chur anonn le héifeacht.⁵

Rud iontach agus ait faoin léiriú seo ná gurb i Áine Nic Giolla Bhríde a ghlaic príomhpháirt an dráma, Caimbeál, páirt fir de ghnáth. Chruthaigh Áine an pháirt chomh héifeachtach sin go gceapfaí gur oifigeach údarásach i agus ni bean. Deirfiúr le hEoghan Mac Giolla Bhríde i Áine agus chuidigh sí lena deartháir *Aisteoirí Ghaoth Dobhair* a bhunú. Tar éis bás Eoghain i 1939 ba i Áine a toghadh mar phriomhstiúrthóir ar *Aisteoirí Ghaoth Dobhair*.

In Earrach na bliana 1935 toghadh Gearóid Ó Lochlainn mar chigire timireach drámaíochta i gcomhair na scol, faoi chúram an Roinn Oideachais. Shocraigh sé ar chúpla mí a chaitheamh i mbun na hoibre i dTír Chonaill. Le cuidiú Gearóid léirigh *Aisteoirí Ghaoth Dobhair* dráma fior-mhaith i mi Dheireadh Fómhair 1935, An Fealltóir, bundráma Gaeilge le hEoghan Mac Giolla Bhríde féin. Bhain sé le dúnmarú Cavendish agus Burke i bpáirc an Fhionnuisce in 1882. Bhí anáil na méaldrámaíochta le fail ar an dráma seo ach bhí sé curtha le chéile go meabhrach éifeachtach, rud a thaispeáin go raibh fiormhianach drámadóra san údar. Áine Nic Giolla Bhríde féin a ghlaic páirt an fhealltóra, Carey,

páirt fhir arís, agus ghlac an lucht éisteachta léi gan cheist ar bith.

Chaith Gearóid Ó Lochlainn an-chuid ama le *hAisteoirí Ghaoth Dobhair*, chóir a bheith gach Samhradh, ag cuidiú leo drámai a stáitsiú. I 1937 d'aistrigh siad na léirithe ón halla i nDoire Beag go dtí halla mór Choláiste Ghaeilge Cholm Cille ar Ard na gCreapoirí. Tháinig a lán daoine ó na sé chontae agus ó áiteacha eile ag freastal ar chúrsai i rith an tSamhraidh agus le linn gach téarma chuir *Aisteoirí Ghaoth Dobhair* taispeántas drámaiochta ar fáil dóibh, le céili mór ina dhiaidh. Scriobh Eoghan an dráma In Aimsir an Mháirtinigh faoi shaol tuataigh na Gaeltachta faoi stiúir na dtiarnai talún.

Ach fad a bhí Eoghan ag saothrú go dicheallach ar mhaithe leis an drámaiocht bhí sé féin ag stracadh leis an drochshláinte agus ba mhór an chailliúint a bhás sa bhliain 1939. Thit obair na stiúrthóireachta ar fad, tar éis a bháis, ar a dheirfiúr Áine. Sa bhliain chéanna bhris an dara Cogadh Domhanda amach ach lean siad leis an obair. Chuir fadhb na himirce isteach go mór orthu. Tamall sula raibh deiraedh leis an gCogadh is ar éigin a bhí leath na foirne bunaidh fágtha.

Cé gur fhoireann amaitéarach iad, shroich siad caighdeán an-ard i ndrámaiocht na Gaeilge. Thug siad faoi gach saghas léiriú, tromdrámai, coiméidi, fronsai, scighdhrámai agus mar sin de. Léirigh siad mar shampla: Sár

Ghádai: An Múrlár Práis, Lapa an Ápa agus Deireadh an Leabhair.

Thug siad cuairt ar *Amharclann na Mainistreach* i mBaile Átha Cliath i mí Meitheamh 1940, áit ar léirigh siad Beirt na Bodhaire Bréige agus Oiche sa Tabhairne agus ar Albain i mí Nollag 1954 agus arís i 1957. Ba Chraobh Ghlascú den Chonradh a thug an cuireadh dóibh i 1954 agus bhain na himircigh sult as an dráma agus an drean aisteoirí seo. Dúirt Pádraig Mac Phaidin, Cathaoirleach an Chonartha, tar éis na cuairte seo:

They (*Aisteoirí Ghaoth Dobhair*)
are our greatest ambassadors.⁶

Tháinig *Aisteoirí Ghaoth Dobhair* ar an saol as an mbeagán taithí, níor cheap éinne riamh go mbeadh pleananna acu, sa bhliain 1959, amharclann dá gcuid féin a bhunú (fch 1ch 166 Caibidil 5).

An Comhar Drámaiochta 1932 -1954

Bhi an *Comhar* ag léiriú fós in Amharclann an Gheata i mBaile Átha Cliath i 1932 agus ba é Micheál Mac Liammóir a bhí mar léiritheoir acu. Chuir sé túis le seisiún 1932/33 le An Ball Dubh, dráma le Micheál Ó Siocfhradha agus b' iad Con Ó Liatháin agus Bay Jellet a bhí i mbun an cheoil. Léirigh sé drámai eile sa tréimhse seo chomh maith,

An Fómhar; Lúlu, a cheap sé féin ; dráma nua le Gearóid Ó Lochlainn, Na Gadaithe; Heircléas; An SárGhadai agus An Danar. Léirigh Cathal Ó Ceallaigh dráma amháin eile le linn na tréimhse seo, An Cleachtadh Deiridh le Micheál de Paor.

Thosaigh tréimhse 1933/34 sa *Gheata* arís le léiriú de *Diarmaid agus Gráinne*. Taispeánann an léiriú seo cé chomh diograsach is a bhí Mac Liammóir faoin drámaiocht mar scriobh sé an dráma, léirigh sé an uair seo é agus ghlac sé páirt Dhiarmada, an priomhpháirt ann, chomh maith. Ba i Máire Ní Oisín a bhí mar Ghráinne ann. Cuireadh deireadh le léiriú san *Gheata* ar an 3ú Feabhra 1934 leis an dráma Céad bliain d'aois, aistriúchán le Tómas Ó hEigheacháin ar dhráma a scriobh na deartháireacha Ouintero, El Centenario.

D'aistrigh an *Comhar* ar ais chuig Amharclann na Péacóige mar bhí an cios agus na costais sa *Gheata* róthrom do sparán an *Chomhair*. D'ainneoin seo lean Mac Liammóir ag léiriú don *Comhar* drámai mar Oíche Mhaith Agat a Mhic Uí Dhónaill, Mac na Mná Déirce, Bean an Iascaire agus Bean an Ghaiscidhígh.

De thoradh a ardchaighdeáin féin níor fhéad Mac Liammóir amaitéarachas i ngné ar bith den ealaín a sheasamh. An raibh an t-amaitéarachas ag chur bac ar fhorbairt na drámaiochta Gaeilge? Cheap Seán Mac Réamoinn in alt i Comhar 1954 go raibh nuair a dúirt sé:

Anois gabhaim cead rud amháin a rá a chuirfeas olc ar a lán, táim cinnte, chun forbartha na drámaiochta, is beag is fiú suim dá laghad a chur san aisteoireacht

amateúrach. Bheirim mo bheannacht go fonnmhar do gach aon Chumann Drámaiochta sa tir, measaim go bhfuil togha caitheamh aimsire dá sholáthar acu dá gcuid ball, ach is beag a mbaint dáiríre le cúrsai amharclainne. ⁷

Ceapann Mac Réamoinn nach féidir an aisteoireacht a fhoghlaim gan printiseacht fhada lánaimsire a dhéanamh. Rud nádurtha í an aisteoireacht, an léiritheoireacht, an scribhneoireacht ach is féidir na buanna seo go léir a fheabhsú le staidéar ar an ngairm. Bhí Mac Liammóir in ann é seo a dhéanamh. Dúirt Gearóid Ó Lochlainn faoi:

An cúpla séasúr a thugamar ansin (sa Gheata) faoi stiúrú Mhichil Mhic Liammóir an t-am ab fhearr a deineadh an léiriúchán ar na drámai agus d'éirigh leo dá réir.⁸

Le caighdeán na léirithe a ardú agus a fheabhsú go leibheál an Bhéarla bhí duine oilte mar Mac Liammóir de dhíth ar dhrámaiocht na Gaeilge. Chuir sé snas proifisiúnta ar léirithe an *Chomhair*, rud a bhí in easnamh go dti seo.

Is le linn tréimhse 1935/36 an *Chomhair* sa *Phéacóig* a tháinig Cyril Cusack chun tosaigh. Ina thréimhse leis an *gComhar* léirigh sé Fear na Sainnte

(13ú - 20ú Nollaig 1934); An Craipí Óg agus An Páistín Eionn (Feabhra 1935); Múchadh an tSolais, Gruagach Dúr an Deaghchroidhe agus Na Gadaithe. Bhí air an *Comhar* aistriú ón *bPéacóig* ar feadh tamaill agus fuair siad clúid dóibh féin sa *Torch Theatre* i Sráid Mhuire. Léirigh Tómás Luibhéid na drámai san Amharclann seo: Lapa an ápa agus Misneach, agus de réir na tuairisci ni raibh ach meán-fhreastal de 52 in aghaidh na hoíche ag na léirithe seo. Is cosúil gur chuir easpa buanionad isteach go mór ar na haisteoíri agus léiritheoirí mar nach raibh fearas ceart státse in aon áit ná suiomh ar bith a dtiochfadh leo a n-ainm féin a chur air.

Le linn seisiún 1936/37 sa *Phéacóig* chuir an *Comhar* túis le scéim nua chun breis léirithe a chur ar fáil. Thug siad cuireadh do chumainn drámaíochta eile, cuallachtaí a bhi comhcheangailte leis an *Chomhar*, chun léirithe a dhéanamh faoi scáth an *Chomhair*. Léirigh cailini 6 Scoil Mhuire an dráma Bairbre agus dráma le Giolla Criost Ó Broin, Rogha an Rí, ón 19ú go dtí 24ú Deireadh Fómhair 1936. Tháinig Cumann Gaelach na hOllscoile chuig an *Phéacóig* i mi na Samhna agus léirigh siad Cruadh Chás na mBaitsileíri, faoi stiúir Mháire Ni Chearbhall. Ag an am chéanna léirigh Tómás Luibhéid Athbharra le aisteoíri 6 Chraobh Móibhi de Chonradh na Gaeilge agus chuir mic léinn 6 Choláiste Mhuire, Cearnóg Pharnell Liúdaidhe óg na Learai Móire agus Beirt na Bodhaire Bréige ar an ardán faoi stiúir Niamh Ni Gearailt. Chuir na gardaí agus Cumann Gaelach na

Státseirbhise suim sa scéim seo agus léirigh Craobh na Gardai Eirighe na Gealaighe agus An Chúis Dlighe ón 3ú go dtí 6ú Feabhra 1937. Ag an am chéanna léirigh Cumann Gaelach na Státseirbhise Cara an Phobail. Cé gur dheas an rud é na cumainn seo go léir a fheiceáil ag glacadh páirt in obair an *Chomhair* thaispeáin sé go raibh ganntanas aisteoirí agus léiritheoirí ag an *Chomhar*. Chomh maith le seo ní raibh bundrámaí Gaeilge nua ag teacht ar an bhfód agus bhi ar na haisteoirí tabhaint faoi sheandrámaí mar Dhiarmaid agus Gráinne.

Le linn seisiún 1937/38 tháinigh léiritheoir nua chun tosaigh, Seán Ó Conchubhair. Scriobhadh trí dhráma nua-cheaptha Taidhbhreamh, le Seán Ó Conchubhair féin; Oidhche sa Tábhairne le Annraoi Saidléar agus An Luch Tuaithe le Séamus Ó hAodha. Chomh maith leo seo léiriódh Na Fearachain le Gearóid Ó Lochlainn ón 25ú - 29ú éanair 1938. Seán Ó Conchubhair a léirigh an dráma seo agus i measc na n-aisteoirí bhi an file mór le rá Máirtín Ó Direáin.

Le linn seisiún 1939/40, an 17ú seisiún den *Chomhar*, tháinig feabhas mór ar na léirithe, bhi cuma nios proifisiúnta orthu mar is léir ón liosta seo ag tosú ar an 19ú Nollaig 1939; An Stailc le Proinnsias Mac Casarlaigh; An Oidhche úd i mBeithil le Leon Ó Broin; Dúnmharbhú le Máire Ní Chinnéide; Úrdhubhadh na Gealaighe le Micheál Ó Séaghdha; Giolla an Amaráin le

Séamus Ó hAodha; An Sotach agus a mháthair cóiríthe ag an Seabhad agus duais dráma an Oireachtas 1939; agus Fás agus Feochadh le Seán Ó Conchubhair. Rinne Seán féin léiriú ar an dráma agus ar an gclár luadh na daoine seo a leanas, rud a chruthaionn proifisiúntacht an léirithe: Bainisteoir Ardáin: Liam Ó Cearbhaill, Tómas Ó Dubháin. Bainisteoir na gcleachta: Proinnsias Mac Casarlaigh. Siúnéir Stáitse: Tómas Ó Leathlobhair. Aibhléiseoir: Cathal Ó Máille Feisteas Stáitse: Diarmuid Ó hAingligh. Go dtí cúpla bliain roimhe sin bhí an Comhar ag brath ar na haisteoiri, an léiritheoir agus an bainisteoir chun na nithe seo go léir a dhéanamh, rud a thóg go mór ó phroifisiúntacht an léirithe. Is gá go mbeadh an fhoireann stáitse ar aon chaighdeán leis na haisteoiri le léiriú fóntha a sholáthar.

Chomh maith le foireann an Chomhair ag léiriú lean siad ar aghaidh ag stáitsiú drámai leis na cuallachtaí comhcheangailte. Léirigh Craobh an Chéitinnigh An Dochtúir Bréige agus Craobh Móbhi Seasg. Sa bhliain 1940 bhí na daoine seo a leanas ainmnithe ag an Comhar mar aisteoiri dá chuid: Gearóid Ó Lochlainn, Seán Ó Conchubhair, Diarmuid Ó hAinlighe, Seán ó Siadháin, Séamus Ó Dubhda, Ruairí Mac Aoidh, Ruairí Mac Giolla Choinnigh, Séamus Ó Tuama, Séamus Ó Suilleabháin, Proinnsias Mac Casarlaigh, Liam Ó Cearbhaill, Eibhlin Nic Sheain, Caitlin Ni Chatháin, Íde Ni Fhlaithimh, Caitlin Ni Choileáin, Eibhlin Ni

Sna blianta 1940/41 rinneadh ocht léiriú, seacht gcinn sa Phéacóig agus ceann amháin sa Gheata. Ag deireadh an tseisiúin seo fuair an Comhar cuireadh ó Thaibhdhearc na Gaillimhe léiriú a dhéanamh i mí Bealtaine 1941. Ach ní raibh siad in ann dul mar bhi cúpla múinteoir ar fhoireann an Chomhair ag an am agus ní bhfuair siad céad ón Roinn bheith as láthair ón scoil. Chuir seo bac milltineach ar imeachtaí an Chomhar mar nach raibh na haisteoiri ag obair go lán-aimseartha. Ní raibh siad in ann an cleachtadh a bhí de dhíth orthu a fháil mar nach raibh siad abálta a gcuid ama a thabhairt dó. Niorbh ionann cás lucht na Mainistreach; bhí an chuid is mó do na haisteoiri ansin, lán aimséartha agus chuir seo go mór le proifisiúntacht an léirithe.

Cuireadh túis leis an 19ú seisiún den Chomhar le léiriú den dráma Gealach na Fonóide le Micheál Ó hAodha in Amharclann an Gheata ar an 10ú Samhain 1941. Seán Ó Conchubhair a léirigh é agus, de bharr brú oibre, bhí air éiri as an léiritheoireacht. Cé gur lean sé leis an aisteoireacht ar feadh tamaill bhí léiritheoir oilte eile caillte ag drámaiochta na Gaeilge. Má bhí siad chun dul chun cinn ar bith a dheánamh, ó seo, bheadh Amharclann Gaeilge dá gcuid féin de dhíth orthu agus aisteoiri agus léiritheoirí lánaimseartha a bheadh ag plé leis an drámaiocht

amháin.

Tháinig Proinnsias Mac Diarmada chun áit Sheáin a lionadh agus b'eisean a léirigh an dráma deireannach faoi scáth an *Chomhair* ar an 24ú Bealtaine 1942, Tristan agus Iseult, aistriúchán le Don Piatt. Micheál Ó Cléirigh a d'ullmhaigh an stáitse, Liam Ó Cearbhaill a bhí mar bhainisteoir ardáin, Séamus Ó hAodha a cheap foinn na n-amhrán agus Micheál Ó hAodha a bhí mar bhainisteoir cleachta. Ciarán Ó hAnnracháin a thóg páirt an ridire agus Pádraig Ó Siochrú a ghlac páirt Lobhar.

Ag túis seisiún 1941/42, tar éis don *Chomhar* deontas £1000 a iarraidh ar an Rialtas, thug an tAire Oideachais Tómás ó Deirg cuireadh don *Chomhar* teacht chun cainte leis. Mhol an tAire scéim nua chun iarracht breise a dhéanamh do dhrámaiocht na Gaeilge sa chathair agus d'iarr sé ar an *gComhar* dul i dteangmháil le hEarnán De Blaghd. Socraiodh cruinniú ar an 12ú Bealtaine 1942 agus cuireadh na moltaí seo a leanas faoi bhráid na ndaoine a bhí i láthair:

- 1 - Dhéanfadh an tAire Oideachais Coiste Stiúrtha do cheaphadh ar a mbeidh beirt bhall ón *gComhar Drámaiochta*, beirt bhall mar ionadaithe ó *Amharclann na Mainistreach* agus ball amháin eile. Gan aon bhall den Choiste do bheith ag fáil airgid os na drámai.
- 2 - An Coiste Stiúrtha do thabhairt connartha *d'Amharclann na Mainistreach* cúig léirithe ar a laghad a dhéanamh sa bhliain airgeadais

1942/43 ar airgead áirithe. Na léirithe do bheith ar siúl ar dhá oiche sa mhi (Domhnach agus Luan) agus an Coiste do dhul i gcomhairle leis an *Amharclann* i dtaobh dátaí na léirithe.

- 3 - Muna dtiocfadh sluaite móra ag féachaint ar na léirithe, an *Amharclann* do bheith thíos pé cailliúint airgid a bheadh ann. Dá dtiocfadh sluaite móra é bheith d'fhiacaib ar an *Amharclann* léirithe breise a thabhairt sa treo is ná beadh aon bhrabach ag an *Mhainistir*.
- 4 - Iocfar an deontas le *Amharclann na Mainistreach* do réir a chéile ar éileamh an Choiste Stiúrtha. Beidh ar an *Amharclann* cuntas gach léirithe do leagadh faoi bhráid an Choiste Stiúrtha agus caithfidh an Coiste cóipeanna de na cuntas sin do chur faoi bhráid an Aire Oideachais nuair a bhéas siad ag cur éilimh isteach ar chuid den deontas.
- 5 - Proinnsias Mac Diarmada do bheith mar léiritheoir faoin scéim. An Coiste Stiúrtha a shocróidh a thuarastal sin, ach cead a bheith ag an *Amharclann* a shocrú cad é tuarastal a gheobhadh chuile aisteoir.
- 6 - Togha na ndrámai a bheith ag an gCoiste Stiúrtha, ach gan aon dráma di thoghadh nach gceapfadh *Amharclann na Mainistreach* gur fiú é a léiriú.
- 7 - Gan cead a bheith ag an léiritheoir aisteoirí d'ath-fhostú muna mbeadh an Coiste Stiúrtha sásta lena gcuid Gaeilge.⁹

Diograiseoir Gaeilge ab ea Earnán De Blaghd agus mar stiúrthóir ar an *Mhainistir* bhí sé in ann a chumhacht a úsáid chun feabhas a chur ar staid na drámaiochta Gaeilge sa chathair. Chomh maith leis an scéim nua seo shocraigh sé go gcaithfeadh aisteoirí óga teacht isteach i gcomplacht na *Mainistreach*, bheith liofa i mBéarla agus i nGaeilge.

Cuireadh ciorcalán amach ón *Mhainistir* ar an 17ú Meán Fómhar 1942 a chuir in iúl an socrú nua a bhi déanta acu do bhaill an *Chomhair*. Bhí daoine nach raibh ró-shásta leis an socrú seo, cheap siad go mbeadh siad i bhfad níos fearr as ag seasamh ar a gcosa féin. Chomh maith le seo cé go raibh a fhios acu go raibh Earnán De Blaghd agus stiúrthóir eile, Roibeárd Ó Fearacháin, go mór i bhfabhar na Gaeilge agus drámai Gaeilge, cheap siad nuair a thiocfadh deireadh lena ré go ndéanfai dearmad ar léirithe Gaeilge. Ach ba sa *Mhainistir* a thosaigh siad agus bhi siad ag filleadh ar ais chuici; arbh fhéidir bheith ag súil go mbeadh réiteach le fáil ar na fadhbanna nár éirigh leo a réiteach?

B' iad na daoine seo a leanas a toghadh mar Choiste Stiúrtha ar an scéim nua seo:

Cathaoirleach: Leon Ó Broin

Rúnai Oinigh: Proinnsias Mac Sithigh

Coiste: Seán Ó hEigearthaigh

Diarmuid Ó hAingligh

Riobeard Ó Faracháin

Earnán De Blaghd.

Bheartaigh siad ar chúig phriomhléiriú a dhéanamh gach bliain in *Amharclann na Mainistreach*. Bheadh Proinnsias

Mac Diarmada mar léiritheoir agus bheadh gach léiriú le feiceáil dhá oiche, ar an Domhnach agus ar an Luan. Toghadh Micheál Ó Cléirigh mar bhainisteoir stáitse agus bheartaigh siad ar aisteoirí ón Chomhar agus ó chomplacht na Mainistreach araon a úsáid, fad is a bhí an Ghaeilge acu. Níor stop siad den cheangal le cuallachtaí eile agus bheartaigh siad na léirithe sin a chur ar stáitse na Péacóige ar feadh seachtain an ceann.

Léiriodh an chéad dráma faoin scéim nua seo ar an 29ú Samhain 1942, An Stoirm, dráma sé radharc le Alexander Ostrovsky, aistrithe ag Aodh Mac Dhubháin, agus d'éirigh go maith leis. Ach bhí na fadhbanna céanna ag an scéim nua is a bhí ag an sean-Chomhar. I dtús báire, ganntanas bundrámai Gaeilge. D'fhreagair an Coiste nua an fhadhb seo le haistriúcháin agus chuir siad comórtais ar fáil le duaiseanna móra airgid don dráma is fearr. Cé gur nochtaiodh roinnt drámaí as an scéim nua, ní raibh sé ach ag cur na seansfhaidhbe ar an méar fhada arís. Bhí easpa aisteoirí a raibh an Ghaeilge ar a dtoil acu mar dheacracht bħreise. Chuidigh ranganna Gaeilge Prionnas Mac Diarmada agus riaill Earnán De Blaghd faoi aisteoirí agus an Ghaeilge leis an fhadhb seo a réiteach ach chuir sé an-chuid aisteoirí ó dhoirse na Mainistreach chomh maith. Cháin a lán daoine an Bhlaghdaħach ag an am:

The Abbey's Gaelic policy,

however based on what appeared to be a linguistic rather than artistic grounds, seemed to some a betrayal, or at least a distortion, of the *Abbey's* primary purpose, and disruptive of its regular work.¹⁰

Cheap a lán daoine go raibh an Bhlaghdach ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn agus é ag déanamh dochair don drámaiocht mar ealain ag an am chéanna. Foilsiodh ainm na hAmharclainne i nGaeilge ar gach clár ó 1942 ar aghaidh agus cuireadh dánta Gaeilge sa chlár chomh maith. Mar a dúirt Holloway, léirmheastóir na hAmharclainne ag an am:

All three directors have the Gaelic bee in their bonnets, and behave like children in foistering Gaelic plays on the Gaels who have no love for sitting out Gaelic plays.¹¹

Bhí an fhadhb chéanna ag an *Comhar* nuair a thosaigh sé fíche bliain roimhe seo, ag meascadh forbairt na drámaiochta le tábhacht na teanga. An raibh an rud céanna le tarlú aris?

Léiriodh na drámai seo, gach ceann ar feadh dhá oíche le linn 1942/43, An Bhean Chródha, Ar an mBóthar Mór, An Coimisiúnéir le Tómas Ó Suilleabháin agus An Traona sa Mhóinfhéar. Le linn seisiún 1943/44 léiriodh Ordóga an Bháis le Micheál Ó hAodha; Laistír

den éadan le hEibhlín Ní Shúilleabháin; Staina le Peadar Ó hAnnracháin agus Sodar i ndiaidh na nUasal. In aiste a fóilsiodh san iris bliantiúl Éire tugann Gearóid Ó Lochlainn a thuairimí ar an cheangal idir an *Mhainistir* agus an *Comhar*:

An obair atá ar siubhal anois ag *Amharclann na Mainistreach* i gcompháirtidheacht leis an *gComhar Drámaiochta* is tosú é.....

Ach tá an *Mhainistir* rö-mhór i gcomhair ndrámai Gaedhilge.An fhuireann d'aisteoirí oilte lán aimseartha atá ag teastáil tá sí dá cruthú ar stáitse *Amharclann na Mainistreach* agus tá an Ghaedhilge ag faghail ionaid mar ba chóir i n-obair na hamharclainne do chuir túis leis an drámaidheacht dhúthchasaigh 'sa tir seo. Sin céim mór ar aghaidh.Is fearr stáitse agus halla éisteachta fé leith do bheith ann i gcomhair na ndrámai Gaedhilge i dtosach báire, ar aon chuma, go dtí go dtiocfadh méadú mór ar uimhir na nGaedhilgeoirí 's chathair. Agus tiocfaidh san leis an aimsir.¹²

Tá beagnach triocha bliain imithe ó scriobh Gearóid Ó Lochlainn é seo. Tá meadú cinnte tágtha ar lion na nGaeilgeoirí sa chathair ach is deacir a rá ar tháinig méadú ar lucht éisteachta an dráma Ghaeilge.

An Cumann Scoldrámaiochta

Ceann de na haidhmeanna a bhí ag Cumann drámaiochta na Scol nó Schools Drama League a bunaíodh i mBaile Átha Cliath ar an 9ú Feabhra 1934 ná drámaiocht na Gaeilge a spreagadh i measc an aos óg agus iad ar scoil. Pointe a luaitear go minic ná gurb i an drámaiocht ceann de na meáin is cumhachtai chun labhairt na Gaeilge a fhorbairt. Chomh maith le seo cheap an cumann gurb fhéidir a thaispeáint do oidi na cathrach an dóigh ab fhearr leis an dráma a úsáid i gcúrsaí oideachais agus le suáilceas a thabhairt do pháistí na cathrach go mbeadh siad in ann úsáid a bhaint as an Ghaeilge i gcúrsaí an tsaoil.

Toghadh an Coiste seo a leanas:

Pátrún: Tómas Ó Deirg TD

Uachtarán: An tAthair Micheál Ó.F.M.Cap

Cathaoirleach: Micheál Ó Foghlú

Rúnai Onórrach: Tómas Ó Luibhéid

Rúnai Oinigh: Proinnsias Ó Suilleabhadháin

Cisteoir: Aindrias Ó Muimhneacháin

Coisteoirí: Aine Ní Cheannain, Nóra Aghas, Sibeál Bn.

Uí Chonchubhair, Sile Ní Arrachtáin,

Micheál Breathnach, Leon Ó Dúil,

Séamus Mac Cába, Dr. P.T. Breathnach

Cáit Ní Ghribhthín, Máire Ní Bhriain,

Giolla Criost Ó Broin, Bn. Uí Bhriain

Oibritheoirí deonacha na daoine seo go léir agus ó na scoileanna Gaelacha a tháinig an tacaiocht i dtosach. Ba é an chéad rud a rinne siad ná fógra a chur amach le rá go mbeadh léirithe poiblí de dhrámaí scoileanna i dTeach an Ardmhéara ar an 24ú Márta 1934 le linn Féile Drámaiochta Fheis Átha Cliath. Ba iad na drámaí a léiriodeadh ná Na hUllamhú Orga le Annraoi Saidléar, a léirigh Scoil na mBráithre Sráid Synge; An Pósadh le Dubhghlas De hÍde, Scoil na mBráithre, Plás Mhuire; Oiche Bhealtaine le Micheál Mac Liammóir, Scoil Cholm Cille; Teachtaire Chriost go hEirinn, Clochar Lughaidh Ráth Maonaí agus Eibhlín Talbóid le Annraoi Saidléar, Sráid Synge.

Ansin socraíodh an chéad Fhéile do dhaltaí scoile amháin agus roinn siad mar seo a leanas na comórtaisí:

Roinn A: Scoileanna a bhfuil thar triúr múinteoir ag múineadh iontu.

- 1 - Scoláirí faoi 10 mbliana d'aois.
- 2 - Scoláirí idir 10 mbliana agus 13 bliana d'aois.
- 3 - Scoláirí idir 13 bliana agus 16 bliana d'aois.
- 4 - Scoláirí os cionn 16 bliana d'aois.

Roinn B: Scoileanna ina bhfuil triúr oide nó níos lú ná san ag múineadh iontu.

- 1 - Scoláirí atá faoi bhun 10 mbliana d'aois
- 2 - Scoláirí atá os cionn 10 mbliana d'aois.¹³

Socraiodh go mbeadh táille ballraiochta le hioc ag na scoileanna go léir agus thug an clarú seo cead don scoil ionadai a chur chuig Cruinniú Cinnbhliana an Chumainn. Toghadh an 21ú, 22ú agus 23ú Meitheamh mar dhátaí don fhéile i dTeach an Ardmhéara agus san Foresters Hall, Cearnóg Pharnell. Foilsiodh cuspóiri an Chumainn as clár iomaiochta:

Do measadh do roinnt Gael i mBaile Atha Cliath go mba ionmholta an rud é Cumann dá shaghas so do bheith ann, mar do tuigeadh dóibh gur mhór an chabhair an Drámaiocht scoile chun:
1 - labhairt na Gaeilge d'fhoirleathnú i measc na ndaltaí scoile.
2 - gealahd do dhéanamh ar shaol na scoile.
3 - suim san Drámaiocht Ghaeilge d'fhoirbhiú sna daltaí,
agus nuair a dúirt Tómás ó Deirg, Aire Oideachais go mbeadh sé sásta bheith ina Phátrún ar an gCumann agus nuair a gheall Corn mar dhuais do cheann dos na Comórtais do ghilac an lucht tionscnaimh misneach agus do bhunaiodh an Cumann so, agus do ceapadh Coiste leis an obair do riadaradh. Do beartaiodh leis, ar craobhacha den Chumann a bhunú i ngach Contae sa tír, agus tá réiteach déanta chuige sin cheanna i bhfiche éigin chontae. Tá curtha rompu, leis, ag lucht an Chumainn drámai oiriúnacha do chur ar fáil agis iad do bheith á léiriú ag scoláiri scoile i ngach áit ar fuaid na tire, agus tá liosta de dhrámai oiriúnacha atá ar fáil á chur le chéile agus cuirfear an liosta san go dtí na Contaetha nó chun éinne a chuireann suim san scéal.¹⁴

Léiríodh 16 dhráma le linn na Féile agus tháinig scoileanna ó Bhaile Atha Cliath, ó Chontae Chorcaí, ó

Chontae an Chláir, ó Mhuineachán, ón Muileann gCearr, ó Ghaillimh agus ó Mhaigh Eo. Is spéisiúil mar a roinneadh na marcanna:

Ceart na Gaeilge (Foghraiocht gramadach)-	20 marc
Léir-bhri agus soiléireacht cainte	- 25 marc
Nochtadh ar thréithe na bpearsan	
agus ar thréithe an dráma	- 25 marc
Comhoibriú na bpearsan	- 10 marc
Feistiú agus criochnúlacht	- 10 marc
Oiriúint an dráma	- 10 marc
Iomlán	100 marc ¹⁴

Agus na marcanna seo a scaipeadh chuig na scoileanna mhol siad dóibh:

Léiriú (dráma nó cuid de dhráma) a thógfaidh timpeall leathuair a' chloig a bheidh ag teastáil le haghaidh comórtas gach ranna den chlár so; agus ní mór dos na hiomaitheoirí faisnéis ar faid an léirithe a beartaiotar do chur chun Rúnai na féile i dteannta a n-iarratas. Déanfaidh an Coiste a ndicheadh ar radharcanna oiriúnacha do bheith ar fáil dos na hiomaitheoirí ach fios d'fháil ina thaobh in am tráth, ach moltar do gach foireann a ngléas féin do thabhairt leo.¹⁵

Cé nár nuacht ar fad a bhí tosaithe acu bhi siol curtha ag an gCumann ar mhaithe le drámaiocht na Gaeilge agus cé go raibh féilte ar fáil ar fud na tire roimhe seo ní raibh ord nó eagarr orthu go dtí gur bunaiodh an *Cumann Scoil-drámaiochta* ar bhonn náisiúnta. Séard a bhí de dhíthanois ná leanúnachas agus comhoibriú idir an cumann nua, an *Comhar* agus na cumainn drámaiochta go

léir ar fud na tire. Cá bhfios nach mbeadh Synge nó O'Casey á oiliúint ag an gcumann seo?

Luaigh mé gur ceapadh Gearóid Ó Lochlainn mar chigire agus mar thimire drámaiochta don Roinn Oideachais sa bhliain 1935. Mhol lucht na *Scoildrámaiochta* don Roinn timiri cúnta a cheapadh chomh maith ionas go mbeadh bláth agus toradh ceart ar obair an chumainn. Rinne Gearóid obair fhior-mhaith ag taistéal ar fud na tire ag déanamh cigireachta ar dhrámaiocht na scol, ag tabhairt cuidiú don aos fásta anseo agus ansiúd, ag déanamh moltóireachta ar féilte agus feiseanna agus ag tabhairt cúrsai drámaiochta do mhúinteoirí scoile.

Mhúscail an cumann nua seo suim mhór sa drámaiocht Gaeilge, bhí féilte á reachtáil ag na cumainn go léir gach bliain don aos óg agus tháinig buaiteoirí na bhféilte seo le chéile ag féile mhór na bliana i mBaile Átha Cliath. Ba dhíograiseach an obair a bhí ar siúl ag na cumainn, agus ba léir gurbh é foinse a ndíograise an grá mór a bhí acu do ealaín na drámaiochta agus don Ghaeilge. Chomh maith le seo, ní raibh cinema, ná teilifís, videos, discos na fiú raidió ann agus mar sin ba chaitheamh aimsire i an drámaiocht dóibh, seans le buaileadh le daoine agus mar sin de.

Rinne lucht an *Scoildrámaiochta* iarracht

comórtas a chur ar bun i 1951 chun mór easpa drámai don aos óg a fheabhsú sa bhliain 1951. Fuair siad tacaiocht ón Roinn Oideachais ach ní raibh toradh a gcuid oibre le feiceáil go dtí 1953 nuair a tháinig dhá iarracht agus daichead isteach. Chuidigh na cúrsai a d'eagraigh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge i mBealtaine 1952 agus Samhain 1953 go mór leis an scéal. Bhí éileamh fairsing ar na cúrsai go mórmór ag múinteoirí bunscoile.

Amharclann na Mainistreach

Sa bhliain 1935 toghadh Earnán De Blaghd mar bhall de Bhord Stiúrthóirí *Amharclann na Mainistreach* agus ó toghadh é rinne sé a sheacht ndícheall ar son drámaiocht na Gaeilge. Bhí an-spéis sa Ghaeilge aige agus ó thús a thréimhse mar stiúrthóir bainistíochta chuir sé drámai Gaeilge ar stáitse *Amharclann na Mainistreach*.

Nior léiriodh dráma Gaeilge ar ardán na *Mainistreach*, le haisteoíri na hamharclainne féin, ón 15ú Eanáir 1912 nuair a léiriodh An Tincear agus an tSidheog ann, 'sé sin le rá nár cuireadh ar stáitse dráma Gaeilge le haisteoíri Amharclann Náisiúnta na tire le sé bliana is fiche. Chun feabhas a chur ar an scéal seo léiriodh Casadh an tSúgáin ar an 1ú Bealtaine 1938. Ní raibh aisteoir ar bith de lucht na *Amharclainne* in ann páirt Una a thógáil mar ní raibh

an Ghaeilge maith go leor ag na haisteoirí. Mar sin d'íarr siad ar Bhríd Ní Loinsigh ó chumainn amaitéarach i mBaile Átha Cliath an pháirt a ghlacadh. Ba é Cyril Cusack a ghlac páirt Thómaís Úi hAnnracháin agus ba é Hugh Hunt a léirigh an dráma. Shocraigh stiurthóiri na *Mainistreach* drámai a chur ar fáil go rialta as sin amach agus shocraigh siad ar dhuais £50 a thabhairt do dhráma aonmhír i nGaeilge. As na hiarrachtaí go léir a fuarthas toghadh triúr le léiriú. Léiriódh Baintighearna an Ghorta le Séamus Wilmot ar an 12ú Nollaig 1938 agus Donnchadh Ruadh le Séamus Ó hAodha ar an 15ú Bealtaine ar stáitse agus ba é Prionnsias Mac Diarmada a léirigh iad araon. Ghlac Bhríd Ní Loinsigh páirt san dá dhráma agus de bharr seo glacadh léi mar aisteoir proifisiúnta san *Mhainistir*, áit ar bhain sí clú agus cáil amach dí féin. Níor léiriódh an triú duaisiarracht Gloine an Impire le Traolach Ó Raifeartaigh go dtí 1942 mar chuir an dara Cogadh Domhanda i mí Meán Fómhair isteach go mór ar lucht ealaiona na tire agus mar sin cuireadh an drámaiocht Gaeilge ar leaththaobh arís.

Fuair Yeats bás ar an 28ú Eanáir 1938 sa Fhraing agus ba mhór an chailliúint é. Dúirt Lennox Robinson faoi:

Ireland has lost one of her greatest sons and the world one of its greatest poets.¹⁷

Cé nach raibh mórán baint ag Yeats leis an *Amharclann* ag deireadh agus cé go raibh stiúrthóirí nua ina áit, bhí sé mar fháidh di go dtí a bhás. Ba dheacair *Amharclann na Mainistreach* a shamhlú gan Yeats, agus ar ndóigh, Lady Gregory. Dúirt Robinson:

His and Lady Gregory's death brought the great triumvirate to an end. Through thick and thin, through rich years and lean years, through three wars 1914-18, the Anglo-Irish War and our Civil War, they had never flagged in their care for the theatre.¹⁸

Ach lean an *Amharclann* leis an obair a thosaigh Yeats daichead bliain roimhe seo. Chomh maith le seo bhí orthu anró agus cruatan cogaidh eile a sheasamh, an Dara Cogadh Domhanda. Mhair an cogadh sé bliana agus cé gur fhan Éire neodrach le linn an troda bhí orthu cur suas le ganntanas bia agus guail agus peitril, bhi deacrachtaí ag baint le taistéal agus bhi atmasfear mishuaimhneasach, imníoch ar fud na tire, gan fhios go direach cén uair a stracfaí Eire isteach san eirleach. D'ainneoin seo níor dhún doirse *Amharclann na Mainistrach* le linn na tréimhse achrannai seo. Chuir staid neodrach na tire isteach go mór ar scribhneoirí agus drámadóirí araon, áfach, agus nuair a bheadh an cogadh thart:

Irish writers found themselves cut off from their European roots, roots that might now be expected to spread out into a universal growth. Then after seven years the country emerged from the "Plato's cave" in which not only the writers but an entire people had been cut off from the events that shaped the future of mankind, it was to face a very different world in the making of which they had played no part.

.....for many writers isolation resulted in the gradual drying up of creativity, or the stale repetition of past formulae.¹⁹

Nuair a chríochnaigh an cogadh bhí ealaiontóirí na tire ar chúl i gcúrsaí litriochta, drámaiochta agus filiochta na hEorpa.

Niorbh duine ealaionta é an Bhlaghdach ach an oiread. Mar sin stiúraigh sé an *Mhainistir* ó thaobh brabach agus airgead de agus rinne sé dearmad ar thradisiún na hAmharclainne go dtí seo. Léiriodh 104 drámai nua Béarla le linn 1930/1940 ach tháinig laghdú ar an uimhir sin le linn 1940/1950 mar níor léiriodh ach 62 drámai nua Béarla. Ach d'ainneoin an laghdú seo tháinig méadú ar lucht féachana na hAmharclainne ar fud na cathrach. Chuidigh staid neodrach na tire le linn an chogaidh le daoine a mhealladh chuig an Amharclann ach is léir gurbh iad drámai agus coiméidií O'Casey, Shiels, Robinson, Mac Namara agus Carney a mheall gnáthdhaoine na cathrach chuig na léirithe:

The Abbey had become a theatre
for the people, offering an
evening's entertainment at
which the average citizen
could feel at home.²⁰

Chuir an tréimhse seo túis le saol beirt
aisteoir chailiúla san Amharclann, Uaiteár Ó Maicín
agus Siobhán Nic Chionnaith. Tháinig Siobhán ó
Taibhdhearc na Gaillimhe ar scoláireacht an Chomhair
sa bhliain 1944 agus d'fhán sí i mBaile Átha Cliath dá
bharr. Bhi Uaiteár Ó Maicín mar léiritheoir sa
Taibhdhearc go dtí 1948 nuair a tháinig sé chuig an
Mhainistir mar aisteoir agus d'fhán seisean fosta.

Le linn an chogaidh ní raibh mórán seans ag
na haisteoirí, léiritheoirí agus drámadóirí aon dul
chun cinn a dhéanamh ina gceird. Ach nuair a
chríochnaigh an cogadh i 1945 thug an raidió, na
scannáin agus an teilifís seans dóibh a n-aghaidh a
dhiriú ar shaol nua. Sa bhliain 1946 d'fhág Eileen
Crowe, Siobhán Nic Chionnaith, F.J. McCormick, Cyril
Cusack, M.J. Dolan, Denis O' Dea agus Séamus Locke an
Mhainistir chun páirt a ghlacadh i scannáin in Eirinn
agus thar lear. Chun feabhas a chur ar an scéal seo
d'ardaigh an Bhlaghdaach tuarastal na n-aisteoirí ó 7
ngine go dtí 10 ngine sa bhliain. D'ardaigh an Rialtas
deontas na Mainistreach agus thug sé deontas bliantiúil
de £2,500 don Chomhar Drámaíochta chomh maith. Ach mar
a deir an sean fhocal, is glas iad na cnoic i bhfad

uainn. Bhí an t-airgead níos fhearr sna scannáin tharlear, agus chaill an *Mhainistir* agus an *Comhar* a lán aisteoirí, léiritheoirí agus drámadóiri dá bharr. Bhí argóint inmheánach i measc lucht stiúrtha na *Mainistreach* ag an am agus chuir seo brú miltineach ar obair na hamharclainne. Toghadh Ria Mooney mar stiúrthóir ann sa bhliain 1946 ach:

little did she realise at the time
that she too, would be ground down
by the lack of artistic understanding
and the acceptance of mediocrity that
was spreading throughout the Theatre
like a fatal disease.²¹

Maidir le drámaiocht na Gaeilge d'oirbriugh an Bhlaghdaigh go crua ar a shon ach bhí sé deacair lucht féachana creidiúnach a mhealladh chun dráma Gaeilge a fheiceáil. Bheartaigh sé drámaí Gaeilge aon-mhír a léiriú ag deireadh an phriomhléiriú Béarla. Agus é ag fogaírt an priomhdhráma níor luaigh sé an dráma Gaeilge in aon chor, mar sin ní raibh fhios ag na daoine go raibh sé ar siúl go dtí gur oscail siad na cláracha.

Dúirt Hugh Hunt:

Clearly Blythe's aims in promoting
Gaelic drama were not wholly
artistic.

.....partly aimed at impressing
the government with the *Abbeys*
value as a medium of education
in the Irish Language, thereby
channelling the grants from the
Department of Education to
Comhar Drámaiochta directly
to the *Abbey*.²²

Ceapaim féin go bhfuil Hugh Hunt ag dul thar fóir leis an ráiteas seo. Ba chinnte gur duine ábharach é an Bhlaghdach ó thaobh na hAmharclainne de ach ní féidir a shéanadh go ndearna sé obair iontach ar son gluaiseacht na drámaíochta Gaeilge agus an drámaíocht Béarla sa tir seo.

Ní mór ag an bpointe seo cúpla ceann de na léirithe is suimiúla a raibh an Bhlaghdach freagrach astu a lua. Léiriodh aistriúchán le Tómas Luibhéid ar Caitlin Ni Uallacháin le W.B. Yeats ar an 20ú Aibreán 1946. Ba é Prionnsias Mac Diarmada a bhí mar léiritheoir, ghlac Siobhán Nic Chionnaith páirt Bhríd (bean Pheadar Úi Ghealain) agus Brid Ni Loinsigh a ghlac páirt an tSean Bhean Bhocht. I mí Meán Fómhair sa bhliain chéanna léiriodh An Bunnán Bui, dráma aonghniomh le Domhnall Ó Corcara, aistríthe ag P.O'Domhnaill. Ba lucht *Aisteoirí Ghaoth Dobhair* a ghlac na priomhpháirteanna sa dráma: Áine Nic Ghiolla Bhríde mar Nóra; Eamonn Mac Giolla Easbuic mar Chathal Buidhe agus Domhnall Mac Giolla Easbuic a thóg páirt an tsagairt. An oiche chéanna léiriodh dráma dhá ghníomh eile, Oidbhreacht le T.C.Murray, aistríthe ag Máire Ni Shiothcháin. Ghlac Áine Nic Ghiolla Bhríde páirt Mháire sa dráma agus ise a bhí mar léiritheoir chomh maith, le cuidiú ó Ghearóid Ó Lochlainn. Léiriodh trí dhráma Gaeilge le linn 1947, Catriona Parr, aistriúchán le

Liam Ó Laoghaire ar dhráma le M. Baring; Oíche Mhaith Agat a Nhic Uí Dhomhnaill, aistriúchán leis an Ollamh L.Ó Briain ar Good Night Mr O'Donnell agus an bundráma cáiliúil sin le Micheál Mac Diarmada, Diarmuid agus Gráinne. Ceithre dhráma a léiriodh i 1948, Tómas Mac Anna a bhí mar léiritheoir ar gach ceann acu agus Carl Bonn a bhí i mbun feistis stáitse. Nior léiriodh ach dráma amháin (agus Geamaireacht) i 1949 Bean an Mhí Grá, aistriúchán le Pádraigin Ni Néill ar La Malquerida le Jacinta Benavente.

Cé go raibh drámai Gaeilge á léiriú ba aistriúcháin an chuid is mó diobh. Ni raibh scribhneoirí ar bith ag tabhairt faoi bhundrámai a scriobh. Ó 1940 go dtí 1951 níor léiriodh bundráma Gaeilge nuacheaptha amháin ar staitse an *Mhainistir*. Ni leor Casadh an tSúgáin, ceiliúradh An Pósadh agus Diarmuid agus Gráinne chun gluaiseacht na drámaiochta Gaeilge a bhunú.

Tháinig Tómas Mac Anna ar an bhfód ag an am seo, fear oilte agus fear mór le rá i gcúrsaí drámaiochta go dtí le déanai sa tir seo. Ach d'ainneoin a chumais níor fhéad sé *Amharclann na Mainistreach* a chur ar bhealach a leasa aris. Bhí an spiorad caillte ag an *Mhainistir*. Bhí an dochar déanta ag polasai trádálach an Bhlaghda. Agus ansin bhuail tubaist eile í:

At 10.15 on the evening of the 17th July 1951 the curtain fell at the conclusion of a brilliant performance of The Plough and the Stars. By 11 o'clock the players and the staff had left the theatre. An hour and a half later two young men passing in the street saw that the building was in flames - a cigarette butt, a fused wire? We shall never know. Not everything was destroyed. The stage, the scene dock, the green room, wardrobe rooms, paint room and dressing rooms disappeared but the front offices and the vestibule were not injured and willing helpers from the street rescued all our lovely pictures.²³

D'ainneoin na deacrachtaí a bhí ag an *Amharclann* roimh an tine tháinig cabhair as gach aird, tairisinti ón Eoraip, ó Mheiriceá agus ó Shasana. Leanann Robinson ar aghaidh agus deir sé:

It only needed this little tragedy to realise how deeply rooted is the *Abbey Theatre* in the National life of Ireland.²⁴

Chuir stiurthóirí Guinness & Co. halla beag ar fáil, Rupert Guinness Hall, ar feadh dhá mhí agus ansin d'aistrigh an *Mhainistir* chuig *Amharclann na Banríona* (Queen's Theatre) ar feadh tamaill.

Chuir na blianta deoraiochta isteach go mór ar *Amharclann na Mainistreach*. Bhí *Amharclann na Banríona* ró-mhór, bhí drochchuma air, ní raibh soilse

nó feisteas stáitse mar is ceart ann, ní raibh atmasfear drámatúil feiliúnach agus cailleadh an dlúthbhaint a bhí idir na haisteoíri agus an lucht éisteachta san amharclann mhór. B' iad seo priomhbhuanna *Amharclann na Mainistreach* ach bhí orthu cur suas leis an áit eile ar feadh tamaill. Níor bheartaigh siad ach ar cúpla bliain a chaitheamh ann. Cheap siad go mbeadh Amharclann nua bunaithe gan mhoill, ar shean-suiomh an *Mhainistir* agus go mbeadh siad in ann leanúint ar aghaidh ag léiriú mar phriomhaisteoíri Amharclainne Náisiúnta na hÉireann. Bhí orthu cúig bliana déag a chaitheamh gan amharclann dá gcuid féin, afách. Le linn na tréimhse sin chaill an compántas suas le £60,000, ní raibh mórán drámai nua á scriobh agus mar sin bhí orthu brath ar na seandrámai dílse. D'fhág a lán de na haisteoíri agus léiritheoirí chun postanna nios tairbhi a ghlacadh i scannáin thar lear agus ín Eirinn agus ar ndóigh le Raidió Éireann.

Thit Iubhaile Órga na *Mainistreach* ar an 27ú, 28ú agus 29ú Nollaig 1954 agus bheartaigh an Bhlaghdaich ar an cheiliúradh seo a úsáid chun aird an náisiúin a dhiriú ar thábhacht na hAmharclainne. Léiriodh trí sheandráma le bunaitheoirí na *Mainistreach*, In the Shadow of the Glen, On Bailes Strand agus Spreading the News os comhair dhá chéad duine mór le rá i saol na hÉireann. Cé gur éirigh go maith leis na léirithe níor chuir siad deireadh le deacrachtaí na *Mainistreach* féin. Bhí argóintí gan stad, clampar idir stiúrthóiri

an Bhardais i mBaile Átha Cliath, an Rialtas agus ailtiri áirithe, agus aighneas i measc na ndaoine go léir le leanúint ar aghaidh go dtí gur osclaiodh an *Mhainistir* nua, dhá bhliain déag ina dhiaidh seo.

Geamaireachtaí as Gaeilge in Amharclann na Mainistreach

Ar an 26ú Nollaig chuir complacht na *Mainistreach* túis le Geamaireachtaí as Gaeilge ar a stáitse. Ba mhór an t-iontas i dtosach do mhuintir Átha Cliath culaith Gaelach nó culaith Ghaeilge a fheiceáil ar phléaráca prionsai agus cailleach, siogai agus ollphéiste, ach glacadh leis tar éis an chéad léiriú de Muireann agus an Prionnsa, aistriúchán le Micheál Ó hAodha ar an dráma The Golden Apple le Lady Gregory. Bheartaigh na stiúrthóirí an gheamaireacht seo a chur ar stáitse sé oiche i ndiaidh a chéile, ón 26ú Nollaig go dtí an 31ú Nollaig 1945. Ach d'éirigh go han-mhaith leis agus rith sé fá choinne 43 oiche agus bhí an teach lán acu gach uile oiche. Ní féidir a rá, áfach, gur tháinig na daoine chun an Ghaeilge sa dráma a chloisteáil, mar go raibh an aisteoireacht agus na cultachta chomh maith sin. Mheall na hamhráin, na damhsaí, na héadaí sonracha, éirim na fairne agus an gheaitisiocht ghrámhar chun na hamharclainne iad agus ba chuma leo an i mBéarla, i bhFraincis nó i nGaeilge é,

bhain siad sult as. Cheap daoine ag an am gur náireach an taispeantás é seo do Amharclann Yeats agus Lady Gregory agus gur chóir na Geamaireachtaí a fhágáil faoi stiúir na gcompántaisí amaitéaracha ar fud na tire ach nior éist lucht na *Mainistreach* leo.

Léiriodh an dara Geamaireacht Fernando agus an Dragon ar an 29ú Nollaig 1946 faoi chúram Phrionnsias Mhic Dhiarmada agus d'éirigh thar barr leis. I 1948 nior thosaigh Geamaireacht na bliana go dti lú Eanáir 1948 le Réalt Dhiarmuda faoi stiúir Mhic Dhiarmada arís agus ag deireadh 1948 léiriodh an Gheamaireacht Brian agus an Claidheamh Soluis. An bhliain roimh an tine i 1951 cuireadh an Gheamaireacht Úna agus Jimín ar stáitse.

Taibhdhearc na Gaillimhe

Ní i mBaile Átha Cliath amháin a bhí an drámaiocht ar síul le linn 1932 agus 1955, ach bhí sé go sláintiúil i nGaillimh fostá. Nuair a d'fhág Edwards agus Mac Liammóir an *Taibhdhearc* toghadh Prionnsias Mac Diarmada mar léiritheoir agus d'fhan sé sa phost ó 1931 go dtí gur tháinig sé chuig an *Mhainistir* sa bhliain 1938 mar phriomhléiritheoir. Léirigh sé suas le caoga dráma Gaeilge le linn a thréimhse sa *Taibhdhearc* agus bhain sé clú amach dó féin leis na léirithe a rinne sé, go háirithe Cách, aistriúchán le S. Mac Tomás ar an

dráma Everyman, a léiríodh i mí Iúil 1932, agus dráma eile mór, Deirdre an Bhróin, aistriúchán leis an Ollamh Ó Briain ar dhráma a scriobh Synge a léiríodh ar an 16ú Nollaig 1934. Léirigh Mac Diarmada an dráma Beatha Longantach Bhéarnáird Oig De Menthon, aistriúchán leis an Ollamh Ó Briain arís ar an dráma Fraincise La Marveilleuse Histoire du Jeune Bernard de Menthon le Henri Ghéon i mí Meitheamh 1935 agus d'éirigh thar barr leis. De réir cosúlachtaí tógadh cuid den "set", caisléan mór, ar úrlar an halla féin chomh maith leis an stáitse. Léirigh Mac Diarmada cúpla Geamaireacht i rith a thréimhse agus craolaiodh cúpla ceann acu ar an raidió.

Nuair a d'fhág Prionnsias an *Taibhdhearc* tháinig Uaiteár Ó Maicín (Walter Macken) mar léiritheoir ina áit, ó 1939 go dtí 1948. Chomh maith le bheith ina léiritheoir, scriobh sé drámai, stiúraigh sé an Amharclann agus ghlac sé féin agus a bhean Peig páirt sna drámai a léirigh sé. Bhí an-mheas air i measc na n-aisteoirí agus d'éirigh thar barr leis na léirithe ar fad a raibh baint aige leo, mar shampla: An Sgiúrsa Bhán a léiríodh i mí Meitheamh 1941; aistriúchán le B. Tóibín ar Power and Glory le Carl Capek; Mary Rose inar ghlac Siobhán Nic Chionnaith an priomhpháirt; An Choróin v An Ceallach, aistriúchán le S. Mac Réamoinn ar dráma le Roger Mc Hugh; Trial at Green Street Courthouse, agus Arrah-na-Pogue a léiríodh i mí na Samhna 1947. Ní raibh móran drámadóirí ag scriobh

bundrámai Gaeilge ag an am agus mar sin ba thábhachtaí na bundrámai a scriobh Ó Maicín é féin, An Cailín Aimsire Abú (léiriú Meán Fómhair 1943); Oighreacht na Mara (Meitheamh 1944) agus léiriodh é san Mhainistir an bhliain ina dhiaidh sin; An Fear ón Spidéal (Iúil); agus Bhí mac agam tráth (Deireadh Fómhair 1943).

Nuair a d'fhág Ó Maicín an *Taibhdhearc* níor lean aon léiritheoir amháin é sa phost seo. Rinne Ian Priestly-Mitchell roinnt mhaith léirithe ag túis 1948, aistriúchán ab ea an chuid is mó acu. Bhí baint aige le Raidio Éireann ag an am agus tháinig sé go Gaillimh nuair a bhí sé saor. Tá clú air mar léiritheoir San Siobhán le G.B. Shaw a léiriodh um Nollag 1950. Bhí an teach lán go doras ón 13ú go dtí 17ú Nollaig agus tugadh é go dtí an *Gaiety Theatre* i mBaile Átha Cliath de bharr seo. Bhí an phriomhpháirt ag Siobhán Nic Cionnaith ann agus de réir na dtuairisci bhi sí ar fheabhas.

Bhí Seán Mac Cathbhaid mar léiritheoir lánimseartha sa *Taibhdhearc* ar feadh cúpla bliain agus ba é Grianán na Seacht Néochrach, aistriúchán le Amhlaoibh ó Loinsigh ar The Seven Keys to Boldpate, a léiriodh i mí na Nollag 1948, an léiriú ab fhéarr a rinne sé.

Ón bliain sin go dtí 1956 rinne Ria Mooney, Jackie Mac Gowran (aisteoir cáiliúil), R Ó Longaigh, D.

Ó Murchadha, Seán Ó hÓráin (dliodóir i nGaillimh) agus Micheál Garvey ó RTÉ léiriú sa *Taibhdhearc*. Tháinig Seán Stafford isteach sa *Taibhdhearc* i 1950 mar aisteoir agus tá sé ann ó shin. Le linn a thréimhse san Amharclann bhi se ag aisteoireacht, ag léiriú, ag scriobh, ag aistriú agus ag stiúrú na háite (fch. Caibidil 5).

Caibidil 5

(1954 - 1989)

An Damer

Ba sa bhliain 1955 bunaiodh Amharclann Gaeilge an *Damer* i mBaile Átha Cliath faoi chúram Ghaeil Linn, eagras a bunaiodh i mBealtaine 1953. Cé nár bhí priomhaidhm an eagrais seo amharclann Gaeilge a bhunú, thuig siad cé chomh tábhachtach is a bhí Amharclann fá choinne drámai Gaeilge amháin chun an ealaín dhúchasach seo a chaomhnú sa chathair. Ó comhdhlúthaiodh an *Comhar Drámaiochta* le *Amharclann na Mainistreach* i 1942 bhí léiriú drámai Gaeilge faoi chúram na *Mainistreach*. Ó dódh an *Mhainistir* is léir go raibh sí ag déanamh failli ar a cúram freastal mar is ceart ar dhrámai, léiritheoirí, aisteoirí agus lucht féachana na Gaeilge d'ainneoin dea-rúin Earnáin De Blaghd agus diograis Thómáis Mhic Anna. Ar ndóigh bhí sé deacair a rá go raibh an locht orthu. Is Amharclann Angla-Eireannach/Béarla i go bunúsach *Amharclann na Mainistreach* in iomaiocht le hAmharclanna Béarla agus Angla-Eireannacha in Éirinn agus ar fud na hEorpa. Braitheann dul chun cinn amharclainne ar fheabhas na léirithe a chuireann siad ar fáil ach ní hé sin a choimeádann beo í. Bionn tábhacht le caighdeán an dráma agus an léirithe i gcomparáid le caighdeán na n-amharclann eile, ach is tabhactaí fós an lucht éisteachta a bhíonn ag gach léiriú agus saibhreas an "box office" i ndeireadh an lae. Ní féidir le drámaiocht na Gaeilge dul in iomaiocht le drámaiocht an

Bhéarla ó thaobh lucht féachana de mar ní ionann an dá phobal. Ba chóir do lucht drámaiocht na Gaeilge a ndroim a thabhairt leis na hAmharclanna móra trádálacha go léir agus a n-intinn a dhíriú ar Amharclann bheag dá gcuid féin:

Amharclann i nGaeilge ar fad atá ag teastáil, pé saghas é, olc, maith nó measartha, pé saghas drámai léiritear, mas gá dul ar fad féin i muinín na n-aistriúchán. Drámai Gaeilge bheith ar thaispeáint go rialta in Amharclann ar leith Ghaeilge. As san amháin a thiocfaidh an ghluaiseacht, dó san amháin a scrióbhfar drámai.¹

Bhí leanúnachás de dhíth i ndrámaiocht na Gaeilge, rud nach raibh le fáil roimh theacht an *Damer*. Dá mbeadh leanúnachás ann thabharfadhbh sin spreagadh do na drámadóiri, thabharfadhbh sé misneach do na haisteoíri agus léiritheoirí araon agus thabharfadhbh sé caoi don chompántas lucht éisteachta buan a mhealladh chun na hAmharclainne. Mar sin ba mhór an dul chun cinn é do ghluaiseacht drámaiochta na Gaeilge nuiar a osclaiodh an Amharclann bheag seo.

Riobard Mac Goráin a bhí freagrach as bainistiocht an *Damer* i dtosach agus cé nach raibh Coiste leanúnach ar leith ag an Amharclann thug an Bainisteoir tuairisci do Bhord Caomhnóirí Gael Linn. Ar an mbord seo bhí Dónall Ó Móráin, Máire Breathnach, Máirtín Ó Cadhain, Seán Ó Siocháin agus Aodhagán

Brioscú. Ba é an priomhchuspóir a bhí ag an *Damer* ná Amharclann Gaeilge leanúnach a chur ar fáil i mBaile Átha Cliath agus oiread bundrámaí agus bunsheóanna Gaeilge agus ab fhéidir a chur á scriobh. Chomh maith le seo bhí sé ar intinn acu an bealach a réiteach d'Amharclann bheag ghairmiúil Gaeilge, Amharclann a mbeadh léirithe leanúnacha inti ar feadh 30/40 seachtain sa bhliain agus a thabharfadh seans do dhaoine sa phriomhchathair freastal ar dhrámaí Gaeilge am ar bith, mar is féidir leo a dhéanamh i gcás drámaí Béarla. Chuardaigh lucht Gael Linn an chathair le linn an tSamhraidh 1955 agus i ndeireadh na dála ghlac siad le halla beag faoi bhun na hEaglaise Uinítéiri ag 112 Faiche Stiabhna ar cios. Scoil Phrotastúnach a bhí san halla seo a dúnadh sa bhliain 1954 mar nach raibh éileamh uirthi a thuilleadh. Nuair a ghlac Gael Linn ar cios é bhí rian scoile fós air, dhá sheomra agus laindéal infhillte eadarthu. Bhí ar Ghael Linn ardán ceart a thógáil ann, corás soilsí a chur le chéile, (cuireadh soilsí breise leo de réir éileamh na ndrámaí) suiocháin a cheannach agus ainm a chur taobh amuigh dó. Is féidir a rá gur tharla na forbairtí ar áiseanna an *Damer* de réir riachtanais na ndrámaí agus ní mar thoradh ar aon phlean forbartha leanúnach.

B' iad Gael Linn a chur an t-airgead go léir isteach san Amharclann seo. Cheap a lán daoine ag an am gur chóir an t-airgead a bhí á thabhairt ag an Rialtas do *Amharclann na Mainistreach* ar son léiriú Gaeilge a

thabhairt don *Damer* ach níor tharla seo. I 1963/64 fuair an *Damer* deontas de £3,000 ó Róinnt na Gaeltachta trí mheán na *Comhairle Náisiúnta Drámaiochta*.

D'fhostaigh Gael Linn cumainn drámaiochta a bhí ann cheana féin chun na léirithe a dhéanamh san *Damer* i dtosach agus ansin sa bhliain 1956 d'fhostaigh siad Prionnsias Mac Diarmada mar léiritheoir na hAmharclainne.

Roimh an chéad léiriú d'eagraigh Gael Linn Club Drámaiochta sa chathair chun lucht éisteachta a dheimhniú do dhrámai Gaeilge an *Damer*. Ní smaoineamh nua é seo mar ba chosúil é leis na comhar-chártai (fch Ich Caibidil) a bhí ag an *Comhar Drámaiochta* roimhe seo. Ba é priomhaidhm an Club ná lucht féachana a mhealladh chuig an Amharclann.

Oscailodh an *Damer* go hoifigiúil ar an 14ú Samhain 1955 le léiriú ó Aisteoirí Chéitinn, Baile Átha Cliath, faoi stiúir Mháirtín Úi Dhomasaigh, ar tri ghearrdhráma, Rite le Maireád NiGhráda; An Caidéal sa Chlós, dráma grinn le Máirtín ó Diomasaigh agus Gearóid ó Tighearnaigh; agus Ola Maith, aistriúchán le Mairtin Ó Diomasaigh ar dhráma le Philip Johnson. Mhair ne léirithe ar feadh seachtain iomlán, athrú mó� ón gcorr-oiche a bhí ar fáil in *Amharclann na Mainistreach* go dtí seo. Lean siad ar aghaidh leis na léirithe go dtí Aibreán 1956, cúig seachtain san iomlán. Léirigh grúpa aisteoirí ón Róinnt Oideachais, faoi choimirce Shéamuis

Ui Thuama, An Beo do Bhí le Micheál Ó hAodha. Tháinig Aisteoirí Chéitinn ar ais in Eanair 1956 agus léirigh siad Airneán, bundráma fada a scriobh Ó Diomasaigh agus Ó Tighearnaigh le chéile. Ba chúis dóchais an bundráma fada seo a fheiceáil mar is léir go raibh failli á dhéanamh ar an ghné seo den ealain le deich mbliana anuas in *Amharclann na Mainistreach*. Mar atá feicthe againn i gCaibidil 4 drámai gearra, aonmhíre a bhí á léiriú an chuid is mó den am. Léirigh Craobh na gCúig gCúigi, Baile Átha Cliath, aistriúchán ar Los Pastores le Martinez Sierra An Bheirt Aodhaire agus thug Aisteoirí Ghaoth Dobhair cuairt ar an Damer in Aibreán 1956 chun an leagan Gaeilge de dhráma T.C.Murray Michaelmas Eve a léiriú, Oiche Fhéil Mhichil, agus chuir seo crioch leis an chéad seisiún in Amharclann an Damer.

Direach cosúil le hAmharclann nua ar bith bhí buntáisti agus míbhuntáisti ag baint leis an chéad seisiún. Na nithe is suntaisí faoi chéad seisiún an Damer ná gur léiriódh trí bhundhráma nua Gaeilge, agus ba dhrámai fada dhá cheann acu. Chruthaigh sé chomh maith go raibh suim ag pobal airithe sa chathair teacht chuig drámai Gaeilge ach leanúnachas a sholáthar. Chruthaigh sé do na drámadóirí go raibh stáitse buan acuanois chun drámai nua a scriobh. Ba dheacair an rud é dráma a scriobh nuair nach raibh a fhios agat go direach an léireofar i. Ach leis an Damer acuanois, b'fhiú leis na húdair drámai a scriobh mar go léireofai

iad. Chuir seo le leanúnachas na hAmharclainne agus mar sin chuir sé le méad an lucht féachana chomh maith.

Bheartaigh an *Damer* as sin amach 5 nó 6 drámai a léiriú in aghaidh na bliana idir Deireadh Fómhair agus mí an Mheithimh. Shocraigh siad ar léiriú coicise do gach léiriú agus sé seachtaini a thabhairt do na léirithe ab fhearr. Idir chleachtaithe agus léirithe mar sin, bhiodh tuairim agus 36 seachtain de ghníomhaiocht leanúnach drámaiochta i nGaeilge ar bun sa *Damer*, gniomhaiocht a bhí in easnamh go dtí seo, fiú amháin i *dTaibhdhearc na Gaillimhe*. Bhí seo le rá ag reachtairí an Club Drámaiochta faoin chéad séasúr san *Damer*:

Ba shéasur triaileach an chéad séasúr an an gClub. Beimid in ann feabhas a chur ar a lán nithe an bhliain seo chugainn.²

Thosaigh an dara séasúr i mí na Samhna 1956 le haistriúchán ar Le Voyage de M.Perrichan le Eugene Labiche, Aistear in Aistear, agus b' iad Aisteoirí Chéitinn a léirigh é. I mí na Nollag léiríodh trí dhráma, dhá aistriúchán agus bundráma amháin le Seán Ó Tuama. B' iad an grúpa Amharclann Dalta, Baile Átha Cliath, a léirigh Scaipín na gCleas, aistriúchán ar dhráma le Moiliere, i dtosach agus ansin tháinig grúpa ó Chorcaigh faoi stiúir Dhónaill Úi Dhonabháin ar cuairt agus státsiodh dhá dhráma leo, Moloney, nua-

dhráma le Seán Ó Tuama agus Cara an Phobail,
aistriúchán le M.Ó Droighneáin ar dhráma le Lady
Gregory. Bhí fáilte faoi leith roimh Chómpantas Chorcaí
agus roimh bhundráma Sheáin Uí Thuama. Bhí seo le rá ag
Brian Ó Fiannachta i gComhar faoi dhráma Sheáin:

An cumas bunúsach atá aige leis
an mbunsraith a leagadh, is
tuar maith é. Le taithí is le
staidéar, ar dhrámadóiri eile
go háirithe, creidim go bhfuil
an cheardaiocht infheabhsaithe.³

Luaigh mé cheana gur fhostaigh Gael Linn
Prionnsias Mac Diarmada , léiritheoir proifisiúnta a
bhí leis an *Taibhdhearc* ar dtús, ansin le *Amharclann na
Mainistreach*, agus bhí sé tar éis cúpla bliain a
chaitheamh i Londain, ag túis na bliana 1957.
D'fhostaigh Gael Linn é chun eager, stiúir agus
proifisiúntacht a chur chun cinn sa *Damer*, agus niorbh
fhada go raibh rian a láimhe le féiceáil ar na
léirithe. Ba é an chéad dráma a léirigh sé ná Bua na
Créachta, aistriúchán ar dhráma le Jose Marie de
Sugarra, La Herido Luminosa arna aistriú ag Tómás
Tóibín, i mí na Mártá 1957. Léiriodh trí dhráma i mí
Aibreán, ceann amháin le Liam Ó Briain agus dhá cheann
ó *Aisteoirí Ghaoth Dobahir*, Muiris Ó hAirt le
T.C.Murray agus An tAmhrámai le Pádraig Mac Piarais.
Cuireadh deireadh leis an séasúr seo le Suirí le
Catriona. nua-insint ag Eamonn Guailli ar The Taming of
the Shrew le W.Shakespeare. Is leir ó na léirmheasanna

gur éirigh go maith leis na léirithe uilig agus gur chuir Mac Dhiarmada drámaiocht na Gaeilge ar chomh-chaighdeán le drámaiocht eile na cathrach. Locht amháin a bhí le fáil ar na léirithe go léir ná láidreacht na nguthanna (projection of voices), deacracht a bhain le foirgneamh an *Damer* agus nár réitiodh go sásúil riamh. Chun a chur le hábaltacht agus le cáil na hAmharclainne cuireadh cursa drámaiochta ar fáil i mí Lúnasa faoi stiúir Mhic Dhiarmada d'aisteoirí, do léiritheoirí agus do dhrámadóirí.

Thug Mac Diarmada bun-oiliúint do ghrúpa aisteoirí sa *Damer*, grúpa a d'fhán le chéile ar feadh na mblianta agus cé nár aisteoirí lánaimseartha nó complacht foirmiúil iad, glaodh Aisteoirí an *Damer* orthu i gcónai. Bhí mianach an-mhaith iontu ón tú agus bhain an chuid is mó de na haisteoirí cáil amach dóibh féin níos déanai. Mar shampla: Brian Mac Lochlainn (ceapadh é mar léiritheoir agus ceannasai ar na cláracha do cheol éadrom agus do dhrámaiocht in RTÉ); Máire Ni Néill agus Máire Ni Ghráinne (aisteoirí Amharclann na Mainistreach); Noel Ó Briain (léiritheoir agus ceannasai drámaiochta RTÉ); Máire Ni Oistín (Hastings, aisteoir in Amharclann éagsúla ó shoin); Fionnuala Flanagan (aisteoir idirnaisiúnta) Áine Ni Mhuiri (aisteoir a bhfuil éileamh rialta uirthí sa *Mhainistir*, sa *Gheata*, ar theilifís agus go leor áiteacha eile) agus Donal Farmer (aisteoir Amharclann na Mainistreach, ceannasai Roinne RTÉ ar feadh tamaill

agus tá cáil air mar Fr. Devereux i "Glenroe" faoi láthair). Níor bheag an tabhartas iad sin uile a theacht ón Amharclann bheag Gaeilge ar Fhaiche Stiabhma.

Cuireadh túis leis an triú séasúr san *Damer* le bundráma nua le hÉamonn Guaillí, Lamhrann na Failli, a léiriodh i mí na Samhna 1957. Ba iad Aisteoirí Chéitinn a bhí ar stáitse le linn mí na Nollag le An gcaithfaidh tú toitin, aistriúchán le Donn Piatt ar dhráma le Saunders Lewis Ó Bhreathnais. Sórt sceondráma polaitiúil a bhí sa dráma seo, le giotaí fealsúnachta agus moráltachta fite isteach ann agus cé gur aisteori amaitéaracha iad Aisteoirí Cheitinn, d'éirigh leo caighdeán ghairmiúil a bhaint amach. Chuir compántas Chorcaí aistriúchán eile ar stáitse i mí na Nollag, Amphúthron 38 le Giraudoux, aistríthe ag Síle Ni Ceallaigh. Ba é seo an chéad léiriú a raibh Dónall Farmer páirteach ann sa *Damer*. Aistriúchán agus bundráma nua a léiriodh i mí Eanair 1958, scigdhráma aonmhír le haisteoir óg, Partholán Ó Cróinín ab ea an bundráma, Ní againne atá an Rogha. Taobh le seo léirigh an *Damer Oidhreacht* le T.C. Murray, aistríthe ag Máire Ni Shiocháin. Bhí seo le rá ag léirmheastóir drámaíochta an iris Comhar ag an am faoi na léirithe:

I dtaoibh léiriú Oidhreacht bhí seo ar an léiriú ba shásúla go dtí sin san *Damer*. Bhí , radharcanna breá ó Phádraig Ó Maonaigh, an aisteoireacht go

cruthanta, go mórmór ó
Shéamas Páircéir agus Micheál
Ó Ruairc.....
B' é Séamas Páircéir a
shaothraigh dúinn san mhír
tosaigh an t-atmasfear ceart
bagarthach, é ina shuí mar charraig
liath éibhir san chistin,
cinnteacht an aineolais is an
chúngachais ina cheann.....
Léirigh Micheál ó Ruairc
cumhacht iontach taodach agus
ghlac stiúir an dráma go
fórsúil ina lámha féin,
bhí uaigneas an dili ina chroi
agus rian an aoiligh ar a
shála.⁴

Chuir Amharclann Dalta, grúpa aisteoirí i mBaile Átha Cliath, Aon Mhac Aoife Alban le Micheál Ó Siocfhradha ar fáil i mí Feabhra 1958, in éineacht le bundráma nua le Máirtín Ó Diomasaigh, Scáth a Chéile, léirithe ag Aisteoirí Cheitinn. Meascán aisteach a bhí sa dráma seo inar bhain an t-údar úsáid as ceol agus amhráin chun gnéithe áirithe de "the underworld" agus saol na mbochtán sa chathair, a léiriú. Bhí bri is nuaiocht le feiceáil sa dráma agus cé nár éirigh leis an údar fírinne na dtéamaí a léiriú ar fónamh thaispeáin sé go raibh ealain na drámaiochta ag athrú díreach mar a bhí litriocht na Gaeilge ag an am.

I mí Aibreáin léiriodh dhá dhráma le Dónall Ó Corcora, aistriúchán amháin, An Búnan Bui agus bundráma amháin An Doras Dúnta agus cuireadh deireadh leis an séasúr seo ar an 16ú Meitheamh 1958 le bundráma nua le Breandán Ó Beacháin, An Giall. Ba é seo ceann do na

léirithe ba shuaithinsi san *Damer* riamh. Deireann L.S.

Tuathail faoin chéad oíche sin:

Ag deireadh an tséasúr bhreá seo
tháinig an dráma a thug cic sa
tóin ceart do gach ar déanadh go
dtí sin i ndrámaiocht na Gaeilge
agus faoi chrot eile, thug cic eile
don drámaiocht ar fud an iarthair.....
I gcás an dráma seo, 'sé mo thuairim
gur móide a thionchar ar an drámaiocht
i nGaeilge ná a fheabhas mar shaothar
beacht ealain.⁵

D'oscail Aisteoirí Chéitinn séasúr 1958/59 san *Damer*

le bundráma nua ó Mháirtín Ó Diomasaigh agus G.6

Tiarnaigh darbh ainm An Maor Fallsa. Níor éirigh go ró-mhaith leis an dráma seo mar bhain sé le seanábhar
traocharta faoi chol ceathracha a bhí i ngrá agus ar
mhaith leo pósadh. Ní aontaíonn a dtuismitheoirí agus
an Eaglais leis an lánúin agus mar sin a théann an
scéal. Tugann seo pointe tábhachtach chun cinn: bhi
deireadh leis an chinéal seo dráma. Chomh maith le
hathbheochan a bheith i litriocht na Gaeilge bhí sé le
fáil sa drámaiocht forsta. Caithfidh gur éist lucht an
Damer leis na léirmheastóirí a scriobh fao An Maor
Fallsa mar bhain an chéad dráma eile a bhí ar stáitse
le ré nua na drámaiochta, aistriúchán le Tómas Toibín
ar dhráma le Stefan Andres, Utopia De. Moladh an léiriú
seo go hard, moladh Mac Diarmada ar son an léiriú
iontach, Tómas Toibín ar son an aistriúcháin bhreá
liofa, fuair na haisteoirí go léir moladh, go hairithe
Noel Ó Briain i bpáirt an tsagairt a bhi faoi

choinnealbhá.

Ba i mí Feabhra a tháinig Aisteoirí na Gaeltachta chun tosaigh sa *Damer*. Stiúraigh Micheál Mac Diarmada grúpa de chainteoirí dúchasacha ó na Gaeltachtaí a bhi ina gcónai i mBaile Átha Cliath chuig stáitse Gaeilge na cathrach. B' iad na daoine a bhí páirteach sa ghrúpa neamhfhoirmiúil seo, ón túis, ná Mairtín Ó Direáin, Eibhlín Ní Mhurchú, Micheál Ó Gríofa, Micheál Ó Beirn agus Pádraic Ó Cathain. Chuir lucht na cathrach an-spéis sa ghrúpa mar ní ró-mhinic a bhí cainteoirí ó dhúchas le feiceáil ar stáitse Bhaile Átha Cliath ach amháin *Aisteoirí Ghaoth Dobhair*.
B' iomai Gaeilgeoir ag an am a bhí mí-shásta le caighdeán na Gaeilge sna léirithe, bhí a lán aisteoirí go dtí seo nach raibh ach Gaeilge bhriste acu, rud a thóg go mór ó nádúrthacht na cainte agus mar sin ó luas an dráma. Dúirt L.S.Tuathail faoi chéad léiriú Aisteoirí na Gaeltachta:

Is fiú dul go dtí an Halla
Damer chun an Ghaeilge is
blasta agus is binne dar
chualathas le fada san
chathair a chloisteáil.
Bainfidh tú aoibhneas as an
fhoirseoireacht, ach ná bí
ag síul le barr-chéim na
haisteoireachta.⁶

Chuir na canúintí eagsúla, áfach, isteach go mór ar na léirithe. Léirigh siad trí aistriúchán le linn mí

Feabhra 1959, Teach na mBocht le Lady Gregory, aistrithe ag Pádraig Ó Catháin; Fúioll na Farraige aistrithe, ag Nóirín Ni Raghallaigh agus Padraigín Ni Mhaoláin, agus Dúirt Bean Liam le Lady Gregory, aistrithe ag Micheál Ó Griofa. Murab ionann agus aisteoirí an *Damer* scar an grúpa seo óna chéile nuair a d'fhág Mac Diarmada an *Damer* i 1961, sórt turgnamh de chuid Mhic Dhiarmada an grúpa agus cé gur éirigh go réasúnta leis, theip air turgaing ar bith a dhéanamh ar dhrámaiocht na cathrach ag an am.

Tháinig Aisteori *Ghaoth Dobahir* ar ais i mí na Mártá le haistriúchán ar dhráma le Pól Ó Fearraigh, Pól Twynning. Bhí an aisteoireacht thar barr mar ba ghnáth. Dúradh fúthu:

Tá stil aisteoireachta dá gcuid féin acu agus an-mhuinín astu féin. Nil siad ag brath ar chúpla aisteoirí maithe chun an obair go léir a dhéanamh mar is foireann ceart iad gach duine in ann dá pháirt féin agus iad sásta chomhoibriú le chéile.⁷

Ach ba shuarach an dráma a roghnaigh siad mar bhi sé leadránach, neamhshuimiúil agus sean-aimseartha agus niorbh aon ionadh go raibh an halla folamh i rith na seachtaine agus é ar stáitse. Ocht n-aistriúchán a bhí léirithe ó thús an tséasúir seo san *Damer*, mar sin ba dheas an rud é deireadh a chur leis an séasúr le tri dhráma nua-scriofa, Gleann an Áir le Annraoi Saidléir

(léiriú Mártá 1959); Ar Aghaidh leat, a Longadáin le Seán Ó Tuama (léiriú Meitheamh 1959) agus Siúl Barr Cnoic le Frank Carney (léiriú Meitheamh 1959).

Bhí dráma Saidléir bunaithe ar roinnt chaibidil as an úrscéal leis an gCanónach Ó Siocháin agus ar bhéaloideas thuaisceart Chorcaí agus d'éirigh le haisteoíri an Damer an chomhcheilg, an bhrathadóireacht, an formad agus an dioltas a bhain leis an dráma a léiriú ar fónamh. Ba rud an deacair é dráma a ghlaotar "an fhantais" air (fantasy) a scriobh ach amháin b' fhéidir i bhfoirm Geamaireachta:

Fantasy is the mood of illogical logic, of nonsensical sense⁸

a dúirt Christopher Fry agus é ag iarraidh an gné fhiordheacair seo den drámaiocht a thomhais. B' iontach, mar sin, iarracht Sheáin Úi Thuama fantais allagórách a scriobh, dráma inár shnaidhm sé le chéile dhá cheann de na seanscéalta ba ghreannmhaire i litríocht na Gaeilge, Scéal Labhraídh Loingsigh agus Scéal Shuibhne Geilt. D' ionsaigh Ó Tuama lucht eolaiochta sa dráma trí mheán an ghrinn agus an aoir agus thrasnaigh sé teorainneacha ama agus spáis chun smaointe tarraigteachta agus samhlaoídi suimiúla a chur os ár gcomhair. Ní minic a dhéantar é seo i ndrámaiocht na Gaeilge, rud a bhí le feiceáil ón scata mór daoine gairmiúla, aisteoíri, léiritheoíri,

drámadóiri, scribhneoirí agus lucht ollscoile a bhí ag an léiriú. Don chéad uair, chomh maith, thug sé seans do Phrionnsias Mac Diarmada bheith ar bharr a mhaitheasa, seans do na haisteoíri Séamus Páircéir (Suibhne); Conchubhair Ó Tuama (Labhrás) agus Aine Ni Mhuiri (Blathnaid) glacadh le dúshlán an dráma seo agus d' éirigh leis an *Damer* a liónadh go doras le daoine a bhí sásta dráma nua-aimseartha a fheiceáil ar stáitse Gaeilge na cathrach. Chuir Aisteoíri Chéitinn deireadh leis an seasúr seo le dráma nua le Frank Carney, Siúl Barr Cnoic. Ba léir gurb é seo an seasúr ab fhéarr riabhach sa *Damer* mar tháinig feabhas ar chúrsai aisteoireachta, ar theicníc soilsiúcháin, ar éagsúlacht na léirithe agus mar sin de. Chruthaigh Mac Diarmada an tábhacht a bhí le léiritheoir oilte lán-aimseartha mar niorbh fhéidir le drámaiocht na Gaeilge maireachtáil gan chabhair duine mar Mhac Diarmada le héirim, spleodar agus tuiscint a chrúthu. Cé nach raibh a lán drámai nua á scriobh bhí fáilte roimh iarrachtaí Uí Thuama agus Frank Carney. Thaispeáin Ó Tuama ach go hairíthe go raibh gá le gluaiseacht nua-aimseartha, cosúil le gluaiseacht Osborne Delaney agus Wesker na Breataine, chun beocht agus fórsa nua a shaothrú sa drámaiocht agus chun deireadh a chur leis na sean-drámai, na sean-smaointe agus na sean-mothucháin a bhí ag bodhradh agus ag dalladh na ndaoine go dtí seo.

Cuireadh túis le séasúr 1959/60 le dráma nua scriofa Oighreacht Bhideoig Mhóir le Prionnsias Mac

Diarmada féin i mí na Samhna 1959. Scigmhagadh lán de amaidí agus greann a bhí ann a chum sé as stoc charachtar a chaith sé isteach i gceartlár stoc-chreatscéil faci sheanmhán a bhí ag déanamh a huachta agus ar mhian léi dioltas a fháil ar a gaolta. Ba é seo an chéad iarracht mar údar ag Prionnsias Mac Diarmada agus is cinnte go raibh sé níos fhearr ag stiúrú ná mar a bhí sé ag scriobh. Chuir Aisteoirí Céitinn sórt Geamaireacht ar stáitse i mí Nollag 1959, Soir Siar le Mairtin Ó Diomasaigh, in éineacht le leiriú 6 Amharclann Dalta de Deora na Sireachta, aistriúchán le Róisín Ni Shé ar dhráma le Jarl Priel The Scarecrow. Lean Aisteoirí Ghaoth Dobhair an léiriú seo le haistriúchán eile Oiche Fhéile na Marbh, aistríthe ag Aine Nic Ghiolla Bhride agus Aodh Ó Dubhgáin ó dhráma le Joseph Tomelty. I mí Feabhra léiriódh aistriúchán eile le Aodh Mac Dubháin ar dhráma le Hermon Heijermans; i mí Márta léiriódh aistriúchán An Chúis in Aghaidh Iosa le Diego Fabbri agus cuireadh deireadh leis an séasúr seo i mí Aibreán le Ar an mbóthar Mór, aistriúchán le Liam Ó Briain. Tar éis séasúr iontach 1958/59 thosaigh an Damer ag dul in olcas le linn 1959/60. Bhí an tseanfhadhb ag teacht chun tosaigh arís, ní raibh drámai fiúntacha ar bith le léiriú acu. Bhí seo le rá ag Tómas mac Anna:

Why bother? What is the point of presenting mediocre translations of mediocre plays in the Irish language. The whole business of presenting plays in English ,

in Gaelic is useless, not worth while, and a waste of money, energy and effort. If we must have translations let us have translations, let us have them from some other language not generally spoken in this country.

Surely it would serve Gael Linn better to offer highly attractive prices to new modern plays in Irish than to subsidise useless translations of minor plays.⁹

Ba mhór an trua gur glacadh leis an méid sin drámai nár bhí fhiú a léiriú. Rinne Gael Linn iarracht ag deireadh an tséasúir feabhas a chur ar an scéal nuair a léirigh siad tri dhráma fiuntacha ón Mhór Róinn, drámai nach raibh ar fáil ar stáitse na hEireann go dtí seo mar nach raibh an Amharclann tionsclach sa tir seo sásta iad a chur ar stáitse, An Dóchas ón Olainn; An chúis in aghaidh Iosa ón Ghearmáin agus Ar an mBóthar Mór ón Spáinn.

Ba sa bhliain 1961 a d'fhág Prionnsias Mac Diarmada an *Damer*, mar nach raibh sé sásta leanúint leis an obair choinniollach, teoranta sa *Damer*. Ba bhuiile trom é don *Damer* imeacht Mhic Dhíarmada:

Caithfidh mé a rá gur thit an tóin as an *Damer* ar feadh tamaill ina dhiaidh sin.¹⁰

Thug Gael Linn cuireadh do Thómás Mac Anna, a bhí ag obair in *Amharclann na Mainistreach* ag an am, teacht

agus bheith ina léiritheoir san *Damer*. Dhiúltaigh Mac Anna an *Mhainistir* a fhágáil ach bheartaigh sé ar léirithe áirithe a dhéanamh don *Damer*, as sin amach. Cé go raibh sár-léiritheoir acu i Mac Anna, chuir easpa léiritheora lánaimseartha as dóibh agus do na taispeantaí a bhí ar siúil acu. Bhí siad ag leanúint an tseanthradisiún arís, daoine nó duine tar éis obair lae a dhéanamh in áit eile, ag iarraidh gluaiseacht drámaiochta a stiúriú idir am tae agus am lui. Le linn na tréimhse a chaith Mac Anna mar léiritheoir (*Bealtaine 1961 – Nollaig 1962* ba iad Aisteoirí an *Damer*, in áit na gcumann neamhspleáach, a léirigh an chuid is mó de na drámai. Aistriúcháin ba mhó a léiriódh idir 1961 agus 1966.

Le linn na seascaidí tháinig cruth breacphroifisiúnta ar chomplacht an *Damer*. Aisteoirí agus léiritheoirí páirt-aimseartha ag obair taobh amuigh den Amharclann i rith an lae a bhí ina bhun. Bhí prionsabail na hAmharclainne athraithe ó bunaiodh é agus bhí sé in ann leathnú amach óna chuid fréamhacha amaitéaracha ar feadh tamaill. Ba é an prionsabal difriúil a bhí acu i dtaobh na drámaiochta ná gur ceird i an drámaiocht agus bhí na haisteoíri ag iarraidh iocaocht de bharr a gcuid oibre. Go dtí seo drámaiocht ar son na cúise nó mar chaitheamh aimsire a bhí san aisteoireacht Gaeilge ach bhí an meoín ag athrú agus bhí sé thar am.

Ach bhí taoide an *Damer* ag casadh. Tar éis deich mbliana a chaitheamh in ard a réime, ní raibh in ann dó ach corr-léiriúanois agus arís. Ag túis na seachtóidi bhí teorainn leis an fhad a d'fhéadfadh a bheith ag aon léiriú nuair a bhí an *Damer* ag brath ar dhaoine a bhí ag obair i rith an lae.

Bhí tábhacht leis an fhocal béil ag an am chun dráma a phoiblíú ar fud na cathrach. De bharr aisteoirí páirtaimseartha a bheith fostaithe ag an *Damer*, ní raibh siad in ann ach cúpla oiche in aghaidh a chéile a thabhairt do léiriú amháin, agus ní leor é seo chun an scéal a scaipeadh ar fud na cathrach. Chuir sé isteach ar leanúnachas na ndrámaí agus mar sin thit an lucht féachana agus méad na léirithe dá bharr. Chomh maith le seo, tháinig beaguchtach ar mhuintir an *Damer* agus cé go raibh siad ag fáil iocaíocht de bharr a gcuid oibre, bhi meoin, atmasfear agus airgead níos fearr le fáil sna hAmharclanna Béarla ar fud na cathrach. Fágadh an *Damer* gan aisteoirí mar thoradh seo, aisteoirí a ghabh le haisteoireacht phroifisiúnta. Dúirt Seán ó Tuama ag an am:

The *Damer* must move towards professionalism, unless you proceed in that direction, you cannot hope to maintain the standards.¹¹

Bhí sé in am ag an *Damer* dul i dtreo na proifisiúntachta, ní raibh na haisteoíri , na

léiritheoirí nó an lucht féachana sásta glacadh leis an amaitéarachas nios mó. Cé go mbeadh sé deacair i dtosach bheadh sé níos fearr ná an struchtúr cúng, le cúig nó sé léiriú in aghaidh na bliana a bhí ar fáil go dtí gur dúnadh é i 1974. Tharla achrann i measc lucht na gcumann amaitéarach drámaiochta i 1974 . Níor bhain an t-achrann leis an *Damer* ach de bharr an achrainn seo d'éisigh Róinnt na Gaeltachta as bheith ag fiof deontais leis an gComhairle Náisiúnta Drámaiochta (L3,000 in aghaidh na bliana a bhí ar fáil acu ó 1964). De bharr seo bhí an *Damer* thíos L3000 agus bhí deacrachtaí airgid ag Gael Linn féin ag an am agus mar sin ba é cealú an deontais a chuir deireadh leis an *Damer*.

Le linn a fíche bliain ar an saol d'éisigh leis an *Damer* seirbhísí faoi leith a chur ar fáil do ghluaiseacht na drámaiochta Gaeilge. Ba léir nach ar Bhaile Átha Cliath amháin a bhí an *Damer* ag freastal ach ar Amharclanna agus complachtaí Gaeilge ar fud na hEireann. Ba ghnách 2 nó 3 bhundráma Gaeilge a bheith ar an gclár, rud a chuir gliondar ar chróithe an lucht féachana a bhí acu. Taobh istigh de chúpla bliain fuair lucht bainistiochta an *Damer* amach gur mhó an spéis a bhí ag pobal na hAmharclainne i mbundrámai ná aistriúcháin. Mar atá luaite agam cheana, b'fhiú leis na húdair drámai a scriobh an t-am sin mar go léireofai iad. Tar éis dóibh bheith léirithe sa *Damer* léiríodh iad sa *Taibhdhearc*, i nGaoth Dobhair, i gCorcaigh agus ar fud na tire. Bhí an *Damer* ina eiseamláir ag lucht

drámaiochta Gaeilge na tire seo, faoi mar a bhíonn an *Mhainistir* nó an *Geata, Stratford* nó Amharclanna Londain ina n-eiseamláiri ag drámaiocht an Bhéarla. Bhí tábhacht leis an leanúnachas a chuir an *Damer* ar fáil ar feadh fiche bliain. Thaispeáin sé go raibh pobal do dhrámai Gaeilge, taobh amuigh den Ghaeltacht, ach leanúnachas agus caighdeán sách ard a bheith acu. Bhí aisteoirí agus léiritheoirí an *Damer* le moltóireacht a dhéanamh ag na féilti, léiritheoireacht a dhéanamh do ghrúpai amaitéaracha agus cúrsai a chur ar fáil nuair ba ghá. Agus nuair a bunaoth Teilifís Éireann bhí siad ar fáil chun cuidiú le cláracha Gaeilge agus páirt a ghlacadh iontu, mar shampla, Labhair Gaeilge Linn.

Nuair a breathnaitear siar ar na léiritheoirí agus aisteoirí a bhí ag obair sa *Damer* tugtar misneach agus dóchas go mb' fhéidir go mdeadh a léithéid le fáil in Eirinn arís. As an stór drámai a léirigh siad ba iad na cinn ba shuaithinsi: An Giall le Breandán Ó Beacháin. Aistriodh an dráma seo go Béarla agus rinneadh corrai mór sna nuachtáin i Sasana faoi mar go raibh téama polaitiúil, conspóideach ag baint leis. Scriobh sé an dráma The Borstal Boy a léiritear go minic sa lá atá inniu ann; An Triaill le Mairéad Ní Ghráda; Aggiornamento le Criostóir Ó Floinn; Spailpín a Rún le Seán Ó Riada; An Chúis in Aghaidh iosa le Diego Fabbri; Bior le Diarmuid Ó Suilleabháin; Scéal ar Phádraig. Ar Aghaidh leat a Longadáin. Is é seo m0ileán. Corp Eoghan Uí Shuilleabháin agus Iúdás

Iscariot agus a Bhean, drámai nua-scriofa go léir ó pheann Sheáin Úí Thuama; D'réir na Ruibríci. Lá Fhéile Mhichíl agus Cuairt an Mheán Oiche le hEoghan Ó Tuairisc agus an t-aon dráma Gaeilge a scriobh J.B. Keane, Faoiseamh. Nior mhiste a chuir leis an liosta seo na seónna aon-fhir a rinne Niall Tóibín, na reiviúnna a léirigh Tomás Mac Anna, na seónna Nollag a rinne Aisteoirí an *Damer* (Maebh Ingoldsby a scriobh a lán de na scripteanna seo) agus na hoicheanta seanchais a fhreastalaiodh pobal mór orthu i gcónai. Bionn ar dhrámadóir dul i dtaití ar a cheird agus caithfidh áis a bheith aige léiriú fónta dá dhráma a fheiceáil go luath tar éis é a scriobh. Chuir an *Damer* an áis seo ar fáil agus mar a fheictear ón liosta thuas bhí toradh ar a ngniomh. D'fhéadfai a rá gurbh iad na drámai seo bunchloch drámaíocht na Gaeilge inniu. Nuair a osclaiodh an *Damer* ba bheag drámai trí ghniomh a bhí á scriobh ach le dúnadh na hAmharclainne seo bhí oiread drámadóirí ann a choinneodh Amharclann leanúnach Gaeilge ar bun. Ni fhéadfaidis dul níos faide mar dhream leathphroifisiúnta. D'iarr siad ar an rialtas airgead réasúnta a chur ar fáil go bhféadfai Amharclann bheag phroifisiúnta a dhéanamh aisti, ach níor cuireadh ar fáil é, agus theip ar an Amharclann dá bharr.

Thug an *Damer* traenáil do fhoireann stáitse oibriú i nGaeilge, is é sin le rá, bhí an fhoireann stáitse, teicneoirí, soilseoirí agus mar sin de in ann treoracha Gaeilge a thabhairt, rud a chur go mór le Gaelachas na hAmharclainne. Ní miste a lua ag an bpointe seo gurb é seo an chéad Amharclann i mBaile Átha Cliath a riaraigh na cleachtaithe agus léirithe go hiomlán i nGaeilge.

Ba é an chéad rud a chur deireadh leis an *Damer* nó an gur baineadh de an deontas beag a bhí ar fáil aige (chuir Gael Linn breis is £60,000 isteach in obair an (*Damer*)). Ach ní raibh ansin ach cuid den scéal. Caithfidh gniomhaiocht dhaonna ar nós an *Damer* bheith ag fás agus ag teacht chun foráis, muna ndéanann sé é seo titfidh sé ar gcúl. Bhí an bhunsclábhaiocht déanta ag Aisteoíri an *Damer* á réitigh iad le dul i dtreo barrshlachta agus gairmiúlacht.

An Chomhairle Náisiúnta Drámaiochta

Ag Ardfheis Chonradh na Gaeilge 1959 tháinig ceist na drámaiochta os comhair an chruinnithe. Bhí meadú le feiceáil ar lín na bhfoirne drámaiochta ag Féile an Oireachtais. Ba léir go raibh deacrachtaí léiriúcháin ag an chuid is mó do na grúpaí seo agus bheartaigh Coiste Gnótha an Chonartha agus Coiste an Oireachtais, Comhairle Drámaiochta a bhunú chun cuidiú

nó comhairle a thabhaírt dóibh. Tionóladh an chéad chrinniú den *Chomhairle Shealadach Náisiúnta Drámaiochta* ar an 24ú Deireadh Fómhair 1959 in Ostán Ibeirneach, Sráid Dósáin. Eagraiocht comhordaithe a bheadh ann chun drámaiocht amaitéarach i nGaeilge a chur chun cinn ar fud na tire. Ba é Micheál Mac Carthaigh, Uachtaráin Chonradh na Gaeilge a bhi i gceannas i dtosach air. Bheartaigh siad ar léiritheoirí, scribhneoirí agus aisteoirí ón Ghaeltacht agus ón nGallacht a spreagadh chun tacáiocht a thabhaírt do dhrámaiocht amaitéarach Gaeilge na tire chun é a chur ar chaighdeán sách ard. Ba iad seo a leanas na téarmái tagartha a bhí acu ar dtús:

- 1 - Córás a mholadh le soláthar de dhrámai Gaeilge a chur á scriobh agus á fhoilsiú.
- 2 - Córás a mholadh le hoiliúint a thabhaírt do léiritheoirí drámai Gaeilge.
- 3 - Moltaí a dhéanamh maidir le bunú agus le riarachán lárleabharlainne do dhrámai Gaeilge.
- 4 - Scéim a mholadh le go bhféadfaí Hallai nó Amharclanna oiriúnacha agus a ngléasra a sholathar i mbailte agus i sráid-bhailte ar fuaid na tire.
- 5 - Córás oiriúnach clárúcháin ar Chumainn Drámaiocht Gaeilge leis an *Comhairle Náisiúnta* a mholadh.
- 6 - Córás comh-eagartha ar Fhéile Drámaiochta Gaeilge: Féilte Logánta is Réigiúnta is Náisiúnta, a mholadh.

7 - Scéim a moladh le go mbeadh
fáil ar sholathar cui airgid
d'fhonn na ngnóthai sin uile
a riad go héifeachtach.

8 - Aon ní eile a bhaineann le
forleathnú agus le feabhas
na drámaiochta Gaeilge
agus a mheasfaidh an *Comhairle*
Shealadach go mba cheart aird a
thabhairt orthu agus moladh a
dhéanamh ina dtaobh.¹²

Ceapadh bunchoiste ón *gComhairle Shealadach* ag
cruinniú ar an 27ú Samhain 1959. Mhol an coiste nua do
Choiste an Oireachtais na Féile Náisiúnta a athrú go
dtí deireadh an Earraigh, rud a rinne siad. Chuir siad
comórtas do dhrámai fada ar bun sa bhliain chéana,
1961, chomh maith le leabharlann do dhrámai Gaeilge a
bhunú, Comhaltais Chúigí a bhunú, Féilte áitiúla agus
Féiltí Cúigi a eagrú. D'fhoilsigh siad iris nua darbh
ainm *Ardán*, agus d'eagraigh siad cúrsaí in ealaín na
drámaiochta. Chláraigh a lán cumainn ar fud na tire
leis an *gComhairle* don chéad uair sa bhliain 1961. Ba
é 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath, an seoladh a
bhi acu. Ni raibh aon teacht isteach oifigiúil ag an
gComhairle ach an t-airgead ó chlárú na gcumann. Chuir
Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge airgead ar fáil ó am go
ham chun cóipeanna a dhéanamh de dhrámai agus chun
cabhrú leis an leabharlann. Chabhraigh an *Gúm* trí
cóipeanna de dhrámai a bhronnadh ar an *gComhairle*.
Chuir Gael Linn airgead isteach sna féiltí Cúigi agus
reachtáil an tOireachtas an Fhéile Náisiúnta. Thug

Conradh na Gaeilge cabhair rúnaíochta don *Chomhairle* agus thug sé costas taistil do bhaill na *Chomhairle* i mí Dheireadh Fómhair 1962 a d'fhág go raibh sí comhdhéanta de ionadai amháin ó Choiste Gnótha Chonradh na Gaeilge, Coiste an Oireachtais, An Comhchaidreamh, An Cumann Scoil Drámaiochta, Cumann na Scribhneoirí, Gael Linn, Comhaltas Drámaiochta gach cúige, Aisteoirí Ghaoth Dobhair agus Taibhdhearc na Gaillimhe.

Ach mar is ghnáth bhí easpa airgid ag cur isteach ar obair na *Chomhairle*. Ba dheacair an rud é na níthe seo go léir a eagrú i nGaoth Dobhair bliain amháin agus ansin i gCorca Dhuibne an chéad bhliain eile ar bheagán airgid. Thuig an *Chomhairle* ón túis nach bhféadfai an obair a bhí beartaithe acu a dhéanamh gan cabhair airgid ón stát. Lorgaiodh an t-airgead ach níor cuireadh ar fáil é. Nuair a foilsiodh "Tuarascáil an Choimisiúin Um Athbheochan na Gaeilge," bhí moladh ann faoin *gComhairle* a dúirt:

Molaimid go n-aithneoidh an stát an *Chomhairle* mar phoras le cúram ginearálta a dhéanamh d'fhorbairt ghluaiseacht amaitéarach na drámaiochta Gaeilge, agus go gcuirfeadh sé deontas ar fáil chun cuidiú léi na costais a bhaineann lena gcuid gniomhaiochtaí a għlanadh.¹³

D'fhoilsigh an Rialtais páipéar Bán i mí Eanair 1965,

Athbheochan na Gaeilge, ina ndúirt siad go raibh an Rialtas chun glacadh le moladh an Coimisiún ó thaobh prionsabail de agus go mbeadh siad ag scrúdú an dōigh ab fhearr chun é a chur i bhfeidhm de réir a chéile.

Bhí aitheantas oifigiúil faigthe ag an *Chomhairle Náisiúnta Drámaiochta* chun feidhmiú thar cheann ghluaiseacht amaitéarach na drámaiochta i nGaeilge ar fud na tire. Bhí sé le tuiscint ón pháipéar bhán,

Athbheochan na Gaeilge, go mbeadh an drámaiocht faoi Roinn na Gaeltachta feasta agus mar sin socraíodh ar thoscaireacht a chuir chuig Roinn na Gaeltachta le ceist na drámaiochta a phlé. Tháinig siad le chéile ar an 9ú Aibreán 1965 agus ba é toradh an chruinnithe sin ná deontas de £7,500 don *Chomhairle* don bhliain airgeadais 1965/66, ach scéim oibre a bheadh inghlactha ag an Roinn a chur faoina mbráid. B' iad na daoine a bhí páirteach sa *Chomhairle* ón tosach nó Pádraig Ó Siocfhradha, Lionard Ó Coigligh, Donnchadh Ó Suilleabháin, Micheál Mac Carthaigh, Aodh Ó Ruairc, Maireád Ni Ghráda, Riobard Mac Goráin, Seán Ó Tuama, Donnchadh Ó Suilleabháin agus Seán Ó Morónaigh.

Tháinig na buaiteoirí ó na féilte aitiúla nó na grúpai a bhí mólta le dul ar aghaidh chuig an Fhéile Náisiúnta Drámaiochta a reachtáileadh faoi scáth an Oireachtais. Obair do lá eile ab ea é cur síos a dhéanamh ar na féilte ar fud na tire, i nDún Geanainn, Baile Méanach, An Uaimh, Tobar a' Choire agus go leor áiteacha eile. Ach chun cur síos a

thabhairt ar an chineál oibre a bhí ar siúl ag an Fhéile tógraíodh mé na blianta 1967 agus 1971 mar shampla.

I 1967 i Halla Damer a reachtaileadh féile na bliana sin, 26ú go dtí 29ú Aibreán. Ba iad seo na comórtais faoi mar a fógraíodh i gclár na féilte iad:

Comórtas 29 : DRÁMA ILGHNÍOMH : Craobh na hÉireann : Comórtas oscailte don Ghaeltacht agus don Ghalltacht do fhoirne a fuair an chéad ait ag Féile Cúige nó ag Féile na nOllscoileanna.

An chéad duais, £40 agus *Sciath Mhuintir Mhic Aonghusa*; An dara duais, £20.

Baineann 1, 6 agus 12 le Comórtas 29.

Comórtas 30 : GEARRDHRÁMA ÉINGHNÍMH a mhairfidh tuairim leathuair an chloig. Teoranta do bhailte agus do chathracha ina bhfuil 8,000 duine nó breis de líon pobail.

An chéad duais, £20 agus *Cearnairí Scéala an Domhnaigh*; An dara duais, £10.

Baineann 3, 5 agus 11 le Comórtas 30.

Comórtas 31 : GEARRDHRÁMA ÉINGHNÍMH a mhairfidh tuairim leathuair an chloig. Teoranta do bhailte agus do shráid-bhailte ina bhfuil níos lú ná 8,000 duine de líon pobail.

An chéad duais, £20 agus *Corn Stafford*; An dara duais, £10.

Baineann 2, 7 agus 9 le Comórtas 31.

Comórtas 32 : GEARRDHRÁMA ÉINGHNÍMH a mhairfidh tuairim leathuair an chloig. Teoranta don Ghaeltacht agus don Bhreac-Ghaeltacht.

An chéad duais, £20 agus *Corn Aire na Gaeltachta*.

Baineann 4, 8 agus 10 le Comórtas 32.

Comórtas 33 : CRAOBH NA hÉIREANN agus *Corn Smidic* don léiriú is fearr sna Comórtais 30, 31 agus 32.

Léiriódh na drámai seo a leanas ag an bhféile: Dli na Fairne, bundráma le Micheál Ó hAodha, léirithe ag Craobh na gCúig gCúigi de Chonradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath. Aodán Mac Fhionnlaoich a bhí mar léiritheoir. An Triúr Boic, dráma grinn ón bhFrainc, léirithe ag Craobh Uí Ghramhna de Chonradh na Gaeilge, An Muileann gCearr. Ba é Seán Mac Aodha a bhí mar léiritheoir. Ar an Déardaoin an 27ú Aibreán léirigh Club na Müinteoirí, Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath An Lasair Choille le Caitlin Maude, agus Micheál Hartnett agus Liam Saidléir a léirigh é. Aisteoirí na Rinne, An Rinn, Co. Phort Láirge a léirigh Cor in Aghaidh an Choim, dráma aonghníomh le trí radharc ann, léirithe ag Dónall Ó Cionnfhaolaidh, agus cuireadh deireadh le séisiún an Déardaoin le léiriú de Bri na Brúinne, dráma nua-cheaptha le Seán Ó Loingsigh, léirithe ag Aisteoirí an Chladaigh, Co. na Gaillimhe. Léiriódh dhá dhráma le linn séisiúin a trí ar an Satharn: Coinneod Féin an t-Oileán, dráma nua-chumtha le Seán Ó Ceallaigh, léirithe ag An Chumann Gaelach, Ollscoil na Ríona, Béal Féirste agus léirigh An Club Gaeilge, Leitir Ceanainn, Paidí an Phaca, aistriúchán ar The Paddy Pedlar le M.J. Molloy.

Léiriódh ceithre dhráma le linn an ceathrú seisiún ag tosnú ar a 3 a chlog Dé Sathairn: Punt ar Eileamh le Seán O'Casey, léirithe ag Cumann Chloich Cheannfaolaidh, Gort a' Choirce, Co. Thír Chonaill; Uill

Glas Oíche Shambna, dráma aonmhír le Maireád Ni Ghráda, le Aisteoirí an Chuain, Bun a' tSábhairne, Co. Chorcaí. Chun na Farraige Síos, aistriúchán ar bhundráma Synge Riders to the Sea le Aisteoirí Loch Conaortha, Connamara agus Bás Roimh Maidin le Pádraig Ó Dalaigh, duaisdráma an Oireachtas 1966. Léiriodh an dráma deireannach den Fhéile ar a hocht a chlog maidin Dé Sathairn. Buion Phádraig, Luimneach a bhí ar an stáitse agus léirigh siad Dialann Anne Frank le Frances Goodrich agus Albert Hackett. Seán Ó Morónaigh a bhí mar léiritheoir ar an dráma seo agus ba chóir a lua ag an bpointe seo gurb é Seán rúnai Comhlachas Náisiúnta Drámaiochta sa lá atá inniu ann. Fear mór le rá i gcúrsai drámaiochta ab ea é an uair sin agus ar ndóigh tá sé páirteach go fóill.

Ba iad buaiteoirí na bliana seo ná Buion Phádraig Luimneach a bhuaigh comórtas do dhráma ilgħniomh; An Club Gaeilge, Leitir Ceanainn a bhuaigh an comórtas do għearrdráma aongħniomh agus ba iad buaiteoirí Corn Seán Stafford le hagħaidh an léiriū a rinne siad do Paidi an Phaca. Bhuaigh lucht Chonamara a léirigh Chun na Farraige síos, Corn Aire na Gaeltachta agus ba iad a bhuaigh Craobh na hEireann agus Corn Smidic, chomh maith.

Ba spéisiúil a fheiceáil an méid bundrámai Gaeilge a léiriodh le linn na Féile seo agus cé gur grúpai amaitéaracha iad go léir bhí na léirithe ar fad

ar chaighdeán sách ard dar leis an moltóir, Micheál Ó hAodha. Níor athraigh cruth na Féile thar na blianta. In áit Phádraig Uí Shiochfhradha a bhí mar Chathaoirleach ag an *gComhairle* ar feadh na blianta toghadh Seán Ó Morónaigh agus b'eisean a bhí i gceannas ar an Fhéile as sin amach. Ba é Prionnsias Mac Diarmada a bhí mar mholtóir i 1971 agus ba é Liam Ó Murchú a thug an t-aitheasc ag an Oscailt Oifigiúil. Ó 1968 reachtáladh an Fhéile sa *Phéacóig* mar nach raibh an *Damer* ar fáil. Níor athraíodh na comórtais in aon chor, agus níor ardaíodh na duaiseanna fiú. I 1967 léiriodh dhá dhráma déag, i 1971, ceithre bliana ina dhiaidh seo bhí méadú tagtha ar na hiontrálacha mar bhí ocht léiriú déag le feiceáil ar stáitse na *Péacóige*, naoi n-aistriúcháin agus naoi mbundráma Gaeilge, ina measc De réir na Rubricí le Eoghan Ó Tuairisc, coiméide trí ghniomh; Úll Glas Oiche Shamhna agus Breithiúntas le Mairéad Ní Ghráda; Molonev le Seán Ó Tuama agus dráma an-shuimiúil ar fad Pionta Amháin Uisce le Seán Ó Coistealbha nó Johnny Chóil Mhaidhc, cainteoir dúchais ó Chonamara, léirithe ag Cumann Drámaiochta Mhicil Bhreathnaigh, An Cnoc, Conamara.

An Comhlachas Náisiúnta Drámaiochta

Ó 1972 go dtí 1975 tharla conspóid sa *Chomhairle Náisiúnta Drámaiochta*, go hairithe faoi chomh-dhéanamh an Choiste stiúrtha. Bhí ionadaithe ó

eagrais éagsúla ar an gcoiste chomh maith le hionadaithe ó na cumainn drámaiochta. Bhí an *Chomhairle* faoi choimirce Chonradh na Gaeilge agus á reachtáil ó cheann-áras an Chonartha i mBaile Átha Cliath. Bhí obair mhaith á dhéanamh ag an *gComhairle* ar fud na tire ar mhaithe le gluaiseacht na drámaiochta Gaeilge ach ba é an ceangal idir é agus na cumainn eile seo a chuir bac lena chuid oibre. Bhí sé ag tabhairt na seanfaidhbe chun cinn arís, is é sin le rá forbairt na dramaiochta ag obair in éineacht le Athbheochan na Gaeilge. I 1975 d'íarr Aire na Gaeltachta ar Choimisiún Cearta na Cúirte Oibreachais Con Ó Murchú an t-aighneas seo a fhiosrú agus rud éigin a dhéanamh sular thit an *Chomhairle* as a chéile. Rinne sé é sin agus mhol sé bunreacht nua agus an teideal *Comhlachas Náisiúnta Drámaiochta*. An difriocht is mó a bhí idir an *Chomhairle* agus an *Comhlachas* ná go raibh an *Comhlachas* neamhspléach agus ní raibh ar a choiste stiúrtha ach ionadaithe ó na cumainn drámaiochta. De réir a bhunreacht bhí príomh-oifig an *Chomhlachais* le bheith sa Ghaeltacht, áit a bhfuil sé go fóill, i *gCamus* i *gConamara*, Co. na Gaillimhe. Tionóladh an chéad chruinniú de Choiste Náisiúnta an *Chomhlachais* san Ostán Royal i mBaile Átha Cliath ar an 21ú Feabhra 1976. I láthair bhí Seán Ó Tuairisc, Cathaoirleach; Cathal Poirtéir, Leas- Cathaoirleach; Seán Ó Morónaigh, Rúnaí; Micheál Ó Gruagáin, Cisteoir; Gearóidín Ní Ghrianna, Aine Ní Dhobhoráin, Aine Breathnach, Donall Mac Giolla Easpaig, An tAth. P.S. Ó

hArgáin, Noel Ó Gallachóir agus Bosco Ó Conchubhair.

Ba é priomhfheidhm an *Chomhlachais* ná

an drámaiocht amaitéarach
i nGaeilge a chur chun cinn.¹⁵

Faoi stiúir an *Chomhlachais* bhí ceithre comhaltais Réigiúnach sna cúigí, ba iad priomhchúramai na gComhaltais seo ná comhcheangal áitiúil a chothú i measc na gcumann go léir, fóram a chur ar fáil agus triúr a thoghadh don Choiste Náisiúnta . Ba é an Coiste seo a thabharfadh aitheantas d'fhéilte Drámaiochta ar fud na tire agus ba as na féilte seo a thiocfadh na buaiteoirí chuig an Fhéile Náisiúnta Drámaiochta. Bheartaigh Coiste nua an *Chomhlachais* an Fhéile Náisiúnta a reachtáil in *Atharclann Ghaoth Dobhair* ar thriú dheireadh seachtaine ag tosnú ar an 30ú Aibreán 1976 agus shocraigh siad go mbeadh Féile na gColáistí Triú Leibheál ar siúl i Má Nuad ar an 3ú go dtí an 7ú Márta. Chomh maith le hairgead na mball bhí an *Comhlachas* ag brath ar dheontas ó Róinn na Gaeltachta chun an obair go léir a chur ar bun.

Is é seo díreach mar atá an scéal anois ó thaobh an *Comhlachais* de agus sár-obair atá á dhéanamh acu ar fud na dúiche. Tháinig grúpa áiríthe aisteoíri le chéile faoi choimirce an *Chomhlachais*, chun léirithe speisialta a dhéanamh. Glaodh Aisteoíri na Tire orthu. Baill de chumainn drámaiochta éagsúla ar

fud na tire a bhí páirteach ann agus bhí sé mar aidhm acu an Ghaeilge a fhorbairt trí thionscnamh cruthaitheach, ag baint feidhme as modhanna nua nuair a d'oirfeadh sé dóibh. Feictear ón liosta ar na léirithe atá déanta acu go dtí seo go bhfuil oiliúint i scileanna drámaíochta i gceist go láidir sa ghrúpa seo: Philadelphia Here I Come 1974 An Dreoilín 1975 Coill na gCogarnail 1979 Citi 1980 Grá mo Chroi mo Chruioscín 1980 Aistriúcháin (Translations) 1981 An Fear úd Cusack 1984 Na tri Chomhairle 1985 Ceardai na gCleas 1986/87 Dráma na Trá Báine 1988/89

Aisteoirí Ghaoth Dobhair

Fad a bhí an obair seo ag dul ar aghaidh bhí *Amharclann Ghaoth Dobhair* tagtha ar an saol agus imithe aris. Cé go bhfuil an Amharclann ina seasamh go fóill is beag aisteoireacht atá le feiceáil ar an stáitse sin i nGaeiltacht Thir Chonaill. Bhí seo le rá ag Gearóid Ó Lochlainn:

Tuigeadh dom le fada, agus ba
mhinic a dúirt mé é, má
bhí ceantar ar bith sa Ghaeltacht
arbh fhiú Amharclann sheasta a
thógaint ann gurbh é Gaoth Dobhair
é, pobal mór Gaeilgeoiri ann a
raibh an spéis sa drámaíocht acu,
agus foireann d'aisteoirí ábalta
ar fáil chuige.¹⁶

D'oibrigh Aine Ni Ghiolla Bhríde agus a cairde go dúthrachtach chun an mhian seo a bhí ina gcroithe a bhaint amach. Thart faoi 1959, le cabhair Pa. Uí Dhomhnaill, Teachta Dála an cheantair, chuir an Rialtas deontas de ochtó faoin gcéad ar fáil dóibh chun Amharclann dá gcuid féin a bhunú i nGaoth Dobhair. Dhá mhile dhéag de dheontas a cuireadh ar fáil dóibh ach trí mhile a bheith sa chiste féin acu ar dtús. Suim mhór airgead a bhí i dtrí mhile, ach:

They have an ambition, these
actors to have a Taibhdhearc
right in their own blue hills
where Gaelic drama would find
birth and home within the
Gaeltacht gates.¹⁷

agus mar sin, scaip siad achainí ar fud na tire agus thar lear ag iarraidh airgead a bhailiú. Níor thóg sé i bhfad é seo a dhéanamh agus i 1960 cuireadh ailtire as Gaoth Dobhair, Pádraig Mac Giolla Cheara i mbun pleanáil na hAmharclainne. Rinneadh obair ghasta shásúil ag tógáil an fhoirgnimh bhreá seo, in aice Choláiste Cholmcille i nGaoth Dobhair, agus bhí sé réidh don chéad oiche ar an 3ú Mean Fómhair 1961. Bhí trí chéad agus daichead suiochán ann, maille le gléasrai solais agus teasa a bhí ar fheabhas, seomrai cóirithe agus cistineach. Thug siad cuireadh do Shiobhán Nic Chionnaith (go ndéana Dia trócaire uirthi) teacht chun an oscailt oifigiúil a dhéanamh.

Léiriodh bun-dráma nua le hine Nic Ghiolla Bhríde don oscailt, Cor na Ciniúna, agus léiriodh ar feadh seachtaine é. Ba rud tábhachtach anois léirithe rialta a chur ar fáil go rialta chun spéis an lucht éisteachta a choinneál san Amharclann mar bhi an seans acu anois, ba seo an chéad Amharclann Gaeilge a tógaadh i nGaeiltacht na hEireann. An éireódh leis? Bhí an bhunobair déanta acu, ba mhór an t-athrú é ón lafta lom ar chleacht siad a gcéad dráma thusa air tríocha bliain roimh seo.

Chuir siad túis leis na Geamaireachtaí, agus léiriodh an chéad cheann Turlachóig na dTuath i mí na Nollag 1961. Scriobh Prionnsias Ó Maonaigh O.S. as an cheantar é agus d'éirigh go geal leis. Bhí na háiseanna uilig acu san Amharclann nua chun seó mar seo a chur ar stáitse. Deirtear go raibh suas le trí scór páirteach ann, idir óg agus aosta agus gur lean sé ar feadh coicise. Bhí an tuairisc seo le fáil sa Derry People faoi:

400 patrons can't be wrong.
Thats around the number who
came to see the Pantomime in
new Gaelic Theatre in Gweedore,
which came to a brilliant finale
on Sunday night. A packed audience
applauded the cast to the echo.¹⁸

Geamaireacht é seo a bhi bunaithe ar bhéaloideas na háite agus shnaidhm an t-údar, coméide, ceol, amhráin

agus damhsa le chéile chun imeachtaí na pearsain Maol Muire an Bhata Bhui in Oiléan Thorai agus thart ar Chaisleáin na dTuath a léiriú. Chloigh *Aisteoirí Ghaoth Dobhair* go mór le seanchas na háite agus drámai á scriobh acu. Ba léir go raibh na bunábhair dhúchasacha níos gaire do chroíthe na n-údar agus na ndaoine féin. O 1962 bhi Geamaireaachtaí bunaithe ar na scéalta a bhain le Bolar na Súile Nimhe, Maolmhuire agus Feidhlimidh Cam, An Gobán Saor agus Na trí Mic Uí eCorra le feiceáil ar stáitse *Amharclann Ghaoth Dobhair*.

Chuidigh an Amharclann go mór le *Aisteoirí Ghaoth Dobhair* mar thug sé áit bhuan dóibh leis na léiriúcháin a bhí siad ag iarraidh a léiriú go dtí seo a chur ar stáitse, thug sé spreagadh do na drámadóiri agus bhí deis acu cuireadh a thabhairt d'aisteoirí gairmiúla mar *Amharclann na Mainistreach* agus *Taibhdhearc na Gaillimhe* chun drámai a léiriú dóibh, rud a spreag smaointe nua faoin ealaín agus faoin aisteoireacht iontu. Tháinig an *Chomplacht Ballet Mulholland* as Béal Féirste ar cuairt, chomh maith leis an *Compántas Naisiúnta Ballet* a tháinig cúpla uair.

Ach bhí an seanfhadhb ag na haisteoíri, bhí an imirce ag déanamh slaide i ndiaidh slaide i rith an ama seo agus mar sin ní raibh an fhoireann chéanna aisteoirí i mbun oibre dhá bliain ar bith as a chéile; gach bliain bhí earcaigh úra le toghadh agus

le hoiliúint, rud a chur isteach go mór ar leanúnachas na hAmharclainne. Sa bhliain 1966 ní raibh ach dáreag de bhuíón sheasta acu agus timpeall fiche duine eile a bhí in ann páirt a ghlacadh nuair a bhi gá leo. Ag deireadh na seascaidí ní raibh ach Áine Nic Ghiolla Bhride fágtha ón dream a thosaigh breis is triocha bliain roimhe sin. Ba mhór an trua nár chuir an dream óg an oiread suime san aisteoireacht – sin a bhí de dhíth i nGaoth Dobhair. Chuir an pobal a meas in iúl trí bheith i láthair ag drámai san Amharclann ach nuair a tháinig an saol nua-aimseartha agus nuair nach raibh léiriú rialta le fáil, chuir siad suim i nithe eile, go háirithe sa teilifís, sa phictiúrlann agus mar sin de. Chuir *Amharclann Ghaoth Dobhair* caitheamh aimsire ar fáil do na daoine le linn na seascaidí, ach níor leor mar chaitheamh aimsire é do aos óg na seachtóidí.

Ba mhór an chailliúint é don chumann, nuair a d'éirigh Áine Nic Ghiolla Bhride as a post mar aisteoir agus mar stiúrthóir an chumainn, mar ní raibh ceannaire nua óg ag teacht chun tosaigh chun a háit a ghlacadh agus a bheith freagrach as an eagraíocht uilig. Le himeacht Áine, scaip an cumann, lean cúpla duine ag léiriú drámai ar scoil leis na páistí agus d'éirigh go maith leo i gcomórtais na *Scoldrámaiochta*, féilte drámaiochta agus san Oireachtas. Ach taispeánann seo go raibh athrú ag teacht ar an phatrún. Bhí daoine ag léiriú drámai ar mhaithe le

comórtaisi amháin, rud atá fíor go fóill agus drámaiocht na Gaeilge faoi chaibidil. Tá gá le comórtaisi, ceart go leor, ach ní drámaiocht fhírinne í, dar liom. Cuireann comórtaisi aisteoirí, léiritheoirí agus drámadóiri faoi bhrú agus tógann seo ón léiriú féin. Ach an rud ba mheasa ná nuair atá dráma á scriobh ag drámadóir do chomórtas, tuigeann sé cén sórt dráma gur chóir a scriobh ó thaobh an chomórtais de, mar sin déantar sórt "stereo-typing" ar an ealain agus ar an dráma. Ni thugann an comórtas an tsaoirse ba cheart a bheith ag an drámadóir, nó ag an aisteoir nó ag an léiritheoir, dóibh. Caithfear pléisiúr a bhaint as dráma a scriobh, é a léiriú agus páirt a ghlacadh ann; ni thagann comórtaisi go hiomlán le seo. Ni i nGaoth Dobhair amháin a tharla seo ach ar fud na tire. Ní leor comórtaisi chun gluaiseacht na drámaiochta Gaeilge a chur chun tosaigh, tá sé thar am againn seo a thuiscint!

Cé go bhfuil *Amharclann Ghaoth Dobhair* ina seasamh go fóill, is beag léiriú a dhéantar ann. Léiriódh Dráma Páise le Tómas Mac Giolla Bhride um Cháisc 1986 ann agus cheap gach duine go raibh an solas ag soilsiú, áit a raibh dorchadas le fada. Ach níor leanadh leis an athbheochan seo. Muna mbaintear an úsáid cheart as *Amharclann Ghaoth Dobhair* gan mhoill beidh failli á dhéanamh inti agus ina mbunaitheoirí. Agus maidir leis an ghlún atá le teacht:

An amhlaidh nach mbeidh dóibh
ach foirgneamh bánaithe ar
ithir sheasc nó samhlaiocht
daona.¹⁹

An bhfuil sé rómhall?

**Amharclann na Mainistreach agus drámaíocht na
Gaeilge**

Agus iad go fóill ar deoraíocht in
Amharclann na Banríona, chuir Earnán De Blaghd
iachall ar aisteoirí na *Mainistreach* drámai Gaeilge a
léiriú agus cé go raibh an compántas in isle bhri ag
an am lean siad ag léiriú i nGaeilge, thart ar 3 nó 4
drámai Gaeilge in aghaidh na bliana. I 1955 léiríodh
Saoirse le Risteard De Paor agus Úll Ghlas Oiche
Shambna ar an 5ú Samhain agus léiríodh an
Gheamaireacht bhliantúil i mí na Nollag, Ulysses agus
Penelopé. I 1956 léiríodh dhá dhráma Gaeilge, ceann
amháin le Seán Ó Tuama Gunna Cam agus Slabhra Óir agus
ceann le John O' Donovan, An Crúiscín Lán, a
stáitsiodh ar an 26ú Nollaig 1956. Dráma nuascríofa le
Labhrás Mac Brádaigh, Céad Feadha Síos agus
Geamaireacht na Nollag, Muireann agus an Prionnsa, a
léiríodh i 1957 agus tháinig feabhas ar an scéal in
1958 nuair a léiríodh sé dhráma Gaeilge agus
Geamaireacht amháin, Oisín i dTír na n-Og. Ach ní

raibh ach dráma nuascríofa amháin le Maireád Ní Ghráda le feiceáil i mí Meán Fómhair 1959, Súgan Sneachta, agus Geamaireacht na Nollag, Gráinne na Long. Ba é seo an saghas rud a bhí ar siúl ag aisteoirí na *Mainistreach*, corr-léiriúanois agus aris. I 1964 agus 1966 níor léiriodh ach Geamaireacht na Nollag ar státse *Amharclann na Banrifona*. Tháinig an *Mhainistir* abhaile ar an 18ú Iúil 1966 le léiriú de Recall the Years le Walter Macken. Sa bhliain seo níor léiriodh ach Geamaireacht na Nollag, Fernando agus an Ríon Og. Le dóchas, bliain ina dhiaidh sin d'oscail Taoiseach an lae inniu, C.J. Haughey (Aire airgeadais ag an am), Amharclann bheag na *Péacóige* ar an 23ú Iúil 1967. Bunaiodh an Amharclann bheag seo mar "experimental Theatre" agus bheartaigh an compántas drámai Gaeilge a chur ar fáil ann. Dúirt Hugh Hunt:

Drama in the Irish Language, an
objective since the first thoughts
of our theatre, we hope to cherish,
foster and promote.²⁰

Níor léiriodh dráma ar bith ar an 23ú Iúil sa *Phéacóig* ach d'oscail dráma Gaeilge na hAmharclainne ar an 25ú Iúil 1967 le An Béal Bocht le Myles na gCopaleen agus i mí Lúnasa na bliana céana léiriodh dhá dhráma Gaeilge eile, An Choinneal le Pádraig Ó Giollagáin agus Faill ar an bhFeart le Séamus Ó Néill. Chomh maith le seo thug grúpa aisteoirí ón *Mhainistir* cuairt ar chúpla Gaeltacht ar fud na tire agus léirigh siad

An Cailín Bán le Boucicault aistríthe ag Liam Ó Briain; An Pósadh le Dubhghlas De hÍde, agus aistriúchán ar Riders to the Sea le Synge. Léiríodh dhá bhundráma Gaeilge sa *Phéacóig* le linn 1968, Breithiúntas le Maireád Ni Ghráda agus Is é dúirt Polónius le Criostóir Ó Floinn. Cuireadh an dráma An Giall le Breandán Ó Beacháin ar an státse ar an 14ú Deireadh Fómhair chomh maith. Cuireadh saghas seo nó ceoldráma ar súil i mí na Nollag 1969, Séadna, le Peadar Ó Laoghaire, cóirithe ag Tómas Mac Anna. Ba iad ball do Shiamsóiri na Riochta ó Thrá Lí, Co. Chiarrai faoi stiúr an tAthair Pat Aherne, a bhí páirteach ann. Ach d'ainneoin na n-iarrachtaí seo go léir ní raibh leanúnachas ar bith ag aisteoirí na Gaeilge sa Mhainistir agus ba dheacair daoine a mhealladh chuig na léirithe dá bharr.

D'athraigh meoin na hAmharclainne le linn na seachtóidi agus na n-ochtóidi. Bhí an Mhainistir ag fás agus ag fáil cáil dhomhanda. Cé go raibh drámai, aisteoirí, drámadóiri, léiritheoirí agus lucht éisteachta ag teacht ón Mhór Róinn, ó Mheiriceá agus ó gach áit ar fud an domhain bhí an Mhainistir dílis dá na hÉireannaigh i gcónai. B'iontach an rud é drámai nua le Enda O'Brien, Wesley Burrows, Brian Friel, Thomas Kilroy, Thomas Murphy, Eugene Mc Cabe, Hugh Leonard agus go leor eile a fheiceáil ar státse ann. Maidir leis na drámadóiri Gaeilge i gcomparáid leis an lion mór seo, dar le Hugh Hunt, nach raibh ach:

Criostóir Ó Floinn, Pádraig Ó Giollagáin and Eoghan Ó Tuairisc, three of the sadly few writers searching for new ways to give life to performances in the Irish language.²¹

Ach ní chóir drámaiocht na Gaeilge a chur in iomaiocht le drámaiocht an Bhéarla, dar liom, mar nach ionann an dá chomplacht. Níor bhláthaithe drámaiocht na Gaeilge faoi scáth dhramaiocht an Bhéarla riamh agus ní dhéanfaidh go deo. I dtús báire ta gá le hAmharclann Gaeilge, scartha amach ó na hAmharclanna eile ach comh-oibriú a bheith eatharthu ó thaobh na n-ealaíon de. Ansin tá gá le compantás Gaeilge proifisiúnta, le haisteoiri, léiritheoirí agus chriú stáitse proifisiúnta lánaimseartha chun an leanúnachas atá in easnamh a chur ar fáil. Chun go mbeadh léiriú proifisiúnta, caithfidh gach uile ghné a bheith foirfe. Tóg, mar shampla, aisteoir amháin a bheith easnamhach, ó thaobh aisteoireachta nó urlabhraiochta de bainfidh sé sin de phroifisiúntacht an léirithe agus den sásamh a bhainfidh an lucht féachana as. Nil mé ag rá gur chóir deireadh a chur leis na grúpai amaitearacha ar fud na tire, mar is sna grúpai seo a thosaíonn an aisteoireacht agus mar sin de, ach chun cothrom na féinne a thabhairt don ealain, tá gá le Amharclann agus compantás proifisiúnta seasta Gaeilge. Ansin beidh criticeoirí agus léirmheastóiri in ann a

n-aghaidh a dhíriú ar ghné eile de litriocht na Gaeilge agus a ndroim a thabhairt leis an litriocht atá imithe ar shli na firinne le fada.

Ó bunaiódh an *Comhlachas Náisiúnta Drámaiochta* i 1975 is beag atá le rá i dtaobh drámaiocht na Gaeilge sa *Mhainistir* agus is beag dráma Gaeilge a léiriódh ann dá bharr. Tá scéim nua á reachtáil ag an *gComhlachas* agus ag Bord na Gaeilge i gcomhair leis an *Mhainistir*, *Taibhdhearc na Gaillimhe* agus complachtaí gairmiúla agus amaitéaracha eile ar fud na tire. Léiriódh Fiche Bliain ag Fás le Aisteoirí Bhreanainn i mí Bealtaine na bliana seo sa *Phéacáig*. I mí an Mheithimh léirigh Aisteoirí Aon dráma, Béal Féirste, Na Dóiteoirí, agus i mí Lúnasa léirigh na Fánaithe Cóta Bán Chriost le Criostóir Ó Floinn sa *Focus*, Baile Átha Cliath. Seachas na féilte agus léiriú ina mbailte féin níor léiriódh na drámai seo, de ghnáth, ach oiche amháin sa chathair. Murach seo ni bheadh drámai Gaeilge ar bith le feiceáil ar stáitse i bpriomhchathair na hEireann.

Taibhdhearc na Gaillimhe

Direach cosúil le *Aisteoirí Ghaoth Dobhair*, bhi ar *Taibhdhearc na Gaillimhe* tabhairt faoi chomórtaisí a reachtáil chun drámadóiri na Gaeilge a spreagadh chun pinn. Chomh luath le 1955 i gcomhair

leis an Oireachtas chuir siad duais £200 ar fáil le haghaidh dráma fhada. Ardaiodh an duais seo go £500 níos moille agus tháinig an *Mhainistir*, an *Chomhlachas*, an *Taibhdhearc* agus *Compántas Chorcaí* le chéile sna seascaidí chun duais £1000 a chur ar fáil do scriobh na drámaíochta Gaeilge. Cuireadh comórtas an Phiarsaigh ar bun sa *Taibhdhearc* i 1979 agus ba é Eoghan Ó Tuairisc agus Fornocht do Chonac a bhuaigh an chéad duais.

Ag túis na tréimhse seo ba é Traolach Ó hAonghusa a bhí mar léiritheoir lánaimseartha na *Taibhdheirce*, ó 1956 go dtí 1969. Ba iad na léirithe ab fhearr a rinne sé ná Lá Fhéile Mhicil le hEoghan Ó Tuairisc, 14ú - 17ú Márta 1963; Juno agus an Phéacóg le Seán Ó'Casey, aistríthe ag S.O Corra, 25ú - 28ú Iúil 1963; Dialann Anne Frank, 27ú Aibreán - 3ú Bealtaine 1964 agus Cóta Bán Criost bundráma Gaeilge le Criostóir Ó Floinn.

Rinne Frank Bailey as Gaillimh roinnt léiriú sa *Taibhdhearc* ó 1968 -1971 agus ba iad An Triail agus Maggie Mhór le J.B.Keane, aistríthe ag S.O Carra, a bhain clú agus cáil amach dó i measc léiritheoirí na *Taibhdheirce*. Léiriodh An Triail i mí Feabhra 1969 agus léiriodh é sa Phéacóg i mí Márta, mar gur éirigh chomh maith sin leis. Dhá bhliain ina dhiaidh seo léiriodh Maggie Mhór arís agus thug siad cuairt ar *Amharclann Ghaoth Dobhair* leis ar an 17ú agus 18ú

Aibreán 1971. Faraior, maraiodh Frank Bailey i dtimpiste bhóthair i 1971 agus ba é seo an dráma deireannach a léirigh sé. Ó shin i leith bhí an *Taibhdhearc* gan léiritheoir lán-aimseartha a fhostú ach bhiodh corrleíritheoir gairmiúil ag teacht ó Bhaile Átha Cliath agus ó chompántas na *Taibhdheirce* féin chun léiriú a dhéanamh. Tháinig Alan Simpson ón *Mhainistir* le linn na tréimhse 1970 - 1976 agus léirigh sé An Giall in Aibreán 1970; Ag fanacht le Godot i Samhain 1971 agus i Feabhra 1972 léiriódh sa *Phéacóig* é. Léirigh Seán Ó Briain as RTÉ cúpla dráma maith, fiúntach mar An Béal Bocht i mBealtaine 1971, inár thóg Mick Lally an priomhpháirt, agus An Hairyfella in Ifreann le hEoghan Ó Tuairisc i Meitheamh 1974. Chuir Risteard Ó Broin túis leis na séonna samhraidh i mí Iúil 1971. Chuidigh C.Ó Mathúna, iarbhainisteoir agus sár-aisteoir na *Taibhdheirce* go mór le scriobh na séonna seo agus ba í Máire Stafford a scriobh na hamhráin go léir do na séonna agus do na Geamaireachtaí. Bhí Máire Stafford ina bhall don *Taibhdhearc* ó 1961, mar aisteoir ar dtús, ansin mar scribhneoir, aistritheoir agus léiritheoir. Chomh maith leis na Geamaireachtaí a scriobh sí na hamhráin dóibh, stiúraigh sí Tatatania, Eanáir 1972; Don Covotte, Nollaig 1972, Eanáir 1973; Hi Dragún, Eanáir 1974 agus Hushabve Blondai, Eanáir 1979. Léirigh sí Citi le Siobhán Ni Shúilleabhadh i nDeireadh Fómhair 1975 agus d'éirigh go han-mhaith leis. Lionadh an teach 'chuile oíche a bhí sé ar siúl, ón 12ú go dtí

19ú Deireadh Fómhair agus deirtear gurb é an líon ba mhó de lucht éisteachta do ghnáth-dhráma a bhí sa *Taibhdhearc* riamh. Scriobh sí an script agus na hamhráin don Gheamaireacht deireannach a léiriodh sa *Taibhdhearc* i 1980, Aililiú Aleaidín. Ba sa *Taibhdhearc* a chas Máire lena fear chéile Seán, fear eile a bhí agus atá go fóill go mór chun tosaigh i scéal *Taibhdhearc na Gaillimhe*. Chomh maith le bheith mar Stiurthóir Ealaiona ann agus mar bhall den Bhord Stiúrtha, léirigh sé a lán drámai ann, chomh maith. Cúpla léiriú a rinne sé ná Is é dúirt Polonius, Deireadh Fómhair 1972; Mise Raifteiri an File le Criostóir Ó Floinn, Feabhra 1974; Teaghlaigh Bhéarnárda Alba, cóirithe ag S.Ó Corra, Deireadh Fómhair 1976; agus Crionlobhadh (Dry Rot) le J. Chapman aistríthe ag A. Mac Dhubháin, Samhain 1981. Léirigh sé an ceoldráma Cosi fan Tuite le Mozart a chóirigh a bhean, i mí Aibreán 1978 agus léiriodh sa *Mhainistir* é chomh maith.

Scriobh Criostóir Ó Floinn an dráma Cluichi Cleamhnais go speisialta fa choinne caoga bliain na *Taibhdheirce* agus léiriodh é i mí Márta 1978. Bhí an *Taibhdhearc* tar éis obair agus athraithe móra a dhéanamh ar an "auditorium" agus léiriodh dráma Uí Fhloinn do athoscailt na hAmharclainne. I mí Lúnasa na bliana seo cuireadh seo speisialta ar fáil don chomóradh, "Caoga Bliaín ag Fás" inár léiriodh míreanna as:

Diarmaid agus Gráinne faoi stiúir M. Ni Bhrolcháin;
Oiche Chinn " " S. Mac Cuinneagáin;
San Siobhán " " C. Ni Eanaí;
Aintin Searlái " " T. Úi Thiarnáin;
Dialann Anne Frank " " S. Ni Chonaill;
Mise Raifteiri an File " " T. Nic Giollarnáth;
In Memoriam, in ómós do Mhicheál mac Liammóir, focail le Máire Stafford agus ceol le P.Ó hEanaí.

Cuireadh amhráin ó Cosi Fan Tutte, An Cailín Bán agus Opera ar Thri Phingin ar fáil chomh maith. I mí Dheireadh Fómhair na bliana sin cuireadh leagan ceoil de Dhiarmaid agus Gráinne ar an stáitse. Ba i Máire Stafford a scriobh na lirici agus Micheál Ó hEidhin a chuir an ceol leis.

Maidir leis an *Taibhdhearc*anois, i 1989, is féidir le muintir na Gaillimhe agus lucht na *Taibhdheirce* a mhaiomh go bhfuil sí beo agus an obair ag dul ar aghaidh ann tar éis bliain is seasca ar an saol. Tá cur sios gairid déanta sa tráchtas seo ar chuid de na drámaí a léiríodh inti ach tá taighde ionlán le déanamh fós ar stair agus ar léiriú *Thaibhdhearc na Gaillimhe*. Is féidir léi a mhaiomh gur

thosaigh na daoine seo go léir sa *Taibhdhearc* mar
aisteoirí nó léiritheoirí: Prionnsias Mac Diarmada,
Siobhán Nic Chionnaith, Mick Lally, Maoliosa Stafford,
Eithne Lydon, Ide Ni Mhathúna, Colm Heffernon agus
Máirtín Ó Flatharta. Nach mór an trua nár fhan siad
uilig i nGaillimh.

Ba é *Taibhdhearc na Gaillimhe* an chéad
Amharclann Ghaeilge sa tir seo; nach aisteach an rud é
gurb í an t-aon cheann amháin atá fós ag léiriú.
Déantar iarracht sé nó ocht léirithe a chur ar stáitse
gach bliain, uaireanta éirionn leis an iarracht,
uaireanta eile teipeann orthu. Bionn seó na bpáistí ar
siúl gach Nollaig agus de ghnáth bionn ceoldráma san
Fhómhar. Déantar iarracht seó Samhraidh le ceol,
amhráin agus rincí a chur ar fáil do chuairteoirí agus
muintir na háite agus tugtar a dhá nó trí ghearr-
dhráma thart ar na Coláistí Samhraidh i gConamara má
bhíonn drámai ar fáil.

Go mba fada buan an *Taibhdhearc* agus a
foireann.

Conclúid

Braitheann gluaiseacht drámaiochta ar bith ar chúig eilimint:

- 1 - An Drámadóir/údar
- 2 - An Compántas Aisteoirí
- 3 - An Léiritheoir
- 4 - An Lucht Féachana
- 5 - Na háiseanna Fisiciúla go léir mar amharclann, soilse, fearais stáitse a bhíonn de dhíth chun dráma a léiriú.

Tá na heilimintí seo go léir le fáil i gcás drámaiocht na Gaeilge ach níor tháinig siad go léir le chéile go fóill, ag an am amháin, san áit amháin chun an drámaiocht Ghaeilge a chur chun tosaigh sa tir seo, mar ba chóir.

1 - Féith is ea an chumadóireacht agus caithfear féith speisialta a bheith ag duine chun dráma a chumadh. Ni hionann dráma agus úrscéal, gearrscéal nó filiocht, tá an dráma marbh ar pháipéar. Caithfear an dráma a léiriú chun an saothar a chomhlionadh. O thús na drámaiochta in Eirinn chuir an fhadhb seo isteach go mór ar dhrámadóiri na Gaeilge. Fiú sa lá atá inniu ann tá drámai fior-mhaithe a scriobh i nGaeilge, tugtar duaiseanna Oireachtais amach go fial do na húdair ach ní thugtar stáitsíocht dóibh. Masla ceart é seo don drámadóir agus an "genre." Caithfear na drámai, olc nó maith, a léiriú. Bionn ar dhrámadóiri dul i dtáithí

ar a gceird. Caithfidh an áis a bheith acu, léiriú fóntha dá gcuid drámai a fheiceáil luath go maith tar éis dóibh an dráma a scriobh. Thabharfadh seo spreagadh do na drámadóiri tabhairt faoin bpeann, léireodh sé na lochtanna a bhaineann leis na saothair agus cuirfeadh sé leanúnachas ar fáil. Chruthaigh an Damer an phointe seo le linn na seascaidí.

Go dtí le gairid ni raibh seasamh acadúil ar bith ag an dráma Gaeilge, ach buiochas le Dia tá athruaithe móra tágtha ar an dearcadh seo anois. Tá drámai le Ó Tuama, Ó Floinn, Ó Néill, Ó Tuairisc, Ni Ghráda agus mar sin de le fáil ar chúrsai céime Ollscoile agus fáiltim roimh an dul chun cinn seo. D'fhéadfai cur le lion na ndrámadóiri ar na cúrsai agus léirmheasanna a dhéanamh ar lochtanna na ndrámai go dtí seo. Thabharfadh seo spreagadh do na drámadóiri aris agus cá bhfios nach mbeadh drámadóir nó dhó a mhúnlú ag na hiarrachtaí seo. Chuirfeadh sé tú le léirmheastóireacht ar "genre" na drámaiochta Gaeilge, rud atá in easnamh go dtí seo. Nil ach dhá leabhar criticiúla drámaiochta Gaeilge, ar shaothar Uí Thuairisc, Drámai Eoghain Uí Thuairisc le Martin Nugent agus Eoghan ó Tuairisc - Beatha agus Saothar le Máirín Nic Eoin ar fáil sa tir seo. Ní leor sin. Tá gá le criticeoirí agus leirmheastóiri chun spriocana a shuiomh roimh na húdair. Ní mór don chritic bheith in ann "genre" an dráma a aithint agus firinne inmhéanach an dráma a nochtadh. Caithfidh sé aithne a bheith aige ar

Amharclann an lae inniu agus eolas a bheith aige ar stair na drámaiochta Gaeilge. Ní raibh seo ar fáil don chritic go dtí le déanaí, mar sin tá súil agam gur chuir mé túis leis sa tráchtas seo. Tá oideachas de dhith sa "genre", cúrsai de gach saghas agus ceardáiocht chun saothar cruthaioch a shaolú. Nílim a rá gur i lámha na hacadúlachta atá todchai na drámaiochta, ach táim a rá gur féidir léi dlús a chuir leis an obair.

2 - Ceird is ea an aisteoireacht, chomh maith agus tá sé de dhualgas ar an aisteoir beocht a chur i ndráma an údair. Tá sé tábhachtach aisteoiri a bhfuil sé nádurtha acu an Ghaeilge a úsáid mar mheán cumarsáide eatarthu féin, a bheith páirteach i ndrámaiocht na Gaeilge. Chomh maith leis sin, tá gá le haisteoiri proifisiúnta lánaimseartha. I lathair na huaire tá grúpaí amaitéaracha ar fud na tire, mar shampla, Aisteoiri Bhréanainn, Corca Dhuibhne; Aisteoiri Aon Dráma, Beal Féirste; Aisteoiri Ráth Cairn; Meitheal, Baile Átha Cliath; Compántas Chorcaí; Aisteoiri Bulfin, Baile Átha Cliath agus aisteoiri Ollscoile ar fud na tire. Tá grúpa aisteoiri darbh ainm Deilt a fhaigheann cúnamh airgid ó Bhord na Gaeilge agus rúnai acu a oibrionn ó oifig Bhord na Gaeilge. Tá ionad ceardlainne acu agus tá baint ag Ray Yeates agus Nuala Ni Dhomhnaill leo. Is iontach an obair atá a dhéanamh acu seo go léir ach tá sé deacair post lánaimseartha a chomhlionadh i rith an lae agus cleachtaithe a dhéanamh san oiche. Bhi seans ag an Damer

dul i dtreo na gairmiúlachta ag túis na seascaidi ach níor
ghlac siad an chéim dhéireanach sin agus theip air de
bharr.

Tá na haisteoiri le fáil in Éirinn. Go dtí
seo ba léiriú ar a n-ábaltacht agus ar a ndáirieacht
faoin drámaiocht, go ndeachaigh cuid acu le haisteoireacht
ghairmiúil an Bhéarla agus glacadh leo ann. Daoine mar Brid
Ni Loinsigh, Cyril Cusack, Siobhán Nic Cionnaith, Aine
Nic Ghiolla Bhride, Bhaitéar ó Maicín, Máire Nic
Shiubhlaigh, Mick Lally agus go leor eile. Tá borrhadh agus
fás ag teacht ar na haisteoiri Gaeilge ar fud na tire,
tá sé le feiceáil ag na féilte drámaiochta, sna
scoileanna agus sna hollscoileanna. Ach caithfear
léiriucháin leanúnacha ar ard chaighdeán a chothú agus
ní dóigh liom gur féidir é seo a dhéanamh gan
aisteoiri agus léiritheoirí a bheith ag obair i nGaeilge
go lánaimseartha.

3 - Is cuma cé chomh héifeachtach is atá an
dráma nó na haisteoiri tá an dráma féin ag brath ar
léiritheoir ábalta chun a shaothar a chur i gcion ar an
dráma, na haisteoiri agus an lucht féachana. Chruthaigh
an *Damer*, aris cé chomh tábhachtach is a bhí sé duine
mar Prionnsias Mac Diarmada a fhostú go lánaimseartha. Tá
oideachas i nGaeilge de dhíth ar léiritheoirí na linne
seo, chun drámai a léiriú ar fónamh. Gineadh
drámaiocht na Gaeilge faoi scáil na drámaiocht i
mBéarla ach scar siad óna chéile sna triochaidi. Ni

mBéarla ach scar siad óna chéile sna triochaidí. Ní oireann réadaiocht agus sean-nós na *Mainistreach* do stil na drámaiochta Gaeilge, ní ionann an dá ghluaiseacht. Stíl nua drámaiochta ar fad atá de dhith agus tá léiritheoiri nua oilte de dhith chun an stil seo a chur i bhfeidhm.

4 – An sean cheist aris; an bhfuil pobal do dhrámai Gaeilge amháin le fáil sa tir seo? Ceapaim féin gur chruthaigh an *Damer* sna seascaidi go raibh pobal ann do *Amharclann Ghaeilge* ina mbeadh idir dhrámaiocht agus cheol ar bun agus iad ar chaighdeán proifisiúnta. Má bhíonn leanúnachas le fáil ag an lucht éisteachta agus éileamh acu ar dhrámai, scriobhfar na drámai dóibh de réir a chéile. Gnó ioltaobhach is ea gnó amharclainne agus caithfear tabhairt faoi gach gné de chun dul chun cinn ar bith a dhéanamh.

5 – Ní féidir dráma a léiriú, mar is ceart, gan stáitse, gan soilse, gan feisteas stáitse. Tá na nithe seo chomh tábhachtach leis na haisteoíri féin, geall leis. Deireann daoine airithe go bhfuil stáitse ag an dráma Gaeilge, in *Amharclann na Mainistreach*, san *Phéacóig*, sa *Gheata* agus mar sin de. Ach níor cheart eagraiocht amháin a bheith ag brath ar eagraiocht eile, dar liom. Caithfidh sí a bheith neamhspléach agus scartha amach ó scáil an Bhéarla agus ó thionchar na hAmharclainne atá ann cheana féin. Caithfear cead a chinn a thabhairt di gan de cheangal uirthi ach an drámaiocht

Ghaeilge.

Tá súil agam gur chruthaigh mé san tráchtas seo gur féidir cás láidir a dhéanamh ar son drámaiocht na Gaeilge. Tá a fhios agam go bhfuil airgead de dhith chun Amharclann agus compántas a bhunú, ach caithfear na heilimintí go léir agus an traidisiún a thabhairt le chéile agus ansin, tiocfaidh an t-airgead in am tráthá.

FO-NÓTAÍ

Caibidil 1

1)	Ó Lochlainn. (1964)	lch. 9
2)	Nicoll.	lch. 110
3)	Robinson.	lch. 19
4)	Apud. Malone.	lch. 24
5)	Nicoll.	lch. 340
6)	Malone.	lch. 12
7)	Krause. (Ed)	lch. 9
8)	<u>ibid</u>	lch. 9
9)	<u>ibid</u>	lch. 13
10)	Mac Piarais. (May 1899)	lch. 3
11)	Kiberd.	lch. 6
12)	Fallis.	lch. 54
13)	Kiberd.	lch. 12
14)	Robinson.	lch. 1
15)	<u>ibid</u>	lch. 8
16)	Fallis.	lch. 91
17)	Robinson.	lch. 24
18)	<u>ibid</u>	lch. 22
19)	<u>ibid</u>	lch. 22

Caibidil 2

1)	Ó Súilleabáin (Sahhradh 1971)	lch. 1
2)	Ó Cearbhaill.	lch. 5/6
3)	Ó Laoghaire.	lch. 21
4)	Ó Seaghdha.	lch. 30
5)	De hÍde (Hyde) (1934)	lch. 16
6)	<u>ibid</u>	lch. 13
7)	<u>ibid</u>	lch. 23
8)	Mac Liammóir (1950)	lch. 11
9)	<u>ibid</u>	lch. 11
10)	<u>ibid</u>	lch. 11
11)	Fay. F (1970)	lch. 57
12)	Ó Súilleabáin (Samhradh 1971)	lch. 2
13)	<u>ibid</u>	lch. 2
14)	<u>ibid</u>	lch. 2
15)	<u>ibid</u>	lch. 2
16)	<u>ibid</u>	lch. 2
17)	<u>ibid</u>	lch. 3
18)	<u>ibid</u>	lch. 5
19)	<u>ibid</u>	lch. 5
20)	<u>ibid</u>	lch. 2
21)	<u>ibid</u>	lch. 5
22)	<u>ibid</u>	lch. 3
23)	<u>ibid</u>	lch. 4
24)	<u>ibid</u>	lch. 4
25)	<u>ibid</u>	lch. 4

26)	Nic Shiubhlaigh.	lch. 11
27)	Fay. F	lch. 7
28)	<u>ibid</u>	lch. 56
29)	Robinson	lch. 31
30)	Nic Shiubhlaigh.	lch. 22
31)	Robinson.	lch. 33
32)	Nic Shiubhlaigh.	lch. 39
33)	Robinson.	lch. 45
34)	<u>An Claidheamh Solais</u> 26 Aibreán 1913	
35)	Ua Túathail (Samhain 1913)	lch. 5
36)	<u>An Claidheamh Solais</u> 5 Meitheamh 1915	
37)	<u>An Claidheamh Solais</u> 22 Bealtaine 1915	
38)	Ó Súilleabháin (1984)	lch. 79

Caibidil 3

1)	Robinson	lch. 120
2)	<u>ibid</u>	lch. 120
3)	Ó Droighneáin	lch. 105
4)	Ó Suilleabháin (Earrach 1972)	lch. 18
5)	<u>ibid</u>	lch. 19
6)	<u>ibid</u>	lch. 20
7)	Nic Eoin,	lch. 29
8)	<u>ibid</u>	lch. 30
9)	Ó Suilleabháin (Samhradh 1972)	lch. 2
10)	<u>ibid</u>	lch. 2
11)	Fay. G (1958)	lch. 147
12)	Hunt (1979)	lgh. 15-6
13)	Robinson	lch. 123
14)	<u>ibid</u>	lch. 124
15)	<u>ibid</u>	lgh. 125-6
16)	Kavanagh	lch. 126
17)	<u>ibid</u>	lch. 132
18)	Robinson	lch. 122
19)	<u>ibid</u>	lch. 127
20)	<u>ibid</u>	lch. 150
21)	Fay. G (1958)	lch. 115
22)	Ó Lochlainn (lch. 23
23)	<u>ibid</u>	lch. 33
24)	Ó Suilleabháin (Samhradh 1972)	lch. 4
25)	Mac Liammóir (Clár don chéad léiriú do	

Diarmaid agus Gráinne.

Fuair mé seo ó Sheán

Stafford.) lch. 25

- 26) ibid lch. 25
- 27) Léirmheas The Connaught Sentinel
28ú Lúnasa 1928 lch. 12
- 28) ibid lch. 13
- 29) op.cit. 25
- 30) op.cit. 27
- 31) ibid lch. 13
- 32) ibid lch. 13
- 33) op.cit. 25 lch. 26

Caibidil 4

1)	Fay. F (1970)	lch. 84
2)	Ó Baoighill. (1955)	lch. 15
3)	Ó Súilleabhadh (Samhradh 1972)	lch. 4
4)	Ó Lochlainn (Eanair 1966)	lch. 17
5)	<u>ibid</u>	lch. 18
6)	D'inis Áine Nic Ghiolla Bhride seo dom nuair a bhí mé ag comhrá léi	
7)	Mac Réamoinn (Samhain 1954)	lch. 22
8)	Ó Lochlainn (1964)	lch. 54
9)	Ó Súilleabhadh (Samhradh 1972)	lch. 9
10)	Hunt (1979)	lch. 168
11)	<u>ibid</u>	lch. 168
12)	Ó Súilleabhadh (Samhradh 1972)	lch. 11
13)	Ó Súilleabhadh (1986)	lch. 10
14)	<u>ibid</u>	lch. 12
15)	<u>ibid</u>	lch. 11
16)	<u>ibid</u>	lch. 11
17)	Hunt (1979)	lch. 163
18)	Robinson.	lch. 153
19)	Hunt (1979)	lch. 165
20)	<u>ibid</u>	lch. 169
21)	<u>ibid</u>	lch. 174
22)	<u>ibid</u>	lch. 184
23)	Robinson.	lch. 183
24)	<u>ibid</u>	lch. 183

Caibidil 5

- | | | |
|-----|---|-----------|
| 1) | Léirmheas i <u>gComhar</u> Márta 1951 | lgh. 12-3 |
| 2) | Tuathail (Meitheamh 1967) | lch. 14 |
| 3) | <u>ibid</u> | lch. 14 |
| 4) | <u>ibid</u> | lch. 16 |
| 5) | <u>ibid</u> | lch. 16 |
| 6) | <u>ibid</u> (Meán Fómahr 1967) | lch. 10 |
| 7) | <u>ibid</u> | lch. 11 |
| 8) | <u>ibid</u> | lch. 10 |
| 9) | <u>ibid</u> | lch. 13 |
| 10) | Ó Gaora (Deireadh Fómhair 1963) | lch. 4 |
| 11) | Léirmheas <u>The Irish Times</u>

11 Deireadh Fómhair

1963. "The Damer - A special
position" | lch. 6 |
| 12) | Tuarascáil an Rúnai, An

Chomhairle Náisiúnta

Drámaíochta, Chrinniú Cinn

Bliana 24 Meán Fómhair 1966 | lch. 2 |
| 13) | <u>ibid</u> | lgh. 3-4 |
| 14) | Clár na Féile Náisiúnta Drámaíochta.

An Chomhairle Náisiúnta Drámaíochta/

Oireachtas 26ú - 29ú Aibreán 1967 | lch 2 |
| 15) | An Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta

Bunreacht | lch. 1 |
| 16) | Ó Lochlainn (Eanair 1966) | lch. 23 |
| 17) | Mac Anna (Eanair 1960) | lch. 13 |

18)	Léirmheas	<u>The Derry People</u>	
		Eanair 1962	lch. 5
19)	Ó Murchú	(1967)	lch. 31
20)	Hunt	(1979)	lch. 199
21	<u>ibid</u>		lch. 221

LEABHARLOSTA

Bently, E. The Life of the Drama
 Atheneum
 New York 1965.

" Theory of Modern Stage
 Penguin
 Harmóndsworth 1968.

Boyd, E. The Contemporary Drama of
 Ireland
 Talbot Press
 Dublin 1968.

" Irelands Literary
 Renaissance
 Allen Figgins
 Dublin 1968.

Corkery, D. The fortunes of the Irish
 Language
 Mercier Press
 Cork 1954.

Edwards, R.D. The Great Famine
 Russell and Russell
 New York 1976.

Ellis-Fermor, U The Irish Dramatic

- Movement
Methuen
London 1939.
- Fallis, R. The Irish Renaissance
 Gill and Macmillan
 New York 1977.
- Fay, F.J. Towards a National
 Theatre
 Dolmen Press
 Dublin 1970.
- Fay, G. The Abbey Theatre/Cradle
 of Genius
 Hollis and Carter
 London 1958.
- Flower, R. The Irish Tradition
 Clarendon Press
 London 1947.
- Gailey, A. Irish Folk Drama
 Mercier Press
 Dublin 1969.
- Hartwell, P. A Concise History of the
 Theatre
 Thames and Hudson

London 1968.

Hogan, R.

After the Irish

Renaissance

Macmillan

London 1968.

Hogan, R & Kilroy, J.

Laying the foundations.

1902 - 1904

The Dolmen Press

Dublin 1976.

Hunt, H.

The Abbey - Irelands

National Theatre, 1904 - 1978

Gill and Macmillan

Dublin 1979.

"

Seán O' Casey

Gill and Macmillan

Dublin 1980.

Hyde, D (De hÍde)

The Story of Early Gaelic

Literature

T.F. Unwin

London 1895.

"

A Literary History of

Ireland

T.F. Unwin

London 1899.

"
Mise agus an Conradh
Oifig Dhiolta
Foilseacháin Rialtais
Baile Átha Cliath 1937.

Kavanagh, P.
The Story of the Abbey
Theatre
University of Maine
Orono 1984.

Kiberd, D.
Synge and the Irish
Language
Macmillan
London 1979.

Krause, D. (Ed.)
The Dolmen Boucicaolt
Dolmen Press
Dublin 1964.

Luke, P.
Enter Certain Players.
Edwards/Mac Liammóir &
the Gate 1928 - 1978
Dolmen Press
Dublin 1978.

Mc Cann, S. (Ed.)
The World of Sean O'Casey
New English Library

London 1967.

" The Story of the Abbey

Theatre

New English Library

London 1967.

Mac Liammóir, M.

Theatre in Ireland

Published for Relations

Committee Ireland by

Colm O' Lochlainn

Dublin 1950.

" Aisteoirí faoi Dhá

Sholas

Dialann Mheánmhara

Sairséal agus Dill

Baile Átha Cliath 1956.

" Each Actor on his Ass

Routledge & Keegan Paul

London 1961.

Malone, A.E.

The Irish Drama

Constable

London 1929.

Mercier, V.

Irish Comic Tradition

Oxford University Press

Oxford 1962.

Mikhail, E.H. (Ed.)

The Abbey Theatre -

Interviews and Recollections

Macmillan Press

Dublin 1988.

Nic Eoin, M.

An Litríocht

Reisíúnach

An Clóchamhar Tta.

Baile Atha Cliath 1982.

Nic Shiubhlaigh, M. &

Kenny, E.

The Splendid Years

James Duffy & Co. Ltd.

Dublin 1955

Ní Mhuiriosa, M.

Réamhchonaitheoirí

Clódhanna Teo.

Baile Atha Cliath 1968.

Nicoll, A.

British Drama

G.S. Harrap & Co. Ltd.

London 1932.

O Doibhlín, B.

Aistí Critice agus

Cultúir

F.N.T.

Baile Atha Cliath 1974.

- Ó Droighnéain, M. Taighde i gcombair Stair
Litridheachta na Nua-
Ghaeilge ó 1882 anuas
 Oifig an tSólathair
 Baile Átha Cliath 1936.
- Ó Glaisne, R. Ceannródaithe
 F.N.T.
 Baile Átha Cliath 1974.
- Ó Lochlainn, G Kalain na hAmharclainne
 Baile Átha Cliath 1964.
- " Radió na Gaeltachta
 Cló Chois Fharraige
 Gaillimh 1982.
- Ó Súilleabháin, D. An Piarsach agus Conradh
na Gaeilge
An Clóchamhar Tta.
 Baile Átha Cliath 1981.
- " Scéal an Oireachtais.
1897 - 1924
 An Clóchamhar Tta.
 Baile Átha Cliath 1984.

"
An Cumann

Scoildrámaiochta, 1934 - 1984

An Clóchamhar Tta.

Baile Átha Cliath 1986.

Ó Súilleabháin, P.

Lámh Leabhair Drámai

Brún & O Nualláin Teor

Baile Átha Cliath 1938.

Robinson, L.

Irelands Abbey Theatre

Sidgwick & Jackson Ltd.

London 1951.

Thuente, M.

W.B. Yeats and Irish

Folklore

Gill and Macmillan

Dublin 1980.

Drámai

Béaslai, P.

Fear an Sgéilin Grinn

(Dráma Grinn)

An Comhar Drámuiochta

Baile Átha Cliath 1926.

"

An Danar

(Dráma trí mhír)

Muintir O Fallamhain i

gcomhar le hOifig an tSóláthar

Baile Átha Cliath 1929.

"

An Sgaothaire agus cúig

drámai eile

Muintir O Fallamhain i

gcomhar le hOifig an tSoláthar

Baile Átha Cliath 1929.

"

An Bhean Chróidha

(Dráma ceithre mhír)

Oifig Díolta

Foilseacháin Rialtais

Baile Átha Cliath 1931.

"

Cúigeachas

Oifig Díolta

Foilseacháin Rialtais

Baile Átha Cliath 1936.

"
Blúire Páipéir

(Dráma Grinn tri
mhír)

Oifig Diolta

Foilseacháin Rialtais
Baile Átha Cliath 1937.

"
An Fear Fograidheachta

(Fársa tri mhír)

Oifig an tSoláthair
Baile Átha Cliath 1938.

De Bhilmot, S.

Bantighearna an Ghorta

Oifig an tSoláthar

Baile Átha Cliath 1938.

"
Déamar agus a Bhean

Oifig an tSoláthar

Baile Átha Cliath 1952

Gregory, Lady A.

Dúbhaint sé Dabhairt Sé

Oifig an tSoláthar

Baile Átha Cliath 1931.

Hyde, D. (De hIdé)

Casadh an tSúgáin

Oifig Diolta

Foilseacháin Rialtais
Baile Átha Cliath 1934.

"
An Cleamhnas

Oifig Diolta

Foilseacháin Rialtais

Baile Átha Cliath 1936.

Mac Amhalghaidh, T.

Máire Ní Kidhin

(Dráma greannmhar)

M.H. Gill

Baile Átha Cliath 1905.

Mac Giolla Bhríde, E.

Aimsir an Mhairtinigh

Baile Átha Cliath 1948

"
An Fealltóir

Baile Átha Cliath 1948.

Mac Liammóir, M.

Diarmaid agus Gráinne

(Dráma tri ghniomh)

Oifig Diolta

Foilseacháin Rialtais

Baile Átha Cliath 1935.

"
The Importance of being

Oscar

Dolmen Press

Dublin 1978.

Ní Ghráda, M.

Abracadabra



Oifig Diolta
Foilseacháin Rialtais
Baile Átha Cliath 1962.

"
Alaidín
Oifig an tSoláthar
Baile Átha Cliath 1966.

"
Stailc Ocrais
Oifig an tSoláthar
Baile Átha Cliath 1966.

"
Súgán Sneachta
Oifig an tSoláthar
Baile Átha Cliath 1970.

"
Úll Glas Oíche Shamhna
Oifig an tSoláthar
Baile Átha Cliath 1971.

"
An Triaill/Breithiúnas
Oifig an tSoláthar
Baile Átha Cliath 1978.

Ní Shuilleabháin, S.

Citi

Sairséal, 6 Marcaigh
Baile Átha Cliath 1981

Ó hAodha, T.

Seaghan na Scuab

Conradh na Gaeilge
Baile Átha Cliath 1904.

"
Seabhad na Ceathramhan
Caoille
Conradh na Gaeilge
Baile Átha Cliath 1906.

Ó Beirn, S.
An Dochtúir
Conradh na Gaeilge
Baile Átha Cliath 1904.

O' Casey, S.
Juno and the Paycock
The Shadow of a Gunman
The Plough and the Stars
Macmillan
London 1935.

Ó Cearbhaill, An tAth S.
Irisleabhar na Gaeilge
"Na hAmharcha Cleasacha"
Samhain 1882.

Ó Duinnin, An tAth.P.
Gírle Guairle
M.H Gill & a mhac Teo.
Baile Átha Cliath 1904.

"
An Tobar Draoidheachta
Conradh na Gaeilge
Baile Átha Cliath 1904.

Ó Duirinne, S.

Ar son Baile agus Tíre

Muintir Faellamhain Teo.

Baile Átha Cliath 1905.

Ó Floinn, C.

Kiri Anach na Casca 1916

Sáirséal agus Dill

Baile Átha Cliath 1967.

"

Cóta Bán Chriost

Sáirséal agus Dill

Baile Átha Cliath 1968.

"

Ealú as Cill

Mhaighnéáin

Oifig an tSólathar

Baile Átha Cliath 1968.

"

Is é dúirt Polonius

Oifig an tSoláthar

Baile Átha Cliath 1973.

"

Mise Raifteiri an File

Sáirséal agus Dill

Baile Átha Cliath 1974.

"

Cluichi Cleamhnais

F.N.T.

Baile Átha Cliath 1978.

Ó Laoghaire, An tAth. P.

Tadhg Saor

Irish Book Co.

Baile Átha Cliath 1900

"

Bás Dhalláin

Conradh na Gaeilge

Baile Átha Cliath 1901.

"

An Bealach Buidhe

Conradh na Gaeilge

Baile Átha Cliath 1906.

Ó Lochlainn, G.

Ag an Ládhrán

Baile Átha Cliath 1946.

"

An tEirighe Amach

Baile Átha Cliath 1952.

"

Bean na Mhilliúnai

Baile Átha Cliath 1946.

Ó Séaghdha, P.

Aodh Ua Neil

Conradh na Gaeilge

Baile Átha Cliath 1902.

Ó Tuairisc, E.

Lá Fhéile Mhíchil

Clódhanna Teo.

Baile Átha Cliath 1967.

"
Fornocht Do Chonac

Foilseacháin an Rialtais
Baile Átha Cliath 1981.

"
Cúirt na Gealai

An Gúm
Baile Átha Cliath 1988.

O Tuama, S.

Gunna Cam agus Slabhra

Óir

Sáirséal agus Dill
Baile Átha Cliath 1964.

"
Molonev

An Clóchomar Tta.
Baile Átha Cliath 1966.

Partridge, F.

An tAthrughadh Mór

M.H.Gill & Son's Ltd.
Baile Átha Cliath 1906

Saidléar, A.

An Draoi Daireannach

Oifig an tSoláthair
Baile Átha Cliath 1967.

Synge, J.M.

Deirdre of the Sorrows

Maunsel

Dublin 1912

"

Riders to the Sea

Dolmen Press

Dublin 1969.

"

Playboy of the Western

World

Educational Co.

Dublin 1970.

"

Uaigneas an Ghleanna/Chun

na Farraige sios

Sáirséal agus Dill

Baile Átha Cliath 1972.

Yeats, W.B.

The Countess Cathleen

T.F. Fisher Unwin Ltd.

London 1912.

"

Nine One Act Plays

Macmillan

London 1937.

Altanna

- Gailey, A. "The Folk Play in
Ireland"
Studia Hibernica 1966.
- Gwynn, A. "Origins of Anglo-Irish
Theatre"
Studies June 1939.
- Hayes-Mc Coy, F. "Ar dTraidisiún
Drámaíochta"
Comhar Meán Fómhar
1978.
- Mac Anna, T. "Gairm na Drámaíochta i
nGaeilge"
Comhar Deireadh Fómhair
1977.
- Mac Cárthaigh, M. "Drámaíocht na Gaeilge"
Agus Deireadh Fómhair
1963.
- Mac Con Ultaigh, D. "Micheál Mac Liammóir -
Fathach na hAmharclainne"
Comhar Aibreán 1978.
- Mac Dubháin, A. "Cleamhnaí ar an Ardán"

Comhar Aibreán 1978.

- Mac Giolla Phádraig, B. "Bunaitheoirí an Chonartha"
Féasta Márta 1956.
- Mc Hugh, R. "Drama in Ireland today"
Iris Hibernia 1960.
- Mac Piarais, P. An Claidheamh Solais
20 May 1899.
- Mac Réamoinn, S. "Bunaitear Club Drámaiochta"
Comhar Samhain 1954.
- Ní Bhrolcháin, M. "Antoine Ó Flatharta mar Drámadóir Ghaeltachta"
LCC 1988.
- Ní Dhrisceoil, A. "Féilte Drámaiochta"
Comhar Deireadh Fómhair
1977.
- Ó Baoighill, P. "Aisteoirí Ghaoth Dobhair"
Comhar Samhain 1955.

- Ó Briain, C. "Drámaiocht na
Gaeilge"
Comhar Deireadh Fómhair
1977.
- O' Carroll, M. "Drama in the New Age"
Iris Hibernica 1960.
- Ó Coigligh, L. "Drámaiocht"
Comhar Nollaig 1971
- Ó Dúshláine, T. "Drámadóir gan
traidisiún"
IMN 1971.
- Ó Gaora, P. "An Damer"
Ardán Deireadh Fómhair
1963.
- Ó Lochlainn, G. "Dion Boucicollt"
Féasta Nollaig 1965.
- " " "Aisteoirí Ghaoth
Dobhair"
Féasta Eanair 1966.
- " " "Ealaín na
hAmharclainne"
Féasta Lúnasa 1964.

- Ó Marcaigh, F. "An Damer - Bás nō
Beatha"
Comhar Nollaig 1981.
- Ó Muiri, D. "Drámai Chriostóra
Ui Fhloinn"
LCC 1979.
- Ó Muirithe, D. "Cleamaireacht"
Comhar Deireadh Fómhair
1977.
- Ó Murchú, M. "Glór Ghaoth Dobhair"
Gaoth Dobhair 1967.
- Ó Siocfhradha, P. "Drámaiocht na
Gaeilge"
IMN 1960.
- Ó Súilleabáin, D. "Tús agus fás na
Drámaiochta i nGaeilge"
Ardán Samhradh 1971,
Earrach, Samhradh 1972
(Iris Chomhairle
Náisiúnta Drámaiochta).
- Ó Tuairisc, E. "An Aghaidh Fidil sa
Dráma"

Inniu 15 Samhain 1974.

"Traidisiún Liteartha
na Gaeilge is an Bhéarla"
Inniu 6 Meán Fómhair
1974.

"Oiliúnt Dhrámadóir"
Comhar Deireadh Fómhair
1977.

Tuathail, L.S. "An Critic sa Damer"
Comhar Meitheamh/Meán
Fómhair 1967.

Ua Tuathail, E. "Drámanná Dúinn féin"
An Claidheamh Solais
29 Samhain 1913.

